



Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2015 - 2019

Ba chóir aon cheist maidir leis an lámhleabhar seo a chur ar aghaidh chuig an seoladh thíos.

An Rannóg um Rialachas Scoileanna
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Cor na Madadh
Baile Átha Luain
Co. na hIarmhí
Eircode: N37X659

R-phost: schoolgovernance@education.gov.ie

Meán Fómhair 2015

Clár

Brollach	4
Réamhfhocal agus foramharc ar ról an Bhoird Bainistíochta	5
Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2015 - 2019.....	12
1. Ginearálta	12
2. Sainmhínithe	13
3. Comhdhéanamh na mBord Bainistíochta	15
4. An nós imeachta le haghaidh toghadh agus ainmniú comhaltaí Bord Bainistíochta	18
5. An staid i gcás ina loiceadh baill bhreise ón bpobal a ainmniú de réir Aguisín C.....	19
6. Neamh-incháilitheacht	20
7. Téarma oifige, lánscore an Bhoird/cur as oifig na gcomhaltaí, scor den chomhaltas.....	20
8. Rúndacht	23
9. Cumarsáid/trédhearcacht an Bhoird.....	23
10. An Cathaoirleach	24
11. An Rúnaí.....	25
12. An Cisteoir	25
13. An Nós Imeachta ag cruinnithe an Bhoird	27
14. Freagrachtaí an Bhoird maidir leis an bPátrún, na hlontaobhaithe agus an Roinn	29
15. Nochtadh leasa/iomláine imeachtaí an Bhoird.....	29
16. Comhfhreagras	30
17. Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003.....	31

18.	Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise	31
19.	Rochtain ar an scoil.....	31
20.	Úsáid as áitreabh na scoile.....	32
21.	Airgeadas	32
22.	Nósanna imeachta maidir le Múinteoirí/Príomhoidí/Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRSanna) a cheapadh	36
23.	Ceapachán gach fostaí de chuid an Bhoird Bhainistíochta.....	37
24.	Foirm um athrú foirne	37
25.	Córas Éilimh Ar Líne (CEAL)	38
26.	Treoirínte Sláinte agus Sábháilteachta.....	38
27.	Soláthar Earraí agus Seirbhísí.....	39
28.	An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014.....	39
29.	Clárú gach scoile leis an Údarás Rialála Carthanais	40
30.	Bainistíocht Fuinnimh sna Scoileanna	40
Aguisín A - Nós imeachta maidir le duine a ainmniú/a thoghadh a ainmneofar don Phátrún lena cheapadh mar ainmnitheach na múinteoirí		42
Aguisín B - Nósanna imeachta maidir le tuismitheoir(i) a ainmniú/a thoghadh lena gcheapadh ag an bPátrún mar ainmnitheach/ainmnithigh na dtuismitheoirí ar an mBord.....		43
Aguisín C - Nós imeachta maidir le beirt as an bpobal a roghnú lena gcheapadh chun an Bhoird.....		48
Aguisín D - Nósanna Imeachta maidir le Múinteoirí i mBunscoileanna Aitheanta a Earcú agus a Cheapadh		51
Aguisín E – Nósanna Imeachta maidir le Príomhoidí i mBunscoileanna Aitheanta a Earcú agus a Cheapadh		64
Aguisín F - Dearbhú an Phátrúin		73
Aguisín G - Dearbhú Glactha Comhaltais ar Bhord Bainistíochta Scoile		74
Aguisín H - Nósanna Imeachta maidir le Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRSanna) i mBunscoileanna Aitheanta a Earcú agus a Cheapadh		75

Sna 40 bliain ó cuireadh Boird Bhainistíochta i bhfeidhm inár mbunscoileanna, tá na mílte saorálai tar éis a gcion a dhéanamh, mar dhaoine aonair agus i gcomhar lena chéile, chun bainistíocht agus oibriú na scoileanna seo againne a fheabhsú. Agus muid ag druidim leis an athrú chuig Boird nua ón 1 Nollaig 2015, tá áthas orm go bhfuil an traidisiún láidir seo de shaorálachas agus de spiorad an tsaoránaigh chomh mór i réim agus a bhí riamh i mbainistíocht ár scoileanna.

Is eol dúinn go léir gurb é príomhchuspóir gach Boird Bhainistíochta a chinntiú go ndéantar an scoil a bhainistiú ar shlí a chuireann an t-oideachas is fearr is féidir ar fáil do na daltaí uile. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, creidim go gcaithfidh tuiscint shoiléir a bheith ag Boird ar a ról rialachais agus ar na freagrachtaí atá orthu agus a bheith láneolach ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh dea-chumarsáid ann idir an scoil agus pobal na scoile, go háirithe leis na tuismitheoirí.

Tá áthas orm go bhfuil foramharc cabhrach sa lámhleabhar rialachais seo ar ról an Bhoird, maraon le cur síos ar na rialacha éagsúla maidir le comhdhéanamh agus oibriú na mBord. Molaim do gach Bord nua leas a bhaint as an bhforamharc seo mar chreat chun breithniú a dhéanamh ar an ról agus ar na freagrachtaí atá orthu, chun na príomhghníomhaíochtaí agus na tosaíochtaí a ndíreofar orthu a aithint agus, ar deireadh, chun a bpríomhchuspóir a bhaint amach.

Den chéad uair riamh, leagtar amach sa lámhleabhar seo meicníocht trínar féidir le dhá scoil teacht le chéile chun dáréag comhaltaí a thoghadh chun fónamh mar bhoird bhainistíochta don dá scoil. O Cé go mbeidh ar bhoird den sórt sin cuntais agus miontuairiscí ar leithligh a choimeád, agus cruinnithe ar leithligh a bheith acu (ar féidir iad a thionól ceann i ndiaidh a chéile), seo í an chéad uair go bhfuil foráil sna rialacha seo do scoileanna le socrú comhrialachais a oibriú ar bhonn píolótach. Déanfaimid socrú d'athbhreithniú leanúnach ar an scéim píolótach sin leis na páirtithe leasmhara ábhartha agus b'fhéidir go mbeidh athruithe ann sna blianta romhainn sa chaoi is gur féidir an comhrialachas a neadú mar ghné de chóras na scoileanna.

Is gá oiliúint chuí a chur ar chomhaltaí Boird chun go mbeidh ar a gcumas an scoil atá faoina gcúram a bhainistiú go rathúil. Táim buíoch de na comhlachtaí éagsúla bainistíochta as an méid a dhéanann siad chun oiliúint, comhairle agus treoir a chur ar fáil do na Boird Bhainistíochta agus molaim go láidir do na Boird Bhainistíochta nua gach leas a bhaint as deiseanna oiliúna a chuirtear ar fáil dóibh. Tá áthas orm, freisin, go mbeidh mo Roinnse ag tacú le fócas níos mó ar úsáid a bhaint as oiliúint ar líne le gur féidir modúil oiliúna a chur ar fáil do gach comhalta Boird.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis na comhpháirtithe oideachais uile as an ionchur dearfach a chuir siad ar fáil le go bhféadfaí an lámhleabhar seo a thabhairt chun dáta le haghaidh na mBord nua.

Mar chríoch, aithním agus gabhaim buíochas as an tiomantas agus as an méid a dhéanann comhaltaí na mBord nua agus guím rath ar na comhaltaí Boird uile sa ról fiorthábhachtach seo .

Jan O'Sullivan, T.D.,
Aire Oideachais agus Scileanna

Réamhfocal agus foramharc ar ról an Bhoird Bainistíochta

Ar feadh téarma ceithre bliana a cheaptar Bord Bainistíochta bunscoile. Is é téarma oifige na mBord Bainistíochta nua ón 1 Nollaig 2015 go dtí an 30 Samhain 2019.

Bainistíonn an Bord an scoil thar ceann an Phátrúin agus tá sé cuntasach don Phátrún agus don Aire. Is é an Príomhoide atá freagrach as bainistíocht na scoile ó lá go lá, lena n-áirítear na múinteoirí agus an fhoireann eile a threorú agus a stiúradh, agus tá sí/sé cuntasach don Bhord as an mbainistíocht sin.

Ceanglaítear ar gach Bord Bainistíochta bunscoile a théann i mbun oifige ón 1 Nollaig 2015 ar aghaidh cloí le forálacha *Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2015 - 2019*. Admhaítear go mbíonn ag na Boird is éifeachtaí freisin tuiscint shoiléir ar a ról agus ar a bhfreagrachtaí agus go bhféachann siad chuige go gcomhlíontar iad sin. Is féidir le hoiliúint do bhaill na mBord a bheith an-tábhachtach sa mhéid sin. Mar sin moltar go láidir do bhaill na mBord leas a bhaint as an oiliúint a chuirtear ar fáil, lena n-áirítear oiliúint a chuireann na Comhlachtaí Bainistíochta ar fáil.

Ní mór don Bhord cur chuige dírithe ar an leanbh a ghlacadh ina chuid oibre ar fad. Caithfidh sé aird a bheith aige freisin ar leas éifeachtúil a bhaint as acmhainní (go háirithe na deontais a chuireann an Stát ar fáil), ar leas an phobail i ngnóthaí na scoile agus ar chuntasacht do scoláirí, dá dtuismitheoirí agus don phobal. Ina theannta sin, caithfidh an Bord spiorad sainiúil (éiteas) na scoile a chosaint agus a bheith cuntasach don Phátrún as sin a dhéanamh.

Tá sé tábhachtach ón tús go scrúdódh an Bord go cúramach an ról atá aige agus na freagrachtaí atá air agus go n-aithneodh sé na príomhghníomhaíochtaí agus na tosaíochtaí a ndíreofar orthu le linn a théarma oifige. Beidh na gníomhaíochtaí agus na tosaíochtaí sin éagsúil ó scoil go scoil ag brath ar chúinsí na scoile.

Mar chabhair do Bhoird nua, seo a leanas gearrchuntas ar chuid de na príomhghníomhaíochtaí ar gnách do Bhoird éifeachtúla tabhairt fúthu:

An Bord agus an Pátrún

Is é dualgas an Bhoird an scoil a bhainistiú thar ceann an Phátrúin. Agus an dualgas seo á chomhlíonadh, ní mór don Bhord dul i gcomhairle leis an bPátrún agus an é/í a choimeád ar an eolas maidir le cinntí agus le tograí an Bhoird. Tá an Bord cuntasach don Phátrún freisin as spiorad sainiúil na scoile a chosaint agus ní mór dó beartas na scoile maidir le hiontráil sa scoil agus rannpháirtíocht sa scoil a fhoilsiú i cibé modh is dóigh leis an bPátrún a bheith cuí. Tá ról ar leith ag Pátrúin maidir le comhaltaí a ainmniú ar bhoird roghnúcháin agallaimh agus ó thaobh ceapacháin a fhaomhadh roimh ré (Gheofar tuilleadh faisnéise in [Aguisíní D, E agus H](#)).

Is den riachtanas, mar sin, socruithe a bheith i bhfeidhm le cinntiú go dtéitear i gcomhairle go cuí leis an bPátrún maidir le gnóthaí an Bhoird agus go gcuireann an Bord aon fhaisnéis is gá d'fheidhmiú ról an Phátrúin ar fáil don Phátrún. Seo samplaí den fhaisnéis is gá a chur ar fáil don Phátrún: an Beartas Iontrála, An Plean Scoile, An Beartas um Chosaint Leanaí; An Cód Iompair/Beartas Frithbhulaíochta, cuntais na scoile srl.

Nóta: In Aibreán 2015 a foilsíodh [an Bille Oideachais \(Ligean Isteach i Scoileanna\)](#). Is é cuspóir an Bhille creat uileghabhálach a chur ar fáil le cinntiú go ndéantar an cinneadh faoi cé go díreach a chláraítear agus cé a ndíoltaítear áit dó nó di ar shlí níos struchtúrtha, níos cothroime agus níos trédhearcaí. Meastar go gcuirfear an Bille faoi bhráid Thithe an

Oireachtais i bhfómhar 2015. Tá sé tábhachtach, mar sin, suíomh gréasáin na Roinne a sheiceáil chun staid reatha an Bhille a fháil amach.

An Bord mar Fhostóir

Faoi Alt 24 den Acht Oideachais, 1998 (arna leasú leis an Acht Oideachais (Leasú), 2012) is é an Bord Bainistíochta fostóir na múinteoirí agus baill foirne eile na scoile. Áirítear ar ról an Bhoird mar fhostóir freagracht as múinteoirí agus foireann eile na scoile a earcú agus a bhriseadh as a bpoist, faoi réir imlitreacha ábhartha na Roinne, na reachtaíochta fostaíochta agus comhaontaithe eanála.

Is é an Roinn Oideachais agus Scileanna a íocfaidh múinteoirí agus foireann eile a mholtar le fostú sa scoil, de réir na líonta agus na leibhéal atá faofa ag an Roinn maidir le foireann den sórt sin. Tá sé de fhreagracht ar an mBord a chinntiú go gceaptar an fhoireann i bpoist de réir nósanna imeachta agus riachtanas na Roinne mar atá leagtha amach in imlitreacha agus i gcomhaontuithe eile idir na ceardchumann agus na Boird Bhainistíochta (féach [Aguisíní D, E agus H](#)).

Déileáiltear le ceisteanna maidir le feidhmíocht agus iompar múinteoirí faoi chomhaontuithe a rinneadh faoi idir Alt 24(3) den Acht Oideachais, 1998. Leagtar amach in [Imlitir 60/2009](#) na nósanna imeachta maidir le saincheisteanna inniúlachta gairmiúla agus gnáthcheisteanna araíonachta.

Tugtar cuntas ar Théarmaí agus ar Choinníollacha reatha na mball foirne múinteoireachta agus na gCúntóirí Riachtanas Speisialta in imlitreacha éagsúla ar shuíomh gréasáin na Roinne. Ba chóir ceisteanna i dtaobh théarmaí agus coinníollacha fostaíochta nó nósanna imeachta ceapacháin i gcás múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRSanna) a sheoladh chuig: teachersna@education.gov.ie

Gheofar faisnéis ghinearálta ar fhreagrachtaí fostóirí ar www.workplacerelations.ie

Beartais Scoile

Is é an Bord atá freagrach go huile agus go hiomlán as beartais scoile. Mar sin, beidh Boird páirteach ó am go chéile i mbeartais dhifriúla scoile a fhorbairt, a chur i ngníomh agus a athbhreithniú, de réir mar is cuí. Ina measc siúd tá an Beartas Iontrála (beartas rollaithe), an Beartas um Chosaint Leanaí, an Cód Iompair/Beartas Frithbhulaíochta, Nósanna Imeachta maidir le Gearáin, an Straitéis Tinrimh Scoile, an Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta agus mar sin de.

Is ar chúinsí na scoile atá i gceist a bhraithfidh sé cibé an gá do Bhord nua aon bheartas scoile ar leith a bhreithniú. Mar sin féin, ní mór do gach Bord a chinntiú go mbíonn na beartais chuí riachtanacha scoile á gcur i ngníomh, faoi mar is gá.

Gheofar faisnéis bhreise ar phríomhréimsí beartais maidir le Cosaint Leanaí agus an Cód Iompair/an Beartas Frithbhulaíochta anseo thíos.

Cosaint Leanaí

Baineann ceisteanna maidir le cosaint leanaí agus leas leanaí le gach gné de shaol na scoile agus ní mór don Bhord a chinntiú go gcuirtear na ceisteanna sin san áireamh i ngach ceann de bheartais, de chleachtais agus de ghníomhaíochtaí na scoile. Ach go háirithe, ní mór don

Bhord a bheith ar an eolas maidir le *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna* (a eisíodh faoi [Imlitir 65/2011](#)) agus a chinntiú go gcuirtear i ngníomh iad go hiomlán ag an scoil. Áirítear air sin a chinntiú:

- go bhfuil Beartas um Chosaint Leanaí daingnithe ag an mBord ar son na scoile,
- go bhfuil cóip de Bheartas um Chosaint Leanaí na scoile, ina bhfuil ainmneacha an Teagmhálaí Ainmnithe agus an Leas-Teagmhálaí Ainmnithe ar fáil do phearsanra uile na scoile agus do Chumann na dTuismitheoirí agus go bhfuil sé ar fáil do na tuismitheoirí go héasca ach é a iarraidh.
- go bhfuil ainm an Teagmhálaí Ainmnithe ar taispeáint in áit fheiceálach gar don phríomhbhealach isteach sa scoil,
- go gcuireann an scoil an Clár Bí Sábháilte i ngníomh go hiomlán,
- go dtuairiscítear cúrsaí cosanta leanaí go cuí don Bhord de réir na nósanna imeachta,
- go ndéanann an Bord athbhreithniú bliantúil ar an mBeartas um Chosaint Leanaí agus ar a chur i ngníomh.

Gheofar [Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna](#) ar shuíomh gréasáin na Roinne www.education.ie

Ina theannta sin, gheofar teimpléad do Bheartas um Chosaint Leanaí ar shuíomh gréasáin na Roinne.

Gheofar [Tús Áite do Leanaí - Treoirlínte Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí](#) ar shuíomh gréasáin na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige www.dcy.gov.ie

Nóta Tábhachtach maidir le reachtaíocht bheartaithe maidir le Tús Áite do Leanaí a bhaineann le scoileanna agus múinteoirí.

Agus an lámhleabhar seo á fhoilsiú, tá riachtanais na Roinne i dtaca le cosaint leanaí leagtha amach sna [Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna](#) agus tá siad bunaithe ar *Thús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí (2011)*.

D'fhoilsigh [Tithe an Oireachtais an Bille 2014](#) um Thús Áite do Leanaí, trína gcuirfear eilimintí de [Thús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí \(2011\)](#) ar bhonn reachtúil, an 14 Aibreán 2014. Agus an lámhleabhar seo á fhoilsiú, tá an Bille rite trí gach céim sa Dáil agus tá sé le teacht faoi bhráid an tSeanaid i bhfómhar 2015. Foráiltear sa Bhille le haghaidh roinnt príomhbheart um chosaint sonraí, mar seo a leanas:

- (a) Ceanglas ar eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí do leanaí leanaí a choimeád sábháilte agus Ráiteas um Chosaint Leanaí a chur ar fáil;
- (b) Ceanglas ar chatagóirí sainithe daoine (ar a dtugtar “daoine sainordaithe”, agus lena n-áirítear gach múinteoir cláráithe) údair imní maidir le cosaint leanaí os cionn tairseach sainithe a thuairisciú don Ghníomhaireacht Leanaí agus Teaghlaigh (an Ghníomhaireacht);
- (c) Ceanglas ar dhaoine sainordaithe cuidiú leis an nGníomhaireacht chun riosca ó thaobh cosaint leanaí ag éirí as tuairisc shainordaithe faoin Acht a mheas, má iarrann an Ghníomhaireacht orthu a leithéid a dhéanamh;
- (d) An Grúpa Idirghníomhaireachta maidir le Tús Áite do Leanaí a chur ar bhonn reachtúil.

Meastar go n-athbhreithneoidh agus go bhfoilseoidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Treoir um Thús Áite do Leanaí de bhun na reachtaíochta thuas agus reachtaíochta eile le déanaí a bhaineann le cosaint leanaí. Spreagfaidh sé sin roinnt athruithe ar na [Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna](#) mar atá sé anois. Rachaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna i gcomhairle, in am trátha, leis na comhpháirtithe cuí oideachais maidir leis seo. Tá sé tábhachtach, mar sin, suíomh gréasáin na Roinne a sheiceáil chun an staid is déanaí maidir lena leithéid a fháil amach.

Cód Iompair/Beartas Frithbhulaíochta

Ní mór don Bhord a chinntiú go gcomhlíonann an scoil a cuid oibleagáidí faoin Acht Oideachais (Leas) 2000 maidir le Cód Iompair, a dréachtaíodh de réir threoirilínite an Bhoird Náisiúnta um Leas Oideachais, a bheith i bhfeidhm.

Ní mór don Bhord a chinntiú, leis, go bhfuil Beartas Frithbhulaíochta ag an scoil a chomhlíonann go hiomlán riachtanais na Roinne sna [Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna](#) a eisíodh faoi [Imlitir 0045/2013](#). Cuirtear teimpléad do bheartas frithbhulaíochta ar fáil in Aguisín 1 de na nósanna imeachta sin, teimpléad nach mór do gach scoil a úsáid agus beartas frithbhulaíochta á cheapadh.

Tá feidhm le [Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna](#) agus [Imlitir 0045/2013](#) a ghabhann leis, maidir le gach bunscoil aitheanta. Ceapadh na nósanna imeachta chun treoir a thabhairt don Bhord agus do phearsanra scoile chun iompar bulaíochta sa scoil a chosc agus dul i ngleic leis. Ceanglaítear ar údaráis scoile agus ar phearsanra scoile cloí leis na nósanna imeachta seo agus iad ag déileáil le líomhaintí bulaíochta agus le teagmhais bhulaíochta.

Ní mór don Bhord a chinntiú go gcuirtear Beartas Frithbhulaíochta na scoile ar fáil do phearsanra na scoile, go bhfoilsítear ar shuíomh gréasáin na scoile é (nó mura bhfuil suíomh gréasáin ag an scoil, go gcuirtear ar fáil é ar shlí éasca eile do thuismitheoirí agus do dhaltaí ar iarratas) agus go gcuirtear ar fáil é do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó).

Áirítear ar na nósanna imeachta, leis, socruithe maoirseachta lena gceanglaítear ar an bPríomhoide tuairisciú uair i ngach téarma scoile ar a laghad don Bhord Bainistíochta maidir le líon na gcásanna bulaíochta a tuairiscíodh leis nó léi agus deimhniú go bhfuiltear ag déileáil le gach cás díobh seo, nó gur déileáladh leo cheana féin, de réir Bheartas Frithbhulaíochta na scoile agus na [Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna](#).

Mar chuid de na socruithe maoirseachta freisin, ní mór don Bhord athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar Bheartas Frithbhulaíochta na scoile agus ar an tslí ina gcuirtear i ngníomh é. Ní mór fógra scríofa gur athbhreithníodh beartas frithbhulaíochta na scoile a chur ar fáil do phearsanra na scoile, a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin na scoile (nó mura bhfuil suíomh ag an scoil, a chur ar fáil ar shlí eile do thuismitheoirí agus do dhaltaí ar iarratas) agus do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó).

Bainistíocht Acmhainní

Ceanglaítear le hAlt 15 den Acht Oideachais, 1998 ar an mBord Bainistíochta, agus a bhfeidhmeanna á gcomhlíonadh aige, aird a thabhairt ar úsáid éifeachtúil na n-acmhainní agus go háirithe ar úsáid éifeachtúil cistí Stáit. Mar sin tá dualgas reachtúil ar Bhoird Bhainistíochta a chinntiú go bhfuil córais agus nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun

acmhainní scoile (lena n-áirítear deontais, soláthar foirne agus acmhainní eile) a bhainistiú go cuí agus go héifeachtúil agus ar shlí trína gcuirtear cuntasacht chuí ar fáil do na páirtithe ábhartha.

Ní mór don Bhord a bheith ar an eolas agus gníomhach freisin i dtaca le maoirseacht ar iarratais na scoile ar gach cineál acmhainní. Ní mór faomhadh a fháil freisin ón bPátrún agus ón lontaobhaí (i scoileanna ina bhfuil lontaobhaithe) maidir le hiarratais ar thionscadail tógála.

Cuireadh Bunachar Sonraí Ar Líne na mBunscoileanna ar fáil ar fud chóras na mbunscoileanna i 2015. Ó 2016/2017 ar aghaidh, beidh líon na rollachán ar an mBunachar Sonraí sin ina bhonn d'íocaíochtaí deontais agus do leithroinnt múinteoirí. Mar sin is den riachtanas é go mbeidh taifead ar an mBunachar Sonraí maidir le gach dalta atá cláraithe i scoil ar leith. Tá na socruithe a bhainfidh le sonraí a chur sa Bhunachar Sonraí le fáil in [Imlitir 0025/2015](#) na Roinne, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne.

Gné chriticiúil ó thaobh acmhainní a leithdháileadh ar scoileanna is ea an tuairisceán maidir le clárú bliantúil (Áireamh Náisiúnta Bliantúil na Scoileanna) a chuirtear ar aghaidh chuig an Roinn. Ba chóir foirm Áireamh Náisiúnta Bliantúil na Scoileanna (nó an tuairisceán bliantúil chuig an mBunachar Sonraí) a sheiceáil ó thaobh cruinnis agus ansin ba chóir do Phríomhoide na Scoile agus Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta (nó an Bainisteoir) araon an leathanach sínithe a shíniú sula gcuirtear ar aghaidh chuig an Roinn é. Ní mór an tuairisceán seo a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta agus ní mór don Bhord a bheith sásta le cruinneas an tuairisceáin.

Meabhraítear do Bhoird Bhainistíochta agus do Phríomhoidí a thábhachtaí atá sé tuairisceáin chruinne maidir le clárú a chur ar aghaidh chuig an Roinn. Tá dualgas orthu scéala a chur chuig an Roinn láithreach má fhaightear earráid nó mírialtacht sna tuairisceáin maidir le clárú. Is é beartas caighdeánach na Roinne i gcás tuairisceáin ina ndéantar áibhéil ar bith maidir leis an líon clárúchán d'aon ghnó an cás a chur ar aghaidh chuig an nGarda Síochána.

Tá riachtanais a bhaineann leis an gCisteoir agus le hAirgeadas faoi seach leagtha amach in ailt 12 agus 21 den lámhleabhar seo.

Ceannaireacht Scoile

Gné lárnach is ea ceannaireacht scoile ó thaobh treoir na scoile a shocrú agus na torthaí oideachais is fearr is féidir a bhaint amach ar son na ndaltaí. Le dea-cheannaireacht is éifeachtaí an scoil ina hiomláine ach tá an dea-cheannaireacht thar a bheith tábhachtach ó thaobh na nithe seo a leanas: an curaclam a chur ar fáil go héifeachtach, beartais a fhorbairt agus a chur i ngníomh, féinmheastóireacht scoile agus cultúr agus timpeallacht dhearfach scoile a chruthú chun leasa na daltaí agus na foirne uile. Ní mór do Bhoird Bhainistíochta a bheith ar an eolas faoina thábhachtaí atá sé an Príomhoide, an Príomhoide Tánaisteach agus múinteoirí eile a spreagadh chun an ról ceannaireachta seo a fhorbairt agus a fheidhmiú go héifeachtach sa scoil. Tá infheistíocht shuntasach déanta ag an Roinn chun an inniúlacht ghairmiúil a fhorbairt i measc ceannairí scoile trína seirbhísí tacaíochta agus le déanaí tríd an gcinneadh Ionad Ceannaireachta Scoile a bhunú. Clúdóidh freagrachtaí an Ionaid raon iomlán na forbartha ceannaireachta do cheannairí scoile, m.sh. oiliúint réamhcheapacháin, ionductú Príomhoidí nuacheaptha agus forbairt ghairmiúil leanúnach ar feadh a ngairmréanna.

Pleanáil Scoile

Faoin Acht Oideachais, 1998 tá sé de fhreagracht ar an mBord socrú a dhéanamh chun Plean Scoile a ullmhú, agus a chinntiú go ndéantar é a athbhreithniú agus a nuashonrú go rialta. Leagtar amach sa Phlean Scoile fealsúnacht oideachais na scoile, a cuid aidhmeanna agus an chaoi ina bhfuil sé beartaithe aici iad a bhaint amach. Ba chóir gur riachtanais foghlama na ndaltaí atá i gcroílár gach pleanála, agus ba chóir go ndíreofaí sa phlean scoile ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim a dhéantar sa scoil.

Ní doiciméad statach é an Plean Scoile. Athraítear é de réir mar a athraíonn riachtanais phobail na scoile. Ní mór é a athbhreithniú agus a nuashonrú go rialta. Mar sin, is é ceann de na chéad tascanna a bhíonn le cur i gcrích ag Bord nuacheaptha an Plean Scoile a mheas go cúramach. Feidhmíonn an Plean Scoile mar bhunús le hobair na scoile ina hiomláine agus mar bhunús le meastóireacht agus tuairisciú ar dhul chun cinn agus ar forbairt na scoile uile.

Féinmheastóireacht/Teagasc agus Foghlaim

Ceanglaítear ar scoile faoin Acht Oideachais, 1998 córais a bhunú agus a chothabháil lenár féidir éifeachtúlacht agus éifeachtacht a cuid oibríochtaí a mheasúnú. Tuigtear go maith do Bhoird éifeachtacha gur gné lárnach i bhfeabhsú scoile í an féinmheastóireacht agus cinnteoidh siad go mbeidh measúnú agus athbhreithniú leanúnach ar siúl ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht fhoriomlán na scoile agus an Bhoird féin.

Leagtar leis an Acht dualgas reachtúil ar an mBord a áirithiú go gcuirtear oideachas cuí ar fáil do dhaltai uile na scoile. Chun an dualgas seo a chomhlíonadh go héifeachtach, ba chóir maoirseacht chuí rialta de chuid an Bhoird ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim sa scoil a bheith ar bun. Ina theannta sin, is féidir leis an mBord, agus ba chóir dó, ról tábhachtach a bheith aige i dtaca le caighdeán sa scoil a fheabhsú. Mar shampla, beidh Boird éifeachtúla rannpháirteach go gníomhach sa chinntiú go socraítear spriocanna cuí maidir le torthaí foghlama a fheabhsú, go háirithe sa litearthacht agus san uimhearthacht, agus sa mhonatóireacht ar cé chomh maith agus atá na spriocanna sin á mbaint amach mar chuid de phróiseas féinmheastóireachta na scoile.

D'eisigh an Roinn Imlitir [0039/2012](#) sa bhliain 2012, ina dtugtar cur síos ar riachtanais na Roinne maidir le Féinmheastóireacht Scoile ar theagasc agus ar fhoghlaim. Gheofar ar shuíomh gréasáin tiomnaithe www.schoolself-evaluation.ie faisnéis chothrom le dáta maidir le féinmheastóireacht scoile maraon le hábhair agus acmhainní a thacóidh le scoileanna agus iad i mbun an phróisis.

Ní mór don Bhord a chinntiú go n-ullmhaítear Tuarascáil Féinmheastóireachta Scoile agus Plean Feabhsúcháin Scoile gach bliain agus go gcuirtear achoimre ar Thuarascáil Féinmheastóireachta Scoile agus ar Phlean Feabhsúcháin Scoile ar fáil don phobal scoile uile gach bliain. Moltar go láidir don Bhord seicliosta reachtaíochta agus rialacháin a líonadh isteach agus é sin a chur ar fáil do phobal na scoile ar bhonn bliantúil ar mhaithe le comhlíonadh oibleagáidí na scoile a mheas. Cuirtear seicliosta ar fáil sna Treoirínte maidir le Féinmheastóireacht Scoile (leathanaigh 64-67) chun cabhrú le Boird é sin a dhéanamh.

Ní mór don Bhord, agus teagasc agus foghlaim na scoile á bplé aige, díriú ar na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach do dhaltai na scoile. Tá sé tábhachtach nach sáróidh aon phlé den chineál seo rialacha rúndachta maidir le daltaí. Ar an tslí chéanna, ba chóir faisnéis a thugtar don Bhord don chúise seo a bheith i bhfoirm nach sáróidh rialacha rúndachta maidir le daltaí (m.sh. i bhfoirm faisnéise atá comhthiomsaithe de réir ranga nó grúpa, mar is cuí).

Oiliúint do Bhoird

Moltar go láidir do chomhaltaí Boid oiliúint chuí a fháil chun cabhrú leo a ról a chomhlíonadh. Chuige sin, ba chóir do Bhoird dul i dteagmháil leis an gComhlacht Bainistíochta a bhaineann leo féin (m.sh. Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha, Bord Oideachais Eaglais na hÉireann, Ag Foghlaim le Chéile, NAMBSE, de réir mar is cuí) chun faisnéis a lorg maidir leis an oiliúint atá ar fáil nó chun comhairle agus treoir i dtaca le gnóthaí Boid a fháil.

Seo a leanas na modúil a chlúdaítear i láthair na huaire in oiliúint dá leithéid:

- An Bord mar Aonán Corparáideach – Feidhm, Róil agus an Bord i mbun Oibre
- Nósanna Imeachta a rialaíonn ceapadh foirne sna scoileanna
- Cúrsaí airgeadais an Bhoird agus ról an Chisteora
- Saincheisteanna dlí – beartais agus nósanna imeachta de dhroim reachtaíochta, treoirlínte agus imlitreacha
- Nósanna Imeachta i dtaca le Cosaint Leanaí
- Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta
- Cosaint Sonraí

I bhfianaise a thábhachtaí atá sé oiliúint a fháil chun go n-oibreoidh Bord Bainistíochta go héifeachtach, moltar leas a bhaint as cruinnithe den Bhord Bainistíochta go rialta chun riachtanais oiliúna chomhaltaí an Bhoird agus na hacmhainní oiliúna atá ar fáil a phlé. Is é dualgas gach comhalta den Bhord a chinntiú go mbaineann sí nó sé leas as aon oiliúint Bhord Bainistíochta a chuirtear ar fáil.

De ghnáth is é Príomhoide na scoile agus Cathaoirleach an Bhoird a chuirfidh faisnéis ghinearálta agus faisnéis maidir le gnóthaí an Bhoird ar fáil do chomhaltaí eile an Bhoird. Gheobhaidh comhaltaí an Bhoird faisnéis ghinearálta, leis, ar shuíomhanna gréasáin na gComhlachtaí Bainistíochta ábhartha agus ar shuíomh gréasáin na Roinne. Mura mbíonn faisnéis ghinearálta dá leithéid ar fáil ar na suíomhanna gréasáin ábhartha féadfaidh comhalta den Bhord an fhaisnéis sin a lorg ón gComhlacht Bainistíochta ábhartha nó ón Roinn. Ní sárú ar Alt 16(b) den Lámhleabhar seo, a chlúdaíonn uirill a dhéanamh i dtaca le gnó an Bhoird, faisnéis ghinearálta dá leithéid a fhoinsiú ar an gcoinníoll gur faisnéis ghinearálta í an fhaisnéis a lorgaítear agus nach n-áirítear uirthi plé nó nochtadh ar ghnó ar bith ar gnó faoi rún de chuid an Bhoird é.

Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2015 - 2019

1. Ginearálta

Feidhmíonn bunscoileanna faoin Acht Oideachais, faoi reachtaíocht ábhartha eile, faoi imlitreacha ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus faoi Rialacha na mBunscoileanna is infheidhme faoi láthair.

Deirtear in **Alt 15 den Acht Oideachais, 1998** :

- “(1) *Is é dualgas boird an scoil a bhainistiú thar ceann an phátrúin agus ar mhaithe leis na mic léinn agus a dtuismitheoirí agus oideachas cuí a sholáthar nó a chur faoi deara é a sholáthar do gach mac léinn ar an scoil a bhfuil freagracht ar an mbord sin ina leith.*
- (2) *Comhlíonfaidh bord na feidhmeanna a thugtar dó agus do scoil leis an Acht seo agus, le linn do bhord a fheidhmeanna a chomhall-*
- (a) *déanfaidh sé amhlaidh de réir na mbeartas a chinnfidh an tAire ó am go ham,*
 - (b) *déanfaidh sé spiorad saineúil na scoile, mar a chinntear é de réir na luachanna agus na dtraidisiún cultúrtha, oideachais, morálta, creidimh, sóisialta, teangeolaíochta agus spioradálta is bun le cuspóirí agus stiúradh na scoile agus is saintréithe den chéanna, a chosaint agus beidh sé cuntasach don phátrún as iad a chosaint amhlaidh, agus gníomhóidh sé i gcónaí de réir aon Achta den Oireachtas nó aon ionstraime arna déanamh faoin gcéanna, agus de réir aon ghníomhais, cairte, airteagal bainistíochta nó aon ionstraime eile den sórt sin a bhaineann le bunú nó le hoibriú na scoile,*
 - (c) *rachaidh sé i gcomhairle leis an bpátrún agus coinneoidh sé ar an eolas é nó í maidir le cinntí agus tograí de chuid an bhoird,*
 - (d) *foilseoidh sé, i cibé modh is dóigh leis an mBord, le comhaontú an phátrúin, a bheith cuí, beartas na scoile i dtaca le ligean isteach agus rannpháirtíocht sa scoil, lena n-áirítear beartas na scoile i ndáil le mic léinn a dhíbirt agus a chur ar fionraí, agus i ndáil le ligean isteach agus rannpháirtíocht mac léinn atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta eile oideachais acu, agus cinnteoidh sé, i dtaca leis an mbeartas sin, go n-urramófar prionsabail an chomhionannais agus an ceart atá ag dtuismitheoirí a leanaí a chur ar scoil is rogha leis na dtuismitheoirí agus go gcomhlíonfar cibé ordacháin a dhéanfaidh an tAire ó am go ham, ag féachaint do spiorad saineúil na scoile agus do chearta bunreachtúla gach duine lena mbaineann,*
 - (e) *beidh aird aige ar phrionsabail agus ar riachtanais sochaí daonlathaí agus beidh urraim aige don éagsúlacht luachanna, creideamh, traidisiún, teangacha agus modhanna maireachtála atá sa tsochaí agus cothóidh sé urraim don éagsúlacht sin,*
 - (f) *beidh aird aige ar úsáid éifeachtúil acmhainní (agus, go háirithe, ar*

úsáid éifeachtúil deontas a chuirtear ar fáil faoi alt 12), ar leas an phobail i ngnóthaí na scoile agus ar chuntasacht do mhic léinn, dá dtuismitheoirí, don phátrún, don fhoireann agus don phobal dá bhfónann an scoil, agus

- (g) úsáidfídh sé na hacmhainní a chuirfear ar fáil don scoil as airgead a sholáthróidh an tOireachtas chun soláthar réasúnach a dhéanamh do mhic léinn atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta eile oideachais acu agus chun cóir réasúnach a chur orthu, lena n-áirítear, i gcás inar gá é, foirgnimh a athrú agus trealamh cuí a sholáthar.

- (3) D'fhonn amhras a sheachaint, ní thabharfaidh, ná ní mheasfar go dtabharfaidh, aon ní san Acht seo aon cheart don bhord ar thalamh agus foirgnimh na scoile a bhfuil an bord sin freagrach ina leith, ná aon leas sa chéanna.

Ceanglaítear ar gach Bord Bainistíochta bunscoile a théann i mbun oifige ón 1 Nollaig 2015 ar aghaidh cloí le forálacha an lámhleabhair seo. I dtaca le tagairtí a dhéantar sa lámhleabhar seo d'implitreacha, reachtaíocht agus do rialacha ábhartha eile a bhféadfaí athrú a dhéanamh orthu, tá sé tábhachtach suíomh gréasáin na Roinne a sheiceáil nó seiceáil go díreach leis an Roinn maidir leis an staid reatha a bhaineann lena leithéid.

Tá sé beartaithe go n-aistreofar Pátrúnacht na mBunscoileanna Pobail in am trátha chuig na Boird Oideachais agus Oiliúna ábhartha. Aon athrú is gá ar fhorálacha an lámhleabhair seo chun Pátrúnacht na mBord Oideachais agus Oiliúna ar na scoileanna sin a léiriú, cuirfear ar fáil go leithleach é do na scoileanna sin.

Nóta: Slánú do Chomhaltaí Boird

Deirtear in Alt 14(7) den Acht Oideachais “Ach amháin mar a fhoráiltear leis an Acht seo, ní bheidh aon ábhar caingne ann in aghaidh comhalta boird i leith aon ní a dhéanfaidh an comhalta sin de mheon macánta agus de bhun an Achta seo nó aon rialachán arna ndéanamh ag an Aire faoin Acht seo”.

2. Sainmhínithe

- (a) Chun críocha an lámhleabhair seo, ciallaíonn an **tAire** an tAire Oideachais agus Scileanna agus an **Roinn** an Roinn Oideachais agus Scileanna.
- (b) Is é an **Pátrún** an duine atá aitheanta mar sin ag an Aire de réir Alt 8 den Acht Oideachais, 1998. I gcás go gcuireann beirt nó níos mó feidhmeanna Pátrúin i gcrích, is féidir iad a chlárú mar chomh-Phátrúin.

Is é dualgas an Phátrúin, de réir Alt 14 den Acht Oideachais, 1998 Bord Bainistíochta a cheapadh, más indéanta é. Foráiltear le hAlt 16 go bhféadfaidh an Pátrún, le toiliú an Aire, comhalta den Bhord a chur as oifig nó Bord a lánscor.

- (c) I gcoitinne, is iad na **hlontaobhaithe** na daoine atá ina bpáirtithe i léas áitreabh na scoile agus is gnách iad a bheith ainmnithe ag an bPátrún mar lontaobhaithe na scoile. Glacann na hlontaobhaithe mar chúram orthu féin go leanfar ar aghaidh ag úsáid na bhfoirgneamh mar bhunscoil ar feadh téarma an léasa agus ráthaíonn siad go mbeidh an t-áitreabh agus an t-inneachar faoi árachas i gcoinne tine agus anfa.

I gcás scoileanna Caitliceacha, is i seilbh an lontaobhais Deoise a bhíonn maoin agus fiontar na scoile i bhformhór na ndeoisí. I scoil faoi úinéireacht cuallachta is gnách gurb

iad na hlontaobhaithe iad siúd atá ainmnithe sa cháil sin ag an gcuallacht reiligiúnach. I gcás scoileanna Clochair, scoileanna Mainistreach agus scoileanna faoi úinéireacht lontaobhais, cé gurb é an t-easpag an Pátrún, d'fhéadfadh an Deoise, lontaobhas Cuallachta nó Comhlacht lontaobhais Caitliceach a bheith ina n-úinéirí orthu.

Ní mór a chur san áireamh go bhféadfaidh sé, i scoileanna áirithe, nach bhfuil aon iontaobhais ann m.sh. i gcásanna ina bhfuil áitreabh na scoile faoi úinéireacht dhíreach phátrún na scoile.

- (d) Is é an **Bord Bainistíochta/an Bainisteoir/na Bainisteoirí** an comhlacht daoine nó an duine atá ceaptha ag an bPátrún chun an scoil a bhainistiú. Leagtar amach in Alt 15 den Acht Oideachais, 1988, feidhmeanna an Bhoird, mar atá, *inter alia* gurb é dualgas an bhoird “an scoil a bhainistiú thar ceann an phátrúin agus ar mhaithe leis na mic léinn agus a dtuismitheoirí agus oideachas cuí a sholáthar nó a chur faoi deara é a sholáthar do gach mac léinn ar an scoil a bhfuil freagracht ar an mbord sin ina leith”. Foráiltear, leis, in Alt 15 den Acht Oideachais mar seo a leanas: “Comhlíonfaidh Bord na feidhmeanna a thugtar dó agus do scoil leis an Acht seo”.
- (e) Folaíonn “**tuismitheoir**” tuismitheoir altrama, caomhnóir a ceapadh faoi na hAchtanna um Chaomhnóireacht Leanaí, 1964 go 1997, nó duine eile a bheidh ag gníomhú *in loco parentis* agus a bhfuil leanbh faoina chúram nó faoina cúram faoi réir aon chumhachta reachtúla nó ordaithe cúirte agus, i gcás linbh a uchtaíodh faoi na hAchtanna Uchtála, 1952 go 1998, nó, i gcás gur uchtaíodh an leanbh lasmuigh den Stát, ciallaíonn sé an t-uchtaitheoir nó na huchtaitheoirí nó an t-uchtaitheoir marthanach.
- (f) Chun críocha an lámhleabhair seo, glacfar leis go gciallaíonn **múinteoir ar seirbhís** múinteoir atá ag fónamh i scoil i gcáil bhuan nó i gcáil téarma seasta i gcás inar sé mhí nó níos faide téarma an cheapacháin.

Ní ghactar leis, chun críocha an lámhleabhair seo, gur múinteoirí ar seirbhís iad na múinteoirí seo a leanas:

- (i) múinteoirí (lena n-áirítear múinteoirí ionaid) ar lú ná sé mhí a dtéarma ceapacháin*;
- (ii) múinteoirí ar sosanna gairme;
- (iii) múinteoirí ar iasacht;
- (iv) múinteoirí ar seirbhís thar lear.

*Mar sin féin, is féidir go bhféachfaí ar mhúinteoir mar sin mar mhúinteoir ar seirbhís i gcásanna nuair nach féidir, ar aon slí eile, múinteoir ar seirbhís a ainmniú/a thoghadh (seachas an Príomhoide/Príomhoide Gníomhach) ar an mBord.

- (g) Ciallaíonn **laethanta** mar a fheictear é sa lámhleabhar seo laethanta féilire seachas laethanta 'scoile'.
- (h) Ciallaíonn **téarma oifige**, mar a fheictear é sa lámhleabhar seo, ach amháin má éilíonn an comhthéacs a mhalairt, tréimhse 4 bliana ón 1 Nollaig 2015 suas go dtí an 30 Samhain 2019 agus an lá sin san áireamh. Bíonn téarma oifige aon Bhoird faoi réir fhorálacha Ailt 14, 16 agus 17 den Acht Oideachais, 1998 agus fhorálacha ábhartha an lámhleabhair seo.

3. Comhdhéanamh na mBord Bainistíochta

(a) I gcás scoileanna a bhfuil níos mó ná múinteoir amháin ar an bhfoireann aitheanta, beidh an Bord Bainistíochta comhdhéanta, faoi réir 3(d), díobh seo a leanas:

- (i) Beirt ainmnitheach dhíreacha de chuid an Phátrúin.
- (ii) Beirt tuismitheoirí a thoghfar as measc tuismitheoirí na leanaí atá cláraithe agus a bhfuil tús curtha acu lena bhfreastal ar an scoil (duine amháin díobh ina máthair, an duine eile ina athair, arna dtoghadh ag comhlacht ginearálta tuismitheoirí na leanaí atá cláraithe agus a bhfuil tús curtha acu lena bhfreastal ar an scoil).
- (iii) Príomhoide (nó Príomhoide Gníomhach) na scoile.
- (iv) Múinteoir amháin eile ar seirbhís ar fhoireann na scoile, a thoghann an fhoireann teagaisc lena n-áirítear an Príomhoide.
- (iv) Beirt chomhaltaí breise a mholann na hainmnithigh sin a dtugtar cur síos orthu ag (i) - (iv) thuas, ag gníomhú de réir an phróisis atá leagtha amach in **Aguisín C**.

(b) I gcás scoileanna a bhfuil múinteoir amháin ar an bhfoireann aitheanta acu, beidh an Bord Bainistíochta comhdhéanta, faoi réir 3(d), díobh seo a leanas:

- (i) Ainmnitheach díreach amháin de chuid an Phátrúin.
- (ii) Tuismitheoir amháin a thoghfar as measc tuismitheoirí na leanaí atá cláraithe agus a bhfuil tús curtha acu lena bhfreastal ar an scoil (arna thoghadh ag comhlacht ginearálta tuismitheoirí na leanaí atá cláraithe agus a bhfuil tús curtha acu lena bhfreastal ar an scoil).
- (iii) Príomhoide na scoile.
- (iv) Comhalta breise amháin arna mholadh ag na hainmnithigh sin a dtugtar cur síos orthu ag (i) go (iii) thuas, ag gníomhú de réir an phróisis atá leagtha amach in **Aguisín C**.

(c) **Socruithe Comhrialachais Píolótacha:**

Tá sé aontaithe go gceadófar do scoileanna an socrú seo a leanas (a dtagraítear dó mar 'socrú comhrialachais' sa lámhleabhar seo) a oibriú ar bhonn deonach agus píolótach le linn an téarma 4 bliana suas go dtí an 30 Samhain 2019.

Faoin socrú píolótach seo is féidir le dhá scoil atá faoin bpátrúnacht chéanna socrú comhrialachais a chur i ngníomh faoi réir ag toiliú an Phátrúin agus de réir na riachtanas atá leagtha amach sa lámhleabhar seo.

Cé go mbeidh Bord le dáréag chomhalta ar leith ann i gcás gach scoile, ní bheidh ach próiseas toghcháin/ainmniúcháin amháin ann thar an dá scoil agus toghfar/ainmneofar an dáréag chomhalta a thoghfar/ainmneofar le dul i mbun oifige ar Bhoird an dá scoil. Faoi na socruithe píolótacha comhrialachais is iad an grúpa céanna de dháréag a

bheidh ina gcomhaltaí de Bhoird an dá scoil, is é sin, beidh gach duine ina chomhalta de Bhord scoil "A" agus ina chomhalta de scoil "B" freisin. Cé go bhfeidhmeoidh gach Bord mar aonán dlí ar leith is é tairbhe an tsocraithe comhrialachais go mbainistíonn an grúpa céanna daoine saincheisteanna a thagann chun cinn ar bhealach seasta i ngach ceann den dá scoil.

Beidh an Bord do gach scoil, le dáréag chomhalta, faoi réir 3(d) comhdhéanta mar seo a leanas:

- (i) Triúr ainmnitheach dhíreacha de chuid an Phátrúin,
- (ii) Triúr tuismitheoirí de leanaí atá cláraithe agus atá ag freastal ar cheachtar den dá scoil (duine amháin díobh ar a laghad ina máthair agus duine amháin díobh ar a laghad ina athair agus faoi réir tuismitheoir amháin ar a laghad ar Bhord gach scoile as measc na leanaí cláraithe atá ag freastal ar an scoil sin) arna dtoghadh ag comhlacht ginearálta tuismitheoirí na leanaí atá cláraithe agus a bhfuil tús curtha acu lena bhfreastal ar cheachtar den dá scoil.
- (iii) Príomhoidí an dá scoil,
- (iv) Múinteoir amháin eile ar seirbhís ar fhoireann ceann amháin den dá scoil, arna thoghadh le vóta na comhfhoirne teagaisc.
- (v) Triúr comhaltaí breise ón bpobal a mholann na hainmnithigh sin a dtugtar cur síos orthu ag (i) - (iv) thuas, ag gníomhú de réir an phróisis atá leagtha amach in [Aquisín C](#).

Seachtar comhaltaí a bheidh i gcóram an Bhoird. Beidh an téarma oifige, líonadh folúntas, éirí as comhaltaí an Bhoird, incháilitheacht agus scor de chomhaltacht Boird de réir na gcritéar atá leagtha amach i *Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2015 - 2019*.

Is cinneadh don Phátrún é tar éis dul i gcomhairle leis an dá scoil mar seo a leanas, cibé an oibreofar socrú comhrialachais:

- I gcás inar dóigh le Pátrún go mbeadh sé chun leasa an dá scoil socrú comhrialachais a bhunú, is é an chéad chéim an Pátrún ag dul i gcomhairle le gach Bord Bainistíochta atá ann cheana maidir lena leithéid. Mar chuid den phróiseas seo, ní mór do gach Bord dul i gcomhairle lena phobal scoile agus aon aiseolas uaidh a chur san áireamh sula dtugtar a thuairim don Phátrún.
- Féadfaidh Boird Bhainistíochta atá ann cheana féin iarraidh ar an bPátrún smaoineamh ar shocrú comhrialachais a bhunú agus má aontaíonn an Pátrún i bprionsabal é sin a dhéanamh, ní mór do gach Bord ansin dul i gcomhairle lena phobal scoile, iarracht a dhéanamh teacht ar chomhthuairim maidir leis an socrú comhrialachais agus aiseolas a thabhairt don Phátrún maidir lena leithéid.
- Is faoin bPátrún a bhíonn sé ansin cinneadh deiridh a dhéanamh cibé an rachfar ar aghaidh le socrú comhrialachais nó nach rachfar. Agus cinneadh dá shórt á dhéanamh tabharfaidh an Pátrún aird chuí ar mhianta, ar riachtanais agus ar leasanna an dá scoil. Tá sé tábhachtach go mbeadh an Pátrún sásta go bhfuil comhthuairim ann sa dá phobal scoile maidir leis an socrú comhrialachais sula gcinneann sé/sí dul ar aghaidh lena leithéid.

- Má chinntear dul ar aghaidh le socrú comhrialachais ansin is é an chéad chéim go n-iarrann an Pátrún ar ionadaí socruithe a dhéanamh le haghaidh toghchán agus ainmniúchán de réir na bhforálacha ábhartha d'Alt 4 agus d'Aguisíní **A, B agus C** den lámhleabhar seo. Is faoin bpátrún atá sé duine a roghnú chun na socruithe seo a dhéanamh.

Pointí tábhachtach nár mhór don dá scoil a chur san áireamh maidir leis an socrú comhrialachais píolótach

Is aonán dlí ar leith é gach Bord agus ní mór dó a scoil féin a bhainistiú de réir dhualgais agus feidhmeanna Boird Bainistíochta faoi mar atá leagtha amach san Acht Oideachais 1998, agus de réir fhorálacha an lámhleabhair seo.

Cé go mbíonn cruinnithe Boird ar leithligh ag gach Bord, is féidir cruinnithe a sceidealú ionas go seoltar iad go comhleanúnach (cruinniú Boird scoile amháin a bheith díreach i ndiaidh chruinniú Boird na scoile eile). Le cinntiú go n-idirdhealaítear idir an dá Bhord, ba chóir gach cruinniú a riaradh go soiléir agus go seasta mar chruinniú ann féin sa chaoi is gur léir céard é gnó gach Boird faoi seach. Beidh gá le miontuairiscí, comhdú agus leabharchoimeád i gcás an dá Bhoird ar leithligh.

Ní mór do gach scoil cuntais bhainc ar leithligh a choimeád do chúiseanna maoinithe stáit. Ní mór don Bhord gach caiteachas a dhéanann Bord Bainistíochta gach scoile nó a dhéantar thar a cheann a cheadú. Ní mór cuntais agus taifid a choimeád de réir Alt 18 den Acht Oideachais, 1998. Ullmhófar cuntas ioncaim agus caiteachais ar leith i gcás gach scoile ag deireadh na scoilbhliana agus déanfar é a iniúchadh agus a dheimhniú de réir dea-chleachtais chuntasaíochta.

Beidh oiliúint ar leith ar fáil do Bhoird a cheapfar faoi shocrú comhrialachais de réir an chuid seo den lámhleabhar.

Nóta: Cuirfidh an Roinn scéala chuig boird a cheapfar faoi shocrú comhrialachais maidir le haon treoir eile i dtaca le hoibriú an tsocraithe comhrialachais.

(d) Leis an ionadaíocht is leithne is féidir ar Bhord a chinntiú, nuair is indéanta:

- níor chóir aon ghaol díreach a bheith idir comhaltaí boird ná idir comhalta boird agus ball foirne,
- níor chóir tuismitheoirí leanaí atá cláraithe agus a bhfuil tús curtha acu lena bhfreastal ar an scoil a ainmniú ná a thoghadh ar an mBord ach amháin de réir Ailt 3(a)(ii), 3(b)(ii) nó 3(c)(ii), agus
- ba chóir baill an phobail a roghnaítear de réir **Aguisín C** a bheith neamhspleách ar na catagóirí eile daoine atá leagtha amach ag (i) go (iv) d'Alt 3(a), 3(b) nó 3(c) mar is infheidhme.

Tá sé de cheanglas freisin nach féidir duine, seachas an Príomhoide nó, i gcás go dtarlaíonn sé, ainmnitheach tofa na múinteoirí, atá fostaithe chun críocha na scoile, a cheapadh le bheith ina chomhalta den Bhord Bainistíochta ná a bheith ina chomhalta den Bhord sin.

(e) Ainmnithigh tuismitheoirí ar Bhoird i Scoileanna Ospidéil agus i Scoileanna Aonad Ardtacaíochta:

Aithnítear go bhféadfadh deacrachtaí praiticiúla a bheith ann ó thaobh ainmnithigh tuismitheoirí a thoghadh agus a choimeád ar Bhord scoile in ospidéal nó in aonad ardtacaíochta. I gcás nach bhfuil sé indéanta i scoileanna dá sórt ainmnitheach tuismitheoirí a cheapadh de réir fhorálacha ábhartha [Aguisín B](#), féadfaidh an pátrún, de rogha air sin, daoine nach tuismitheoirí leanaí atá ag freastal ar an scoil iad a cheapadh chun gníomhú i ról ainmnitheach tuismitheoirí de réir na bhforálacha seo a leanas:

Moltar go láidir don Phátrún, más indéanta é, ainmnithigh tuismitheoirí a cheapadh as na catagóirí daoine seo a leanas:

- (i) tuismitheoirí iarscoláire den scoil, nó
- (ii) tuismitheoirí a bhfuil cónaí orthu sa phobal áitiúil agus atá ainmnithe ag comhaltaí eile den Bhord.

Mar sin féin, i gcás ina gcinneann an Pátrún nach bhfuil sé indéanta ainmnithigh tuismitheoirí a cheapadh as catagóirí faoi (i) nó (ii) thuas, féadfaidh an Pátrún, de rogha air sin, duine a cheapadh más tuismitheoir é/í agus má tá ról aige/aici a chuimsíonn dul i mbun oibre le daltaí na scoile nó tacaíocht a thabhairt dóibh. **Nóta:** De réir Alt 6(a) den lámhleabhar seo ní ceadmhach duine (seachas Príomhoide nó ainmnitheach tofa múinteora) atá fostaithe ag an mBord Bainistíochta agus/nó chun críocha na scoile a cheapadh ná a bheith ina chomhalta den Bhord Bainistíochta.

Tabharfaidh an Pátrún, agus duine á cheapadh mar ainmnitheach tuismitheoirí, aird chuí ar an dóchúlacht go bhféadfadh aon choinbhleachta leasa nó coinbhleacht braite leasa a bheith ann i dtaca le seilbh na hoifige agus tabharfaidh sé aird chuí a chumas an duine aonair dul i mbun dualgaís an ról.

(f) Scoileanna a n-athraítear a stádas:

I gcás scoile a athraíonn a stádas ó scoil le foireann aitheanta de bhreis agus múinteoir amháin go scoil le foireann aitheanta de mhúinteoir amháin, nó *vice versa*, beidh deireadh le téarma oifige an Bhoird ar an lá roimh an chéad lá ar a n-osclaítear an scoil chun glacadh le daltaí sa scoilbhliain ina n-athraítear stádas na scoile. Ceapfaidh an Pátrún Bord nua ansin de réir fhoráil ábhartha Alt 4 - *An nós imeachta le haghaidh toghadh agus ainmniú comhaltaí Bord Bainistíochta*. Sa tréimhse ar feitheamh ar bhunú boird nua, bainisteoidh an Pátrún an scoil nó ceapfar bainisteoir chun feidhmeanna an Bhoird a chur i gcrích de réir Alt 14 den Acht Oideachais, 1998.

Ní ghabhfaidh téarma oifige an Bhoird nua a cheapfar mar sin thar an 30 Samhain 2019.

4. An nós imeachta le haghaidh toghadh agus ainmniú comhaltaí Bord Bainistíochta

- (a)** De réir Ailt 8 agus 14 den Acht Oideachais, 1998 is é an Pátrún atá freagrach as tús a chur leis na bearta is gá chun Bord Bainistíochta a bhunú i mbunscoil. Chuige sin iarrann an Pátrún ar ionadaí socrú a dhéanamh le haghaidh toghchán agus ainmniúchán mar atá leagtha amach in **Aguisíní A, B agus C**. Is faoin bPátrún atá sé an té is rogha leis nó léi a roghnú chun na críche sin.

- (b) Ach amháin i gcás speisialta le cead i scríbhinn ón Aire, nó i gcás comhaltaí múinteora den Bhord fad a bhaineann sé lena luach saothair mar mhúinteoirí, ní bheidh aon leas tairbhiúil ag comhalta den Bhord in aon réadmhaoín atá i seilbh na scoile nó a úsáideann an scoil dá cuspóirí féin ná ní bhfaighidh sé nó sí luach saothair maidir lena sheirbhísí nó a seirbhísí mar chomhalta den Bhord. Mar sin féin, Príomhoide a fhaigheann liúntas chun dualgais Rúnaí an Bhoird Bainistíochta a chomhlíonadh, measfar gur eisceacht é an cás sin de bhrí go bhfaigheann sé nó sí luach saothair chun na dualgais sin a chomhlíonadh.
- (c) Déanfaidh ionadaí an Phátrúin socrú le haghaidh cruinniú le haghaidh iad siúd a toghadh/a ainmníodh de réir na nósanna imeachta in **Aguisíní A agus B**. Beidh sé ina chuspóir leis an gcruinniú seo ainmniú baill nó ball breise a aontú, mar atá leagtha amach in [Aguisín C](#).
- (d) Cuirfidh ionadaí an Phátrúin in iúl don Phátrún ainmneacha na ndaoine a toghadh/a ainmníodh go cuí de réir **Aguisíní A, B agus C**.
- (e) Déanfaidh an Pátrún an Bord Bainistíochta a cheapadh go foirmiúil ansin.
- (f) Ceapfaidh an Pátrún duine de na baill cheaptha ina C(h)athaoirleach ar an mBord Bainistíochta.
- (g) I ngach cás, cuirfidh an Pátrún ar aghaidh chuig an Roinn an dearbhú in **Aguisín F** i dtaca le ceapadh an Bhoird, agus é comhlánaithe ina iomláine. I gcásanna inar ceapadh boird faoi shocrú comhrialachais de réir Alt 3(c), ní mór an dearbhú ag **Aguisín F** a chur ar aghaidh i gcás gach scoile. Má athraítear an Cathaoirleach le linn théarma oifige an Bhoird, ní mór don Phátrún é sin a chur in iúl don Roinn leis an dearbhú atá ceangailte le **hAguisín F**.
- (h) Ach amháin má chuireann an tAire a mhalairt de scéala in iúl, laistigh de 10 lá den fhaisnéis ag (g) a fháil, measfar go bhfuil an Bord aitheanta ag an Aire.
- (i) Ní mór an chéad chruinniú den Bhord a thionól laistigh de mhí fhéilire amháin ón dáta ar a n-aithníonn an tAire an Bord. Ag an gcéad chruinniú den Bhord, nó sula bhfreastalaíonn sé nó sí ar chruinniú den Bhord réamhráite, síneoidh gach comhalta den Bhord an dearbhú (leagtha amach in [Aguisín G](#)) go nglacann sé nó sí le comhaltacht an Bhoird agus go ngeallann sé nó sí cloí leis na rialacha a ghabhann lena d(h)ualgais de réir *‘Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2015 - 2019’* agus gach riail, rialachán, reachtaíocht agus imlitreacha Roinne ábhartha eile a bhaineann le comhaltacht agus le feidhmiú an Bhoird. Go dtí go mbeidh an dearbhú ag [Aguisín G](#) sínithe ag comhalta Boid, ní bheidh sé nó sí i dteideal gníomhú mar chomhaltaí den Bhord.
- (j) Ní gá gurb é an duine céanna a ghníomhaíonn mar ionadaí an Phátrúin ag déileáil le folúntas a thagann chun cinn le linn théarma oifige an Bhoird agus an té a ghníomhaigh mar ionadaí an Phátrúin maidir leis na ceapacháin tosaigh ar an mBord.

5. An staid i gcás ina loiceadh baill bhreise ón bpobal a ainmniú de réir [Aguisín C](#)

Má loictear na baill bhreise dá bhforáiltear faoin bpróiseas ag [Aguisín C](#) a ainmniú, fillfidh bainistíocht na scoile, faoi ghnáthshocruithe maoinithe, ar an bPátrún, a bhainisteoidh an scoil nó a ainmneoidh bainisteoir/bainisteoirí de réir Alt 14 den Acht Oideachais, 1998.

6. Neamh-incháilitheacht

- (a) Ní ceadmhach duine, seachas an Príomhoide nó, má tharlaíonn sé, ainmnitheach tofa na múinteoirí, atá fostaithe ag an mBord Bainistíochta agus/nó le chun críocha na scoile a cheapadh ná a bheith ina chomhalta den Bhord Bainistíochta
- (b) Ní bheidh duine i dteideal a bheith ina c(h)omhalta de Bhord más rud é, i gcás an duine sin:
- gur ghearr cúirt dlínse inniúla téarma príosúnachta air/uirthi le linn na gcúig bliana díreach roimhe sin, nó
 - gur cuireadh a (h)ainm le Clár na gCiontóirí Gnéis le hordú cúirte, nó
 - gur dícháilíodh é nó gur srianadh é/í ó bheith ina stiúrthóir ar aon chuideachta laistigh de chiall Achtanna na gCuideachtaí.
- (c) Ní bheidh duine i dteideal a bheith ina C(h)isteoir de Bhord más amhlaidh:
- (i) gur féimheach neamhscaoilte é/í, nó
- (ii) go ndearna sé/sí comhshuíomh nó socrú le creidiúnaithe le linn na dtrí bliana díreach roimhe sin, faoi chosaint nó nós imeachta cúirte.

7. Téarma oifige, lánscore an Bhoird/cur as oifig na gcomhaltaí, scor den chomhaltas

- (a) Téarma oifige, scor an Bhoird/cur as oifig na gcomhaltaí:
- (i) Mairfidh téarma oifige an Bhoird, faoi réir fhorálacha an lámhleabhair seo agus an Achta Oideachais, 1998 go ceann tréimhse nach faide ná 4 bliana suas go dtí an 30 Samhain 2019 agus an lá sin san áireamh.
- (ii) Beidh comhalta, lena n-áirítear an Cathaoirleach, i seilbh oifige ar feadh tréimhse nach faide ná téarma oifige an Bhoird, ach féadfaidh sé/sí a bheith i dteideal athcheaptha.
- (iii) De réir Alt 16 den Acht Oideachais, 1998 féadfaidh an Pátrún, le toiliú an Aire, comhalta den Bhord a chur as oifig nó an Bord Bainistíochta a lánscore.
- (iv) Sula gcinneann sé/sí comhalta den Bhord a chur as oifig nó an Bord a lánscore, cuirfidh an Pátrún in iúl don chomhalta sin nó don Bhord sin go bhfuil ar intinn é a chur as oifig nó an Bord a lánscore agus tabharfar na cúiseanna leis sin, agus tabharfar tréimhse míosa don chomhalta nó don Bhord sin chun uirill maidir leis an ábhar a dhéanamh chuig an bPátrún.
- (v) Nuair a lánscoireann Pátrún Bord, féadfaidh an Pátrún, faoi réir cheadú an Aire, a rogha duine nó comhlacht daoine a cheapadh chun feidhmeanna an Bhoird a chomhlíonadh, ar feadh ceann tréimhse nach faide, de ghnáth, ná sé mhí.
- (vi) I gcás ina gcuireann an Pátrún comhalta den Bhord as oifig líonfar an folúntas dá bharr de réir fhorálacha alt 7 (d).

- (vii) De réir Alt 17 den Acht Oideachais, 1998 féadfaidh an tAire iarraidh ar an bPátrún Bord Bainistíochta a lánscoir tar éis a intinn a chur in iúl don Bhord agus don Phátrún agus tar éis aon uirill ón mBord nó ón bPátrún a chur san áireamh.

(b) Scor den chomhaltas

(i) I gcás comhalta:

- a ngearttar téarma príosúnachta air nó uirthi, nó atá curtha ag cúirt dlínse inniúla ar Chlár na gCiontóirí Gnéis, nó
- a scoireann de bheith ina chomhalta den chatagóir daoine dá bhforáiltear in alt 3, ar bhain sé/sí leo an uair ar tháinig sé/sí chun bheith ina c(h)omhalta den Bhord (féach **Nóta** thíos), nó
- a dhícháilítear nó a shrianaítear ó bheith ina stiúrthóir ar aon chuideachta laistigh de chiall Achtanna na gCuideachtaí.

scoirfidh an duine sin, leis sin, de bheith ina chomhalta den Bhord.

- (ii) I gcás ina dtógann ainmnitheach múinteora saoire neamhláithreachta (reachtúil nó neamhreachtúil), a cheadaítear ar feadh tréimhse 24 seachtaine nó níos faide, scoirfidh an t-ainmnitheach múinteora sin de bheith ina chomhalta den Bhord amhail ar an agus ón dáta ar a dtosaíonn an tsaoire sin. Beidh an t-ainmnitheach múinteora ionaid, faoi réir fhorálacha ábhartha alt 7, i dteideal fanacht ar an mBord ar feadh na tréimhse suas go dtí an 30 Samhain 2019, agus an dáta sin san áireamh.
- (iii) I gcás ina leanann tréimhse ceada neamhláithreachta reachtúil nó neamhreachtúil (m.sh. saoire bhreitheachta) an ainmnithigh mhúinteora ar an mBord ar aghaidh níos faide ná 24 seachtaine de thréimhse leanúnach, scoirfidh an t-ainmnitheach múinteora sin de bheith ina chomhalta den Bhord ag deireadh na tréimhse 24 seachtaine. Beidh an t-ainmnitheach múinteora ionaid, faoi réir fhorálacha ábhartha alt 7, i dteideal fanacht ar an mBord go ceann na tréimhse suas go dtí an 30 Samhain 2019, agus an dáta sin san áireamh.
- (iv) I gcás ina nglacann ainmnitheach múinteora le ról mar Phríomhoide Gníomhach, le linn théarma oifige an Bhoird, scoirfidh an t-ainmnitheach múinteora ionaid de bheith ina chomhalta den Bhord nuair a scoireann an t-ainmnitheach múinteora bunaidh dá ról mar Phríomhoide Gníomhach agus fillfidh sé nó sí ar a p(h)ost teagaisc (nó mar Phríomhoide Tánaisteach Riaracháin) sa scoil. I gcás mar sin, filleann an t-ainmnitheach múinteora bunaidh ar phost an ainmnithigh mhúinteora ar an mBord.
- (v) I gcás ina dtéann comhalta den Bhord (nó a chuid/cuid gnólachta nó cuideachta) isteach i gcomhaontú tráchtála/conradh gnó leis an scoil scoirfidh an duine sin, leis sin, de bheith ina chomhalta den Bhord.

Nóta:

- Tuismitheoir ar bith a scoireann de leanbh a bheith cláraithe aige nó aici sa scoil, scoirfidh sé nó sí de bheith ina c(h)omhalta den Bhord ach i gcás tuismitheoir linbh a chríochnaíonn an bunoidreachas ag deireadh na scoilbhliana díreach roimh chríochnaíocht

théarma oifige an Bhoird. Is féidir le tuismitheoir dá leithéid fanacht ar an mBord go dtí deireadh théarma oifige an Bhoird sin ar an gcoinníoll nach sáraíonn an tréimhse chúig mhí ina hiomláine. I gcás socrú comhrialachais ní scoirfidh comhalta de bheith ina c(h)omhalta den Bhord, áfach, fad a bhíonn leanbh cláraithe ag tuismitheoir agus é/í ag freastal ar cheachtar den dá scoil atá páirteach sa socrú comhrialachais.

- Múinteoir ar bith a scoireann de bheith ina mhúinteoir ar seirbhís, scoirfidh sé/sí, leis sin, de bheith ina c(h)omhalta den Bhord.
- I gcás ina scoireann comhalta den Bhord de bheith ina c(h)omhalta den Bhord sin de bhun alt 7(b)(i), (ii), (iii) nó (v), tiocfaidh oifig an chomhalta sin chun bheith folamh agus líonfar é a luaithe agus is féidir tar éis an fholúntais a bheith ann, le comhalta nua a cheapfar ar an tslí chéanna inar ceapadh an comhalta atá ag fágáil (féach alt 7(d)).

(c) Éirí as oifig chomhaltaí an Bhoird.

Más mian le comhalta de Bhord éirí as a p(h)ost mar chomhalta boird, cuirfidh sé/sí an rún sin in iúl don Chathaoirleach i scríbhinn agus scoirfidh an comhalta sin, leis sin, ach amháin má aontaíonn an Bord a mhalairt, de bheith ina chomhalta den Bhord. Cathaoirleach ar mian leis/léi éirí as an mBord, cuirfidh sé/sí an rún sin in iúl i scríbhinn don Phátrún agus scoirfidh sé/sí, leis sin, mura n-aontaíonn an Pátrún a mhalairt.

(d) Folúntais

(i) I gcás chomhalta den Bhord:

- a bhásaíonn, nó
- a éiríonn as oifig de réir alt 7(c), nó
- a bhíonn as láthair ó thrí ghnáthchruinniú den Bhord as a chéile, mura raibh an neamhláithreach ceadaithe ag an mBord, nó
- a scoireann de bheith ina chomhalta den Bhord sin de bhua ailt 7(b)(i), (ii), (iii) nó (v), nó
- a chuireann an Pátrún as oifig,

tiocfaidh oifig an chomhalta sin chun bheith folamh agus líonfar é, a luaithe agus is féidir, tar éis an fholúntais a bheith ann, le comhalta nua a cheapfar ar an tslí chéanna leis an gcomhalta atá ag fágáil.

(ii) Rachaidh an comhalta nua a cheapfar mar sin i mbun oifige, faoi réir fhorálacha an lámhleabhair seo agus an Achta Oideachais, 1998 go dtí deireadh théarma oifige an Bhoird. Síneoidh comhalta nua an Bhoird an dearbhú ag [Aquisín G](#), an chéad uair a fhreastalaíonn sé/sí ar chruinniú den Bhord sin nó roimhe sin. Ní bheidh an comhalta nua i dteideal gníomhú mar chomhaltaí den Bhord go dtí go mbeidh an dearbhú sin sínithe aige/aici.

(iii) Déanfar aon athrú i gcomhaltacht an Bhoird a thaifeadadh i miontuairiscí an chéad chruinnithe eile den Bhord.

(iv) Is féidir ainmnitheach múinteora ionaid a cheapadh de réir [Aquisín A](#), i

gcás ina nglacann an t-ainmnitheach múinteora bunaidh le ról mar Phríomhoide Gníomhach. Mar sin féin, scoirfidh an t-ainmnitheach múinteora ionaid de bheith ina chomhalta den Bhord an uair a fhilleann an t-ainmnitheach múinteora bunaidh, ar chríoch a róil mar Phríomhoide Gníomhach, ar a phost teagaisc (nó mar Phríomhoide Tánaisteach Riaracháin) sa scoil. I gcás mar sin, filleann an t-ainmnitheach múinteora bunaidh ar phost an ainmnithigh mhúinteora ar an mBord.

Nóta: I gcás ina dtiteann an chomhaltacht, de bharr folúntais ar an mBord, faoi bhun an lín is gá do chóram, scoirfidh an Bord de bheith ann agus fillfidh feidhmiú fheidhmeanna an Bhoird ar an bPátrún a bhainistíodh an scoil nó a cheapfaidh Bainisteoir/Bainisteoirí de réir Alt 14 den Acht Oideachais 1998. I gcásanna mar sin, ceapfaidh an Pátrún, a luaithe agus is indéanta, Bord Bainistíochta nua de réir fhorálacha ábhartha an lámhleabhair seo.

8. Rúndacht

- (a) Ceanglaítear ar chomhaltaí aonair an Boird nithe a pléadh ag cruinnithe, lena n-áirítear gach doiciméad a dhréachtaítear agus a scaiptear ar chomhaltaí an Bhoird, a choimeád faoi rún, ach amháin má aontaíonn an Bord a mhalairt.
- (b) I gcás go ndéanfar líomhaintí maidir le sárú rúndachta ag comhalta Boird, níor mhór an t-ábhar a chur faoi bhráid an Chathaoirleach a chuirfidh faoi bhráid an Phátrúin é a luaithe is féidir. Más é an Cathaoirleach an té a sháraigh an rúndacht, de réir na líomhaintí, ansin féadfaidh comhalta ar bith den Bhord an t-ábhar a chur faoi bhráid an Phátrúin a luaithe is féidir. Déanfaidh an Pátrún socruithe chun an cheist a imscrúdú agus bainfidh sé/sí tátal as an scéal.
- (c) Má bhíonn an Pátrún sásta tar éis imscrúdú cuí a dhéanamh, gur sháraigh aon chomhalta den Bhord urghaire na rúndachta, féadfaidh sé nó sí, faoi réir thoiliú an Aire, an duine sin a chur as ballraíocht de réir Alt 16 den Acht Oideachais, 1998 agus ní ainmneoidh sé nó sí an duine sin ina dhiaidh sin mar chomhalta d'aon Bhord Bainistíochta.

Nóta Tábhachtach:

Ní toscairí a gcuid toghthóirí iad comhaltaí boird. Níl aon oibleagáid orthu tuairisciú dá dtoghthóirí ná treoir a ghlacadh uathu faoin tslí a gcaithfidh siad vóta ag cruinnithe Boird. Is féidir go sáródh tuairisciú den sórt sin na ceanglais rúndachta. Is faoi gach Bord cinneadh a dhéanamh faoi cad is féidir a thuairisciú agus cé a dhéanfaidh an tuairisciú, agus sa mhéid seo, is den riachtanas é déileáil le cúrsaí pearsanra, airgeadais agus pearsanta ar aon dul le riachtanais rúndachta ábhartha.

Is cinntí Boird iad cinntí a dhéantar de chomhthoil nó le vóta. Tá sé de dhualgas ar chomhaltaí aonair an Bhoird na nithe a pléadh ag cruinnithe a choimeád faoi rún mura n-aontaíonn an Bord a mhalairt agus i gcás go n-aontaítear e, níor chóir do chomhaltaí an Bhoird cáineadh poiblí a dhéanamh ar chinntí Boird ná aon rud diúltach a rá ina dtaobh go poiblí, is cuma cén tuairim phearsanta atá acu féin ar an ábhar.

9. Cumarsáid/trédhearcacht an Bhoird

- (a) Éileoidh dea-chleachtas bainistíochta go ndéanfar cumarsáid go minic le tuismitheoirí, leis an bhfoireann agus le pobal na scoile.
- (b) Cuirfidh an Bord nósanna imeachta ar bun le tacú leis an dea-chumarsáid laistigh

de phobal na scoile. Sonraítear in Alt 26(3) den Acht Oideachais, 1998 go ndéanfaidh an Bord *“teagmháil a chur chun cinn idir an scoil, tuismitheoirí mac léinn sa scoil sin agus an pobal agus, i gcás tuismitheoirí ar mian leo cumann tuismitheoirí a bhunú, déanfaidh sé éascaíocht dóibh agus tabharfaidh sé gach cúnamh réasúnach dóibh agus do chumann tuismitheoirí nuair a bheidh sé bunaithe”*.

- (c) Cinntíodh an Bord ag deireadh gach cruinniú de chuid an Bhoird cén fhaisnéis a chuirfear in iúl do na tuismitheoirí, d’fhoireann na scoile agus do phobal na scoile, agus an tslí agus na téarmaí inar chóir í a chur in iúl agus cé a dhéanfaidh é sin. Ba chóir tuairisc chomhaontaithe a tharraingt suas chun na críche sin. Ní chuirfear san áireamh sa tuairisc chomhaontaithe sonraí maidir le haon saincheisteanna nach mór a choinneáil faoi rún ag comhaltaí Boird. Ba chóir nithe dá leithéid a shainiú go soiléir agus ba chóir na comhaltaí a chur ar an eolas maidir lena n-oibleagáidí i leith na gceanglas rúndachta faoi alt 8.

Nóta: Agus scaipeadh faisnéise á údarú aige faoi alt 8(c), beidh beartas oscailteachta ag an mBord agus cur chuige dearfach maidir le faisnéis a roinnt le pobal na scoile. Ní gá go mbeadh forálacha 8(a) maidir le rúndacht ag teacht salach ar fheidhmiú beartais dá leithéid; is é an cuspóir atá le forálacha alt 8 ná cosaint a thabhairt in aghaidh nochtadh míchuí seachas bac a chur le dea-chumarsáid agus trédhearcacht.

10. An Cathaoirleach

- (a) Beidh Cathaoirleach ar gach Bord Bainistíochta a bheidh i dteideal vóta a chaitheamh agus i gcás comhionannas vótaí beidh an dara vóta agus an vóta réitigh aige nó aici chomh maith.
- (b) Is é an Pátrún a cheapfaidh an Cathaoirleach agus is ón gceapachán sin a thiocfaidh a údarás nó a húdarás. Agus an fheidhm seo á fheidhmiú aige/aici, féadfaidh an Pátrún aird chuí a thabhairt ar an deis a bheith páirteach i bpróiseas comhairliúcháin laistigh de phobal na scoile agus/nó le comhaltaí an Bhoird. Tabharfaidh an Pátrún, agus duine á cheapadh mar chathaoirleach aige/aici, aird chuí ar an bhféidirtheacht go gceapfaí go mbeadh coinbhleacht leasa nó coinbhleacht braite leasa i dtaca le seilbh an phoist mar Chathaoirleach agus tabharfaidh sé/sí aird chuí ar chumas an duine aonair dul i mbun dualgais an ról.
- (c) Ní bheidh an Príomhoide ná an t-ainmnitheach múinteora tofa cáilithe le ceapadh ina C(h)athaoirleach ná ina C(h)athaoirleach Gníomhach. Ina theannta sin, más indéanta, níor chóir go mbeadh aon ghaol díreach idir an Cathaoirleach/Cathaoirleach Gníomhach agus aon bhall foirne ar seirbhís nó aon chomhalta Boird.
- (d) Má bhíonn an Cathaoirleach as láthair ó chruinniú ar leith, nó i gcás go dtarraingíonn an Cathaoirleach siar ó chruinniú nó ó chuid de chruinniú mar gheall ar choinbhleacht leasa, déanfaidh an Bord Cathaoirleach Gníomhach a thoghadh le dul i gceannas ar an gcruinniú sin amháin nó ar chuid den chruinniú sin amháin, mar is cuí. Seachas sin, ceapfaidh an Pátrún Cathaoirleach nua nó Cathaoirleach Gníomhach nuair is gá sin (m.sh. sa chás go mbeadh an Cathaoirleach as láthair ar feadh tréimhse fhada).
- (e) Féadfaidh an Bord an Cathaoirleach agus/nó comhalta eile a údarú, i dtaca le feidhm nó feidhmeanna ar leith, le gníomhú ar a shon ar feadh tréimhse sonraithe

ama.

- (f) Tabharfaidh an Bord údarás don Chathaoirleach gníomhú thar ceann an Bhoird agus comhaontú á dhéanamh le gach ball foirne nua a cheaptar ar fhoireann na scoile.
- (g) Gníomhóidh an Cathaoirleach nó, más cuí, an Príomhoide (le cead an Chathaoirligh) thar ceann an Bhoird ag deimhniú na dtuairisceán scoile agus foirmeacha oifigiúla eile de réir mar is gá.
- (h) Foráiltear sna Rialacha do Scoileanna Náisiúnta gur chóir do Bhainisteoirí cuairt a thabhairt ar a scoileanna agus iad féin a shásamh go bhfuil na Rialacha á gcomhlíonadh; comhlíonfaidh Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta an ceanglas seo. Féadfaidh comhaltaí an Bhoird cuairt a thabhairt freisin ar a gcuid scoileanna; ní féidir cuairteanna den sórt sin a dhéanamh, áfach, ach amháin sa chás go bhfuil gnó oifigiúil an Bhoird ar siúl agus de réir mar atá údaraithe ag Cathaoirleach an Bhoird.

11. An Rúnaí

Féadfar liúntas a bheith iníoctha le Príomhoidí a bhíonn ag feidhmiú mar Rúnaithe ar Bhoird Bhainistíochta. Gheofar cur síos ginearálta ar dhualgais an Phríomhoide a ghníomhaíonn mar Rúnaí ar Bhord Bainistíochta in [Imlitir 0079/2007](#). Ní liosta uileghabhálach liosta na ndualgas a bhfuil cur síos orthu san imlitir, áfach, agus féadfaidh an Bord Bainistíochta dualgais eile a chur san áireamh de réir mar a chinnefidh an Bord ó am go chéile.

D'ainneoin fhorálacha na himlitreach, feidhmeoidh an Cathaoirleach mar chomhfhreagraí don Bhord faoi réir alt 16(a) den lámhleabhar seo.

I gcásanna nach ngníomhaíonn Príomhoide scoile mar Rúnaí ar Bhord -

- (a) Toghfaidh an Bord duine dá chomhaltaí mar Rúnaí Taifeadta.
- (b) Beidh dualgais an Rúnaí Taifeadta teoranta don mhéid seo a leanas:
 - (i) Miontuairiscí a choimeád de gach cruinniú i bhfoirm chuí lena gcoimeád in áit shábháilte agus a bheidh ar fáil ar iarratas d'ionadaithe an Phátrúin, na nIonadaithe (i scoileanna ina bhfuil Ionadaithe) agus na Roinne.
 - (ii) Clár oibre a leagan síos do chruinnithe i gcomhairle le Cathaoirleach an Bhoird agus leis an bPríomhoide.
 - (iii) Na cinntí a rinneadh ag na cruinnithe a thaifeadadh sna miontuairiscí lena n-áirítear líon na gcomhaltaí a vótáil ar son nó i gcoinne rúin.

12. An Cisteoir

- (a) Toghfaidh an Bord duine dá chomhaltaí mar Chisteoir, faoi réir alt 6(c). Ní bheidh an Cathaoirleach, an Príomhoide ná ainmnitheach na múinteoirí chun an Bhoird ina C(h)isteoir. Beidh gach rud ar eolas ag an gCisteoir faoi cheanglais Alt 18 den Acht Oideachais, 1998 agus faoi cheanglais an ailt seo agus cheanglais alt 21 den lámhleabhar seo.

- (b) Coinneoidh an Cisteoir cunta(i)s na scoile. Beidh an méid a bheidh i gceist le córas cuí cuntasaíochta ag brath ar mhéid na scoile agus ar éagsúlacht a gníomhaíochtaí. Mar sin féin, tá pacáiste cuntasaíochta do bhunscoileanna, atá bunaithe ar Excel, ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne. Iarrtar ar Bhoird Bhainistíochta smaoineamh ar an bpacáiste cuntasaíochta seo a úsáid.
- (c) Déanfar gach airgead a fhaightear a thaisceadh i gcuntas bainc/í gcuntais bhainc na scoile a bheidh i seilbh na scoile agus cláráithe in ainm na scoile. Is chun críocha riachtanas baincéireachta na scoile amháin a úsáidfear cuntas bainc/cuntais bhainc na scoile. Tá réimse modhanna íocaíochta ann is féidir le Boird a úsáid, lena n-áirítear seiceanna, dochar díreach, cárta creidmheasa, aistriú creidmheasa srl. Ba chóir do Bhoird plé a dhéanamh lena mbaincéirí faoi na modhanna íocaíochta is éifeachtúla ó thaobh costas de.

Caithfidh an Bord é féin a shásamh go bhfuil rialuithe inmheánacha cuí i bhfeidhm do gach idirbheart airgeadais.

Ní mór íocaíochtaí le seiceanna a bheith údaraithe ag beirt de thriúr sínitheoirí ainmnithe an Bhoird, agus ní mór gurb é an Cathaoirleach duine acu agus an Cisteoir an duine eile sa chéad áit. Féadfaidh an Cathaoirleach comhalta Boird a ainmniú, áfach, le feidhmiú mar shínitheoir má tá sé/sí as láthair. Nuair is féidir, ba chóir go dtiocfadh beirt shínitheoirí ó chatagóirí éagsúla de chomhaltaí an Bhoird.

Déanfaidh an Bord a chinntiú go bhfuil rialuithe cuí i bhfeidhm i ndáil leis an úsáid a bhaintear as aon chárta creidmheasa/dochair de chuid na scoile, baincéireacht ar líne srl. Áireofar orthu sin prótacail agus nósanna imeachta cuí maidir le húsáideoir(i) a cheadú, cúram an chárta lena mbaineann, údarú na n-íocaíochtaí, teorainneacha comhaontaithe le híocaíochtaí agus soláthar na ndoiciméad agus na dtaifead tacaíochta.

Féadfar cuntas mionairgid a oibriú. Íocfaidh an Bord mionairgead lena chomhaltaí maidir le costais a thabhaíonn siad ar ghnó an Bhoird, m.sh. postas, táillí teileafóin agus míreanna beaga eile. Féadfaidh sé cibé coinníollacha is cuí leis a leagan síos chun an mionairgead sin a íoc. Ba chóir na cuntais agus na taifid go léir is cuí agus is gnách a choinneáil de réir dea-chleachtais chuntasaíochta, lena n-áirítear ceanglais chun costais a dhearbhu le hadmhálacha, nuair is cuí.

Ní mór gach taifead cuí agus gnách a choinneáil maidir le gach idirbheart airgeadais.

- (d) Cuirfidh an Cisteoir ráiteas cothrom le dáta de na cuntais scoile i láthair ag gach cruinniú ina mbeidh sonraí faoi ioncam agus faoi chaiteachas a tabhaíodh ó bhí an cruinniú roimhe sin ann.
- (e) Coinneoidh an Cisteoir dearbháin caiteachais le scrúdú agus le hiniúchadh ag cuntasóir na scoile agus ag oifigigh na Roinne. Déanfar gach doiciméad airgeadais a chur faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta, agus ar iarratas faoi bhráid an Phátrúin, na nLontaobhaithe (i scoileanna ina bhfuil lontaobhaithe), agus chuig an Roinn ag deireadh gach bliana airgeadais.

13. An Nós Imeachta ag cruinnithe an Bhoird

(a) Minicíocht na gcruinnithe

Tionólfaidh an Bord cibé cruinnithe agus cibé méid díobh ag cibé tráth a mheasfaidh an Cathaoirleach is gá ach beidh ceann amháin acu ar a laghad in aghaidh an téarma scoile agus ní bheidh níos lú ná cúig chruinniú ann in aon bhliain scoile.

(b) An chéad chruinniú

- (i) Síneoidh gach comhalta den Bhord an dearbhú ag [Aquisín G](#), an chéad uair a fheastalaíonn sé/sí ar chruinniú den Bhord sin, nó roimhe sin. Is dearbhú é seo go nglactar le comhaltacht sa Bhord agus go ngealltar go gcloífidh sé nó sí leis na rialacha a bhaineann lena d(h)ualgais de réir *‘Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2015 - 2019’* agus le gach riail, rialachán, reachtaíocht agus imlitir Roinne ábhartha eile a bhaineann le comhaltas agus oibriú na mBord. Go dtí go mbeidh an dearbhú sin sínithe ag an gcomhalta, ní bheidh sé nó sí i dteideal gníomhú mar chomhaltaí den Bhord.
- (ii) I gcásanna nuair nach bhfuil Príomhoide na scoile ag fáil liúntais as gníomhú mar Rúnaí ar Bhord Bainistíochta, toghfaidh an Bord duine de na comhaltaí mar Rúnaí Taifeadta de réir alt 11. Ina theannta sin, toghfaidh an Bord duine dá chomhaltaí mar Chisteoir de réir alt 12.
- (iii) Ba chóir an oiliúint, atá thar a bheith tábhachtach do chomhaltaí nua boird, a phlé ag céad chruinniú an Bhoird, d’fhonn plean a chur i ngníomh trína ndéanfar riachtanais oiliúna chomhaltaí an Bhoird a shainaithint agus a chomhlíonadh. Ba chóir don Bhord plean oiliúna na gcomhlachtaí boird a athbhreithniú agus a nuashonrú go rialta.

(c) Gnáthchruinnithe

- (i) Féadfaidh an Cathaoirleach cruinniú den Bhord a ghairm tráth ar bith.
- (ii) Ní mór fógra i dtaobh am agus áit an chruinnithe atá beartaithe, maraon le clár an chruinnithe, a sheoladh chuig gach comhalta den Bhord seacht lá glan ar a laghad roimh gach gnáthchruinniú. Ba chóir go mbeadh sé soiléir go bhfuil gach comhalta den Bhord i dteideal fógra a fháil faoi na cruinnithe go léir – lena n-áirítear cruinnithe ina bhféadfaí saincheisteanna a bhaineann go díreach le comhalta ar leith a phlé agus b’fhéidir go n-iarrfaí air nó uirthi imeacht ón gcruinniú nó gan freastal más rud é gur an gcúis sin amháin atá an cruinniú le bheith ann. I gcásanna eisceachtúla, féadfar cruinniú den Bhord a thionól agus fógra níos lú ná seacht lá a thabhairt agus i gcásanna dá leithéid ní mór an scéal sin a thaifeadadh sna miontuairiscí.
- (iii) Beidh córam an Bhoird ionann agus:
 - triúr comhaltaí i gcás scoileanna a bhfuil foireann aitheanta de mhúinteoir amháin acu (Bord le 4 comhaltaí),
 - cúigear comhaltaí i gcás scoileanna a bhfuil foireann aitheanta de bhreis agus múinteoir amháin acu (Bord le 8 gcomhaltaí), agus

- seachtar gcomhaltaí i gcás scoileanna a bhfuil socrú comhrialachais acu á fheidhmiú acu de réir alt 3(c) (Bord le 12 comhaltaí).

- (iv) Beidh an córam sin i láthair i rith an chruinnithe go léir.
- (v) Faoi réir alt 13(c)(iii), féadfaidh Bord gníomhú d'ainneoin folúntas amháin nó níos mó i measc a chomhaltaí.
- (vi) Ní chuirfear imeachtaí an Bhoird ó bhail de bharr aon locht a bheith ann maidir le ceapachán ná maidir le cáilíochtaí aon chomhalta den Bhord.
- (vii) Is ag cruinniú cuí-thionóilte den Bhord a ghlacfar gach cinneadh de chuid an Bhoird. Aithnítear go mbeidh sé riachtanach i roinnt cásanna teoranta leas a bhaint as glao comhdhála chun cruinniú Boird a éascú. I gcásanna mar sin, ní mór an méid sin a thaifeadh sna miontuairiscí agus ní mór don Bhord a bheith lánsásta go gcoinneofar imeachtaí an Bhoird faoi rún i gcónaí. De réir cuid (iv) thuas, beidh an córam sin i láthair ó thús deireadh an chruinnithe.
- (viii) I gcás ina ndéantar vótáil faoi ábhar déanfar é a chinneadh le tromlach vótaí na gcomhaltaí a bheidh i láthair agus a bheidh ag vótáil ann agus, sa chás go mbíonn comhionannas vótaí ann, féadfaidh Cathaoirleach an chruinnithe dara vóta agus vóta réitigh a chaitheamh. Déanfar an líon daoine a vótáil ar son agus i gcoinne rúin a thaifeadh.
- (ix) Déanfar miontuairiscí imeachtaí an Bhoird a thaifeadh i bhfoirm iomchuí agus sínfidh Cathaoirleach an chruinnithe sin ar taifead de iad nó Cathaoirleach an chéad chruinnithe eile iad. Is leis an mBord na miontuairiscí agus beidh siad ar fáil ar iarratas don Phátrún, do na hlontaobhaithe (i scoileanna ina bhfuil lontaobhaigh) agus don Roinn.
- (x) Beidh feidhm ag forálacha (iii) go (ix) go huile d'alt 13(c) maidir le gach cruinniú Boird.

(d) Cruinnithe iarrtha

- (i) Nuair a gheofar foréileamh sínithe ón gceathrú cuid ar a laghad de chomhaltaí an Bhoird móide comhalta amháin, nó foréileamh ón bPátrún, ina luafar an gnó atá le cur i gcrích, tionólfadh an Cathaoirleach cruinniú urghnách den Bhord laistigh de sheacht lá agus ní dhéileálfar le haon ghnó eile seachas mar atá sonraithe san fhógra ag cruinniú speisialta den sórt sin.
- (ii) I gcás ina mainneoidh Cathaoirleach cruinniú a thionól laistigh de sheacht lá, tionólfadh an Pátrún nó duine de na comhaltaí atá ag éilimh an chruinnithe cruinniú den sórt sin.

(e) Cruinnithe éigeandála

- (i) Beidh sé de chumhacht ag an bPríomhoide le toiliú an Chathaoirligh cruinniú speisialta éigeandála den Bhord Bainistíochta a thionól i gcás go mbeadh gá leis sin.

- (ii) Tionólfar an cruinniú seo chomh luath agus is féidir tar éis fógra a bheith tugtha do gach comhalta atá ar fáil do chruinniú den sórt sin.
- (iii) Beidh an gnáthchóram ag teastáil.

14. Freagrachtaí an Bhoird maidir leis an bPátrún, na hlontaobhaithe agus an Roinn

Cuirfidh an Bord ar fáil don Phátrún, do na hlontaobhaithe (i scoileanna ina bhfuil lontaobhaithe) agus, nuair a iarrtar é, don Roinn cibé tuairiscí agus tuairisceáin agus tabharfaidh dóibh cibé faisnéis a bheidh de dhíth orthu, chun a bhfeidhmeanna éagsúla a ndáil leis an scoil a chomhlíonadh.

15. Nochtadh leasa/iomláine imeachtaí an Bhoird

- (a) Comhalta den Bhord a bhfuil gaol aige/aici le duine is iarratasóir lena c(h)eadadh ag an mBord mar mhúinteoir nó mar bhall eile d'fhoireann na scoile, an Príomhoide san áireamh, déanfaidh an comhalta sin an gaol, maraon le cineál an ghaoil, a nochtadh láithreach don Bhord agus ní ghlacfaidh sé nó sí páirt in aon bhreithniú nó cinneadh a dhéanfaidh an Bord maidir leis an gceapachán. Sa chomhthéacs sin, ní foláir do chomhaltaí an Bhoird nochtadh a dhéanamh, ní amháin i gcás gaol teaghlaigh, ach i leith aon ghaoil a d'fhéadfaí a mheas mar ghaoil a bheadh dochrach do neamhchlaontacht iomlán sa phróiseas roghnúcháin. Déanfar an nochtadh agus tarraingt siar an chomhalta boird ón bpróiseas breithnithe agus ceapacháin a thaifeadadh i miontuairiscí an Bhoird.

Mar mhír ar leithligh, má thagann gaol den sórt sin chun cinn i gcás aon chomhalta de Bhord Roghnúcháin le haghaidh Príomhoide, Múinteoir nó Cúntóir Riachtanas Speisialta chun cinn, déileálfar leis de réir fhorálacha ábhartha **Aguisíní D, E agus H** mar is cuí.

Ní gá go gciallódh gaol gairmiúil go bhfuil coinbhleacht leasa ann.

- (b) Más rud é go bhfuil gaol ag aon chomhalta den Bhord le haon duine nó má tá baint aige/aici le haon ghnólacht/chuideachta a d'fhéadfadh a bheith mar ábhar nó baint dhíreach a bheith aige/aici le hábhar atá os comhair an Bhoird lena bhreithniú (lena n-áirítear nithe a bhaineann le hearraí nó seirbhísí a sholáthar), nochtfaidh an comhalta Boird sin don Bhord láithreach go bhfuil an gaol sin ann agus cad é nádúr an ghaoil. Mura mbeidh an Bord lánsásta nach bhfuil an gaol atá i gceist dochrach do chaomhnú phrionsabail an cheartais aiceanta agus/nó do riachtanais an tsoláthair phoiblí agus go sonrach an ceanglas dlíthiúil nár chóir go bhféadfaí claontacht a chur i leith imeachtaí an Bhoird, ansin ní ghlacfaidh an comhalta sin aon pháirt i mbreithniú an Bhoird ar an ábhar. Sa chomhthéacs seo, ní foláir do chomhalta an Bhoird nochtadh a dhéanamh, ní hamháin i gcás gaol teaghlaigh, ach i leith aon ghaoil a bhféadfaí a mheas go mbeadh sé dochrach do neamhchlaontacht iomlán i mbreithnithe an Bhoird. Déanfar an nochtadh agus tarraingt siar an chomhalta boird ón bpróiseas breithnithe agus cinnteoireachta a thaifeadadh sna miontuairiscí.
- (c) I gcás go bhfuil comhalta ar bith den Bhord gafa go pearsanta in ábhar atá os comhair an Bhoird lena bhreithniú nó a bhfuil gaol aige/aici leis an té is ábhar di nó baint dhíreach leis an ábhar (gearán ó thuismitheoir san áireamh), tarraingeoidh an comhalta sin siar ó phlé an Bhoird ar an gceist mura mbeidh an Bord lánsásta nach mbeidh láithreach an chomhalta le linn an phlé mar sin dochrach do chaomhnú phrionsabail an cheartais aiceanta agus go sonrach an riachtanas dlí nár cheart go bhféadfaí claontacht

a chur i leith imeachtaí an Bhoird. Sa chomhthéacs seo, ní foláir do chomhalta an Bhoird nochtadh a dhéanamh, ní hamháin i gcás gaol teaghlaigh, ach i leith aon ghaoil a bhféadfaí a mheas go mbeadh sé dochrach do neamhchlaontacht iomlán i mbreithnithe an Bhoird. Ní gá go gciallódh gaol gairmiúil go bhfuil coinbhleacht leasa ann. Déanfar an nochtadh agus tarraingt siar an chomhalta boird ó na breithnithe a thaifeadadh sna miontuairiscí.

- (d) Má bhíonn an Pátrún sásta, tar éis imscrúdú cuí a dhéanamh agus tar éis moladh a fháil ón mBord, gur theip ar aon chomhalta den Bhord gaol a nochtadh, ag aon tráth ábhartha, cuirfidh sé/sí an chomhalta sin ó bhallraíocht an Bhoird faoi réir Alt 16 den Acht Oideachais, 1998 agus ní ainmneoidh sé nó sí an duine sin ina dhiaidh sin mar chomhalta d'aon Bhord Bainistíochta.
- (e) Má tharlaíonn sé go ndiúltaíonn comhalta den Bhord tarraingt siar as cruinniú, mar a fhoráiltear dó san alt seo, cuirfear an cruinniú ar atráth agus, má tharlaíonn sé go ndiúltaíonn an comhalta sin arís tarraingt siar as an gcruinniú ationóilte, tuairisceoidh an Cathaoirleach nó an Rúnaí an cás i scríbhinn don Phátrún, a chuirfidh an comhalta sin ó bhallraíocht de réir Alt 16 den Acht Oideachais, 1998 agus ní cheapfaidh sé/sí an duine sin ina dhiaidh sin mar chomhalta d'aon Bhord Bainistíochta.
- (f) Más mian le comhalta Boird ar seirbhís (nó lena g(h)nólacht nó c(h)uideachta) comhaontú tráchtála/conradh gnó a dhéanamh leis an scoil ní mór don chomhalta Boird atá i gceist:
 - (i) an leas/intinn sin a dhearbhu don Bhord láithreach agus,
 - (ii) féachaint chuige nach mbeidh aon bhaint aige/aici le haon phlé, breithniú nó cinneadh maidir leis an gceist sin agus,
 - (iii) scor de bheith ina chomhalta den Bhord i gcás ina dtéann an comhalta sin isteach i gcomhaontú tráchtála/conradh gnó leis an scoil.

16. Comhfhreagras

- (a) Feidhmeoidh an Cathaoirleach mar chomhfhreagraí don Bhord leis an Roinn agus le gach duine eile. Féadfaidh an Cathaoirleach, áfach, an Príomhoide a ainmniú le feidhmiú mar chomhfhreagraí agus an Cathaoirleach as láthair, nuair is gá. Níor chóir do dhuine ar bith seachas an Cathaoirleach, áfach, aon chomhfhreagras a thugann le fios go bhfuiltear á chur chuig an gCathaoirleach go **príobháideach agus faoi rún** a oscailt.
- (b) Ní dhéanfaidh aon chomhalta den Bhord uirill ná ní chuirfidh sé/sí faoi deara uirill a dhéanamh chuig an Aire, chuig an Roinn ná chuig páirtí ar bith eile maidir le gnó an Bhoird gan an cheist a bheith pléite ag cruinniú de chuid an Bhoird agus údarás a bheith faighte aige/aici ón mBord chun uirill a dhéanamh ar a shon. Mar sin féin, ní sárú ar an alt seo é faisnéis ghinearálta a fhoinsiú, ar an gcoinníoll gur faisnéis ghinearálta í an fhaisnéis a iarrtar agus nach ndéantar aon phlé nó nochtadh ar ghnóthaí ar gnó faoi rún den Bhord iad.
- (c) Cinnteoidh an Cathaoirleach (nó an Príomhoide má ainmnítear é/í in áit an Chathaoirleach atá as láthair) go mbeidh aon chomhfhreagras nó ráitis scríofa thar ceann an Bhoird ar pháipéar ceannnteidil oifigiúil na scoile, nó nuair is cuí a bheith údaraithe trí úsáid stampa oifigiúil na scoile. (Ní choiscfidh rud ar bith san alt seo an scoil ó chomhfhreagras a dhéanamh i bhfoirm ríomhphoist nuair is cuí.)

17. Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003

Ceapadh na [hAchtanna um Chosaint Sonraí](#) chun cearta daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta. Is é an sainmhíniú dlí ar shonraí pearsanta "sonraí a bhaineann le duine aonair beo is féidir a aithint ó na sonraí nó ó na sonraí i dteannta faisnéise eile atá i seilbh an rialaitheora sonraí nó is dóigh a thiocfadh chun bheith ina sheilbh nó ina seilbh." Thug an tAcht um Chosaint Sonraí (Leasú) 2003 taifid láimhe faoi raon feidhme na reachtaíochta cé nár thagair Acht na bliana 1988 ach do chomhaid ríomhaireachta.

Tugtar leis na hAchtanna an ceart do gach duine, is cuma cén náisiúntacht nó áit chónaithe atá aige nó aici, a dheimhniú an bhfuil sonraí pearsanta ann, rochtain a fháil ar aon sonraí den sórt sin a bhaineann leis/léi agus sonraí míchruinne a chur á gceartú nó á léirsciosadh. Ceanglaítear ar rialaitheoirí sonraí a chinntiú go ndéantar na sonraí a choimeádann siad a bhailiú go cóir, go bhfuil siad cruinn agus suas chun dáta, go bhfuil siad á gcoinneáil chun críocha dleathacha, agus nach bhfuil siad in úsáid nó á nochtadh ar aon bhealach atá ar neamhréir leis na críocha sin. Ceanglaítear freisin ar rialaitheoirí sonraí agus próiseálaithe sonraí araon na sonraí a choimeádann siad a chosaint agus forchuirtear dualgas speisialta cúraim orthu i ndáil le daoine aonair faoina gcoinníonn siad sonraí den sórt sin.

Ní mór miontuairiscí an Bhoird agus taifid agus sonraí eile scoile a choimeád i gcomhréir leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Tá gach scoil freagrach as na hAchtanna a chomhlíonadh. Ní mór don Bhord a bheith feasach ar a oibleagáidí dá bhrí sin, i ndáil le rúndacht, cruinneas agus slándáil na dtaifead agus na sonraí go léir atá i seilbh na scoile, Áirítear air sin taifid/sonraí a bhaineann le baill foirne agus daltaí agus taifid/sonraí a bhaineann le gnó an Bhoird.

Sheol Comhlachtaí Bainistíochta na mbunscoileanna agus na n-iar-bhunscoileanna suíomh gréasáin "Cosaint Sonraí sna Scoileanna" www.dataprotectionschools.ie i Meán Fómhair 2014. Is é aidhm an tsuímh ghréasáin seo foramharc a sholáthar ar reachtaíocht cosanta sonraí maraon le míniú ar conas a bhaineann sí le scoileanna.

18. Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise

Bord Bainistíochta a bunaíodh faoi Alt 14 den Acht Oideachais, 1998 seachas Bord Bainistíochta de chuid scoile a bhunaítear nó a chothabháiltear ag Bord Oideachais agus Oiliúna, tá sé díolmhaithe i láthair na huaire faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise.

Mar sin féin, ní mór do Bhoird Bhainistíochta a mheabhúrú go bhféadfadh taifid a chuireann scoil ar aghaidh chuig comhlacht poiblí, agus a bhíonn i seilbh an chomhlachta sin, a bheith faoi réir fhorálacha na hAchtanna um Chosaint Sonraí.

19. Rochtain ar an scoil

Foráiltear in Ailt 13 agus 18 den Acht Oideachais, 1998 gur chóir rochtain iomlán ar scoileanna a bheith ag baill de Chigireacht na Roinne agus oifigigh eile de chuid na Roinne atá bainteach le cigireacht a dhéanamh ar scoileanna. Ina theannta sin, foráiltear i Rial 11 de na Rialacha le haghaidh Scoileanna Náisiúnta go bhféadfaidh "an tAire agus daoine a bheadh údaraithe aige/aici cuairt a thabhairt ar na scoileanna agus iad a scrúdú aon uair is cuí leo." Beidh an ceart rochtana céanna ag an bPátrún agus a c(h)uid ionadaithe. Is féidir leis na hlontaobhaithe agus a gcuid ionadaithe (i scoileanna ina bhfuil lontaobhaithe) freisin cuairt a thabhairt agus scrúdú a dhéanamh ar an láthair scoile agus ar na foirgnimh, mar is

cuí.

20. Úsáid as áitreabh na scoile

I 2005, d'eisigh an Roinn Imlitir Bunoideachais 16/05 chuig gach Bord Bainistíochta maidir le comhroinnt áiseanna scoile leis an bpobal. Gheofar an imlitir ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.education.ie

Is é aidhm a bhí leis an imlitir sin ná hlontaobhaithe agus Boird Bhainistíochta a ghriósú chun dianmhachnamh a dhéanamh ar a leithéid d'arratais, más indéanta. Agus spreagadh á thabhairt do na hlontaobhaithe agus na Boird chun an riachtanas seo a chur san áireamh go híogair, tuigean an Roinn go maith gur cinneadh don Bhord nó do na hlontaobhaithe cuí a bheidh ann, ar deireadh thiar, agus gurb í an tosaíocht i gcónaí leas na scoile, na múinteoirí agus na ndaltaí.

Ní mór a mheabhrú go gcaithfidh ceadú an Aire roimh ré a bheith ann chun áitreabh na scoile a úsáid i gcaitheamh an lae scoile, chun críocha seachas gnáthghnó scoile.

21. Airgeadas

(a) Caiteachas caipitil agus oibreacha

- (i) Ní thabharfaidh an Bord faoi aon athchóiriú, leathnú ná atógáil ar fhoirgneamh agus/nó ar thailte na scoile mura mbeidh agus go dtí go mbeidh sé sin faofa i scríbhinn ag an bPátrún agus ag na hlontaobhaithe (i scoileanna ina bhfuil hlontaobhaithe).
- (ii) Le cois an cheadaithe a cheanglaítear faoi (i) thuas, níor chóir dul i mbun caiteachais chaipitil, a mbeifear ag lorg cúnamh deontais chuige, go dtí go mbeidh cead roimh ré i scríbhinn faighte ón Roinn chun a leithéid a dhéanamh.
- (iii) Caithfidh Boird cloí leis na rialacháin reatha maidir le tógáil agus pleanáil agus le ceanglais reatha do sholáthar poiblí.
- (iv) Ní chuirfidh aon ní sa chuid seo cosc ar an mBord dul i mbun mionoibreacha atá de réir imlitreacha ábhartha na Roinne. Is í [Imlitir 0062/2013](#) Scéim Deontais do Mhionoibreacha ar Shealúchais Scoileanna Náisiúnta an imlitir reatha. Ba chóir ceisteanna faoin imlitir seo a sheoladh chuig Aonad Tógála na Roinne.
- (v) Féadfaidh an Pátrún an Cathaoirleach nó comhalta den Bhord a ainmniú le feidhmiú thar ceann an údaráis scoile chun déileáil leis an Roinn maidir le costais chaipitiúla. Ní mór ainmniúchán mar sin a dhéanamh i scríbhinn.

(b) Íocaíochtaí Deontais

Cuirtear sonraí maidir le maoiniú atá le heisiúint chuig scoileanna, ina mbíonn aon athruithe buiséid, ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne gach bliain.

Ní mór maoiniú atá curtha ar fáil le haghaidh sainchuspóirí, ar nós trealamh TFC a cheannach nó chun cuidiú le tuismitheoirí le costais leabhar, a úsáid le haghaidh an chuspóra ar deonáíodh é agus é sin amháin.

Cuirtear deontais *per capita* ar fáil le costais ghinearálta reatha a chumhdach,

chomh maith le seirbhísí airíochais agus rúnaíochta. De réir [Imlitir 0040/2009](#), féadfar amharc ar na deontais seo mar dheontas coitianta, a d'fhéadfadh an Bord Bainistíochta a leithdháileadh de réir a thosaíochtaí féin.

(c) Árachas

- (i) De ghnáth, tá sé de dhualgas ar an mBord Bainistíochta (tarmligthe ag na hlontaobhaithe, i scoileanna ina bhfuil iontaobhaithe) cumhdach cuimsitheach árachais a chur i bhfeidhm don scoil. I gcás scoileanna Caitliceacha tá sé mar dhualgas ar na hlontaobhaithe i gcomhairle leis an mBord Bainistíochta árachas a chur ar shealúchas na scoile.
- (ii) Cinnteoidh an Bord go mbíonn gach árachas den sórt sin curtha i bhfeidhm agus coinnithe de réir mar is gá chun an scoil, an Bord agus na hlontaobhaithe (i scoileanna ina bhfuil iontaobhaithe) a chosaint in aghaidh gach dliteanais phoiblí agus in aghaidh iarmhairtí neamairt ag duine ar bith atá fostaithe ag an mBord nó ag seirbhíseach nó gníomhaí de chuid an Bhoird, nó in aghaidh fabht ar bith i bhfoirgnimh, in áitribh, i bhfearastú nó i dtrealamh na scoile a d'fhéadfadh caillteanas nó damáiste do dhuine ar bith in áitreabh nó ar áitreabh na scoile a bheith mar thoradh air.
- (iii) Is é seo a leanas an seasamh maidir le scoileanna atá ag feidhmiú ó áitribh ar leis an Aire iad:

Tá Léas, a dhéanfar a fhorghníomhú idir an tAire agus an Pátrún scoile ábhartha, á thabhairt isteach do scoileanna atá ag feidhmiú in áitribh ar leis an Aire iad. De réir téarmaí an Léasa sin, tá oibleagáid ar scoileanna árachais Dlíteanas Phoiblí, Dlíteanas Fostóra agus árachais inneachair a ghlacadh ach níl oibleagáid orthu cumhdach foirgneamh a bheith acu. Beidh foirgnimh, seachas inneachair agus na réimsí sin atá aitheanta go sonrach sa Léas, cumhdaithe ag slánaíocht Stáit.

Cuirfear an Léas ar bun de réir a chéile, ag tosú le scoileanna a chuaigh i mbun oibre le déanaí in áitribh ar leis an Aire iad. Ina dhiaidh sin, cuirfear Léasanna i bhfeidhm i scoileanna atá ag obair cheana féin in áitribh ar leis an Aire iad. Tá sé i gceist na Léasanna a bheith i bhfeidhm i scoileanna den sórt sin a luaithe is indéanta.

Ní mór do Bhoird cloí leis na téarmaí agus na coinníollacha uile atá sonraithe sa Léas a aontaíodh idir Pátrún na Scoile agus an tAire maidir le húsáid an fhoirgnimh agus má eascraíonn éilimh ar bith toisc nár chuir an Bord na téarmaí agus coinníollacha sin i bhfeidhm, ní mór don Bhord Pátrún na Scoile a shlánú ó chaillteanas ar bith mar thoradh air agus polasaí árachais a choinneáil ionas go mbeidh sé in ann sin a dhéanamh.

- (iv) Beidh na polasaithe ábhartha árachais ar fáil lena scrúdú ag páirtithe leasmhara.

(d) Cleachtas cuntasáíochta

Beidh an méid a bheidh i gceist le córas cuí cuntasáíochta ag brath ar mhéid na scoile agus ar éagsúlacht a gníomhaíochtaí. Mar sin féin, tá pacáiste cuntasáíochta do bhunscoileanna, atá bunaithe ar Excel, ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne. Iarrtar ar Bhoird Bhainistíochta smaoineamh ar an bpacáiste cuntasáíochta seo a

úsáid.

Is féidir le Boird leas a bhaint freisin as córais bhaincéireachta ar líne, ach ní mór don Bhord a bheith sásta go bhfuil rialuithe inmheánacha cearta i bhfeidhm chun seirbhísí baincéireachta a úsáid ar líne agus go gcoimeádtar gach gnáthchuntas cóir i leith gach idirbheart (Féach freisin Cuid 12 den lámhleabhar seo).

- (i) Ní mór gach caiteachas a dhéanann an Bord Bainistíochta nó a dhéantar thar a cheann a bheith ceadaithe ag an mBord. Ní mór cuntais agus taifid a choimeád de réir Alt 18 den Acht Oideachais, 1998 ina ndeirtear:

“(1) Ach amháin i gcás scoile a bheidh bunaithe nó faoi chothabháil ag coiste gairmoideachais, coimeádfaidh bord na cuntais agus na taifid go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh sé nó ar chaiteachas an airgid sin a thabhoídh sé agus cinnteoidh sé go ndéanfar, i ngach bliain, na cuntais sin go léir a iniúchadh nó a dheimhniú go cuí de réir an chleachtais chuntasaíochta is fearr.

(2) Déanfaidh an scoil lena mbaineann cuntais a choimeádfar de bhun an ailt seo a chur ar fáil lena n-iniúchadh ag an Aire agus ag tuismitheoirí mac léinn sa scoil, a mhéid a bhaineann na cuntais sin le hairgead a sholáthrófar de réir alt 12 .”

- (ii) Ullmhófar cuntas iomlán ar ioncam agus caiteachas an Bhoird ag deireadh gach scoilbhliana agus déanfar é a iniúchadh agus a dheimhniú de réir dea-chleachtais chuntasaíochta. Ba chóir an cuntas seo a chur ar fáil lena scrúdú do phobal na scoile, lena n-áirítear tuismitheoirí, an Pátrún, na hlontaobhaithe (i scoileanna ina bhfuil lontaobhaithe) agus an tAire. Ba chóir go n-ionchorprófaí sa chuntas seo sonraí na gcuntas uile a d'fhéadfadh a bheith coinnithe go leithleach ag an mBord i gcomhlíonadh ar théarmaí scéimeanna deontais faoi leith.
- (iii) Cuirfear cóipeanna den chuntas seo, dá dtagraítear ag (ii) thuas, faoi bhráid chomhaltaí an Bhoird agus coinneofar cóip den chuntas seo mar chuid de mhiontuairiscí an Bhoird Bhainistíochta.
- (iv) Beidh cuntais na scoile ar fáil freisin le haghaidh iniúcháireachta ag oifigigh na Roinne agus ag oifigigh Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste má iarrtar é.
- (vi) Ní mór do gach idirbheart ó chuntais na scoile a bheith sínithe ag an gCathaoirleach agus ag an gCisteoir. Féadfaidh an Cathaoirleach comhalta Boird a ainmniú, áfach, le feidhmiú mar shínitheoir má tá sé/sí as láthair, mar atá ráite in alt 12(c).

(e) Buiséadú

- (i) Ba chóir do Bhoird Bhainistíochta buiséadú ar bhealach a chuirfidh ar a gcumas oibleagáidí a chomhlíonadh a d'fhéadfadh a bheith substaintiúil ach nach dtagann chun cinn ach go tréimhsiúil.
- (ii) Níor chóir go sáródh caiteachas Boird a n-ioncam bliantúil .
- (iii) Ní foláir rótharraingtí nó cineálacha eile fiacha nó farasbairr chaiteachais

thar ioncam a bheith faofa ag an bPátrún, i gcomhar leis na hlontaobhaithe (i scoileanna ina bhfuil lontaobhaithe) nuair is gá, agus ba chóir iad a sheachaint ach amháin ar feadh tréimhsí teoranta, agus i gcás ina mbíonn an Bord sásta go mbeidh an Bord ábalta an rótharraingt nó na fiacha a ghlanadh.

- (iv) Ag tús na bliana airgeadais, ceapfaidh agus glacfaidh an Bord le buiséad don bhliain.
- (v) Ba chóir go mbeadh soláthar in áireamh sa bhuiséad sin le haghaidh gach uile mír ábhartha chaiteachais amhail árachas, riachtanais seomra ranga a cheannach, costais chothabhála srl.
- (vi) Féadfaidh an Bord Bainistíochta fochoiste airgeadais a chur ar bun le feidhmiú faoi údarás an Bhoird.
- (vii) Tá Cumann Tuismitheoirí i dteideal cistí a bhailiú le haghaidh cúrsaí riaracháin agus gníomhaíochtaí an chumainn agus cuntas bainc a bheith aige in ainm an Chumainn Tuismitheoirí. Rachaidh an Cumann Tuismitheoirí i gcomhairle leis an mBord i dtaobh aon bhailiú cistí ar son na scoile nó ar son tionscadail scoile. Beidh faomhadh an Bhoird ag teastáil sula mbailítear na cistí seo. Is dea-chleachtas taifead a dhéanamh ar an gcomhaontú a rinneadh idir an Bord agus an Cumann Tuismitheoirí maidir le bailiú cistí, lena n-áirítear an cuspóir dár bailíodh na cistí, an tslí ina mbaileofar na cistí, an amlíne d'aistriú na gcistí a bailíodh ó chuntas bainc an Chumainn Tuismitheoirí chuig an mBord agus tréimhse ama mheasa an tionscadail aontaithe. Ba chóir an comhaontú a thaifeadadh i miontuairiscí chruinnithe an Bhoird Bhainistíochta agus an Chumainn Tuismitheoirí faoi seach. Ina dhiaidh sin, ba chóir don Bhord Bainistíochta nuashonruithe rialta a iarraidh ón gCumann Tuismitheoirí maidir leis an mbailiú cistí agus na nuashonruithe sin a thaifeadadh i miontuairiscí chruinnithe an Bhoird.

Is é an Bord Bainistíochta, i gcomhairle leis an gCumann Tuismitheoirí, a bheidh freagrach as na cistí seo a chaitheamh. Ba chóir gach airgead a bhailítear nó a ghintear le haghaidh tionscadail chomhaontaithe ar son na scoile a aistriú, a luaithis is indéanta, chuig an mBord agus de réir na hamlíne aontaithe d'aistriú na cistí faoi mar atá leagtha amach sa chomhaontú idir an Bord Bainistíocht agus an Cumann Tuismitheoirí. Ní mór aon chistí a bhailítear a úsáid chun na críche/na críocha dar bailíodh an t-airgead. Má tharlaíonn sé, i gcúinsí eisceachtúla, nach gá don Bhord na cistí uile a bailíodh a úsáid le haghaidh an chuspóra a sonraíodh, cuirfidh an Bord é sin in iúl don Chumann Tuismitheoirí agus nuair is cuí, don phobal áitiúil. I gcás ar bith ní mór na cistí a úsáid ar son na scoile. Cinnfidh an Bord i gcomhairle le coiste an Chumainn Tuismitheoirí an t-athrú cuspóra a mbainfear úsáid as na cistí ina leith.

(f) Duine a fhostú i gcáil phríobháideach

Is iad an Roinn agus an [Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta](#) a chinneann go lárnach an leithdháileadh foirne do mhúinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta.

Cuirtear maoiniú ar son seirbhísí rúnaíochta agus airíochais i bhfoirm deontas bliantúil do na scoileanna.

Meabhraítear do scoileanna go gcaithfear maoiniú/deontais stáit a chaitheamh chun na críche dár leithdháileadh iad agus nár chóir iad a úsáid chun cothabháil a dhéanamh ar aon socrú príobháideach fostaíochta a rinne an scoil mar mhír ar leithligh. Tá mórchuid Comhlachtaí Bainistíochta agus Pátrún ann nach gceadaíonn dá scoileanna múinteoirí a fhostú ar bhonn príobháideach. Maidir leis sin, ní mór don Bhord ceadú an Phátrúin a lorg sula bpléitear socrú den sórt sin. I gcás ina dtéann an Bord isteach i socrú príobháideach fostaíochta den sórt sin, ní mór dó a bheith meabhrach go bhféadfaí é a nochtadh do chostais leanúnacha fostaíochta, lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn as aon Chonradh Tréimhse Éiginnte a thiocfadh chun cinn. Ní mór don Bhord, mar sin, aird chuí a thabhairt ar chumas na scoile post mar sin a chothabháil ó mhaoiniú ó fhoinsí nach ó Státchiste é (a fhéadfaidh a bheith ina mhaoiniú aon uaire) lena n-áirítear aon chostais leanúnacha a d'eascródh as Conarthaí Tréimhse Éiginnte.

(g) Rialachais Airgeadais sna Bunscoileanna a Thacú

I láthair na huaire, tá an Roinn ag beartú socruithe a chur ar bun a neartóidh agus a thacóidh leis na socruithe rialachais airgeadais reatha ar leibhéal na bunscoile. Sa mhéid sin, measann an Roinn gur dea-eiseamláir í an cineál seirbhíse a sholáthraíonn an tAonad Tacaíochta um Sheirbhísí Airgeadais* do mheánscoileanna deonacha den chineál seirbhíse a bheadh inmhianaithe a bheith ar fáil do bhunscoileanna, agus í mionathraithe mar is cuí chun riachtanais earnáil an bhunoideachais a léiriú.

Bhí cainteanna ag an Roinn leis na páirtithe leasmhara ábhartha ar an ábhar seo agus beidh cainteanna eile ann sula gcuirfear aon socruithe eile i gcrích. Ar infhaighteacht maoinithe a bhraithfidh an amlíne a cheapfar chun tús a chur le seirbhís dá leithéid ag leibhéal na bunscoile.

Cuirfear aon fhógra eile do bhunscoileanna i dtaca leis an ábhar seo ar fáil i bhfoirm imlitreach ón Roinn.

*Bunaíodh an tAonad Tacaíochta um Sheirbhísí Airgeadais i 2006 chun modh tacaíochta a sholáthar do na meánscoileanna deonacha uile le cur ar a gcumas forálacha an Achta Oideachais 1998 maidir le cuntasacht, trédhearcacht agus freagracht airgeadais as cistí Stáit a chomhlíonadh. Leagtar a ról agus a chuspóirí amach in [Imlitir M36/05](#) na Roinne agus áirítear orthu:

- Seirbhís chomhairle agus tacaíochta a chur ar fáil do mheánscoileanna deonacha ar gach gné de bhainistíocht agus de rialú airgeadais. Mar chuid den phróiseas seo, ceapadh nósanna imeachta agus formáidí cuntasáochta caighdeánaithe.
- Cuntais bhliantúla a fháil ó scoileanna.
- Iniúchtaí a dhéanamh, faoi mar is gá.

22. Nósanna imeachta maidir le Múinteoirí/Príomhoidí/Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRSanna) a cheapadh

Tá nósanna imeachta maidir le Múinteoirí a cheapadh leagtha amach in [Aquisin D.](#)

Tá nósanna imeachta maidir le Príomhoidí a cheapadh leagtha amach in **Aguisín E.**

Tá nósanna imeachta maidir le Cúntóirí Riachtanas Speisialta a cheapadh leagtha amach in **Aguisín H.**

23. Ceapachán gach fostaí de chuid an Bhoird Bhainistíochta

Cuirtear i gcuimhne don Bhord go bhfuil sé de dhualgas air cloí leis an reachtaíocht reatha agus le himlitreacha uile na Roinne a bhfuil feidhm reatha leo i gcás ceapachán agus ceadú an Phátrúin a fháil roimh ré do cheapachán na múinteoir uile (lena n-áirítear Príomhoidí) agus na foirne Cúntóirí Riachtanas Speisialta.

Gné riachtanach de chleachtas cosanta leanaí is ea nósanna imeachta earcaíochta atá críochnúil. Ní mór don Bhord a chinntiú go gcomhlíontar ceanglais na Roinne (atá léirithe faoi láthair in [Imlitir 0063/2010](#)) maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda agus maidir le dearbhú reachtúil um chosaint leanaí a sholáthar agus foirm ghaolmhar ghealltanais ó dhaoine atá á gceapadh i bpoist mhúinteoireachta agus neamhmhúinteoireachta. Cuirfear scoileanna ar aon eolas trí imlitir faoi aon athruithe a dhéanfar ar na ceanglais sin amach anseo. Maidir leis seo, féach ar an **Nóta Tábhachtach** seo a leanas.

Nóta Tábhachtach: Ritheadh an *tAcht um Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin 2012* (an tAcht Grinnfhiosrúcháin) i 2012. Meastar, i ndiaidh leasuithe áirithe a dhéanfar air, atá á gcur chun cinn ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an lámhleabhar seo á chur i gcló, go dtiocfaidh an tAcht i bhfeidhm i 2015. Ar theacht i bhfeidhm dó, cuirfear ar bun leis an Acht ceanglais áirithe reachtúla maidir le grinnfhiosrú Garda ar dhaoine atá ag obair le leanaí agus le daoine fásta leochaileacha, lena n-áirítear daoine a oibríonn i scoileanna.

Ba chóir a mheabhrú go leanfar de na socruithe reatha neamhreachtúla maidir le grinnfhiosrú Garda faoi Imlitir 0063/2010 na Roinne, a bheith i bhfeidhm go dtí go n-achtaítear an tAcht Grinnfhiosrúcháin. Gabhfaidh imlitir nua áit [Imlitir 0063/2010](#) ón uair a achtaítear an tAcht Grinnfhiosrúcháin. Tá sé tábhachtach, mar sin, suíomh [gréasáin na Roinne](#) a sheiceáil chun an staid reatha maidir leis sin a fháil amach.

24. Foirm um athrú foirne

Eisítear foirm um athrú foirne go bliantúil chuig gach scoil i dtaca le múinteoirí buana agus sealadach a íoctar trí phárolla na Roinne.

Eisítear foirm um athrú foirne faoi leith freisin maidir le foireann neamh-mhúinteoireachta a íoctar trí phárolla na Roinne.

Déanfar athruithe ar bith maidir le stádas an fhostaí sa scoil a thaifeadadh ar an bhfoirm iomchuí agus cuirfear ar ais í laistigh den tréimhse ama atá leagtha síos ag an Roinn.

Tá sé riachtanach go ndéanfar gach foirm a chomhlánú ina hiomláine, a scrúdú agus a sheiceáil ag an gCathaoirleach, a bheith sínithe ag an bPríomhoide/gCathaoirleach agus a chur ar ais laistigh den tréimhse ama sonraithe lena chinntiú go n-íoctar fostaíthe na scoile mar is ceart.

25. Córas Éilimh Ar Líne (CEAL)

Tugadh CEAL isteach ionas go mbeadh sé ar chumas scoileanna sonraí saoire le haghaidh múinteoirí agus cúntóirí riachtanas speisialta a chur isteach agus go mbeifí in ann éilimh a dhéanamh ar an ionadaí cuí. Déantar córais phárolla agus phearsanra na Roinne a nuashonrú trí na sonraí a chuireann na scoileanna isteach, nuair a bhíonn siad bailíochtaithe, agus eisítear íocaíocht go díreach chuig an múinteoir/CRS.

Tá Boird Bhainistíochta freagrach as neamhláithreacht múinteoirí agus CRS a thaifeadadh ar an gcóras. Ba chóir do Bhord a chinntiú go ndéantar gach neamhláithreacht, inionadaithe nó neamh-inionadaithe, a thaifeadadh ar an CEAL. Éilíonn an Roinn go ndéanfaí neamhláithreachtaí saoire a thaifeadadh lena chinntiú go n-íoctar gach ball foirne mar is ceart agus go bhfuil stair sheirbhíse an duine mar is ceart. Ba chóir do scoileanna taifid saoire a thaifeadadh de réir mar a tharlaíonn siad agus ní mór iad a chur isteach de réir an dáta.

Ba chóir do Bhoird a chinntiú go ndéantar doiciméid tacaíochta maidir le comhlánú sonraí CEAL a choinneáil go daingean i.e. teastais dochtúra, freastal ar chúrsaí inseirbhíse/inghairme, saoire thuismitheoirí agus saoire chúramóra.

Tá dualgas ar Bhoird Bhainistíochta a chinntiú go mbíonn iomláine agus sábháilteacht an chórais CEAL coinnithe an t-am ar fad, de bhrí go bhfuil oibleagáid ar an Roinn aon taifid falsaithe a thuairisciú don Gharda Síochána.

Chun iomláine an chórais CEAL a choinneáil, ní mór do na Boird Bhainistíochta a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm gnéithe riachtanacha rialaithe agus slándála. Moltar do Bhoird Bhainistíochta nár cheart i gcás ar bith don duine céanna i scoil tabhairt faoi shonraí a chur isteach agus na sonraí sin a fhorghnó. Ba chóir don duine atá freagrach as sonraí a chur isteach agus don fhorghnóir a chinntiú go bhfuil na sonraí maidir le baill foirne curtha isteach mar is ceart ar an gcóras. Ní mór don duine atá ainmnithe d'Iontráil Sonraí ar an gcóras agus Formheastóir(i) Sonraí an chórais a bpasshocail agus faisnéis ar bith eile a choinneáil sábháilte an t-am ar fad agus níor chóir dóibh iad a thabhairt do bhaill eile foirne.

Ba chóir go mbeadh Boird Bhainistíochta ar an eolas freisin go bhfuil saoráid ar an CEAL le tuairiscí a chur amach faoi gach neamhláithreacht arna nglacadh ag múinteoirí agus CRSanna i dtréimhse shainithe.

Féadtar na tuairiscí sin a dhéanamh ar leibhéal scoile agus ba chóir iad a sholáthar don Bhord ar bhonn rialta, nó i gcás ina n-iarrann an Bord é, agus aird chuí á tabhairt ar rúndacht aon fhaisnéise pearsanta de chuid na mball foirne. Ba chóir cóipeanna a chur ar aghaidh chuig na baill foirne lena mbaineann freisin.

Déan tagairt do Imlitir [0024/2013](#) - Treoirínte Oibríochta do Bhoird Bhainistíochta agus do Bhaill Foirne atá ainmnithe chun an Córas Éileamh ar Líne a Oibriú i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta. Gheofar an imlitir sin ar shuíomh [gréasáin na Roinne](#).

26. Treoirínte Sláinte agus Sábháilteachta

De réir an [Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005](#), tá sé de fhreagracht ar Bhord Bainistíochta bunscoile ráiteas sábháilteachta a bheith ar bun ina scoil agus, a mhéad agus indéanta, sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair de chuid a fostaithe agus de chuid na ndaoine sin a ndéanann gníomhaíochtaí oibre na scoile difear ar bith dóibh, a chinntiú. Ba chóir go n-aithneofaí sa ráiteas sábháilteachta guaiseanna

féideartha, go measúnófaí na rioscaí don tsláinte agus don tsábháilteacht agus go ndéanfaí soláthar chun sábháilteacht agus sláinte na bhfostaithe agus na ndaltaí a chosaint.

Is é an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta an comhlacht ar a bhfuil freagracht reachtúil as a chinntiú go gcomhlíonann gach fostóir, scoileanna san áireamh, na riachtanais sláinte agus sábháilteachta. Tá treoirlinnte eisithe ag an [Údarás Sláinte agus Sábháilteachta](#), i gcomhar le hIonad Oideachais Chill Chainnigh, do na bunscoileanna uile ar an tslí le sábháilteacht, sláinte agus leas a bhainistiú. Forbraíodh na treoirlinnte seo tar éis dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha agus tá siad foilsithe ar shuíomh gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta www.hsa.ie

27. Soláthar Earraí agus Seirbhísí

Is oifig sa [Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe](#) í Oifig an tSoláthair Rialtais. Tá sé de chúram uirthi socruithe soláthair na hearnála poiblí maidir le hearraí agus seirbhísí coiteanna a lárú. D'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe [Ciorclán 16/13](#) ina leagtar amach an seasamh maidir le comhlachtaí poiblí ag baint úsáide as creataí agus conarthaí lárnacha. Tagann gach comhlacht, scoileanna san áireamh, a fhaigheann os cionn 50% dá n-ioncam ó chistiú poiblí, faoi shainordú an chiorcláin seo.

Aonad Soláthair na Scoileanna

Is acmhainn lárnach tacaíochta é Aonad Soláthair na Scoileanna trína dtugtar treoir do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna uile (seachas scoileanna na mBord Oideachais agus Oiliúna) ar aon cheist a bhaineann le soláthar.

Tugann sé cabhair agus comhairle phraiticiúil do na scoileanna ar an tslí lena bpróisis agus a gcleachtais soláthair a fheabhsú ar bhonn leanúnach.

Tá an tAonad ar fáil mar chéad phointe tagartha do na scoileanna maidir le haon cheist soláthair. Cuirfidh an tAonad comhairle agus treoir ar fáil le cinntiú go gcomhlíonann na scoileanna a gcuid dualgas go hiomlán. Gheofar eolas breise ag www.jmb.ie/school-procurement

28. An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014

Tháinig an tAcht um Nochtadh Cosanta 2014 i bhfeidhm an 15 Iúil 2014 agus cuirtear leis ceanglas ar gach comhlacht poiblí (scoileanna san áireamh) nósanna imeachta a bhunú agus a chothabháil maidir le nochtadh cosanta a dhéanfadh oibrithe atá nó a bhí fostaithe ag an gcomhlacht poiblí agus maidir le déileáil le nochtadh den sórt sin.

Is é cuspóir an Achta seo oibrithe a chosaint ar phionós as éagóir nó éagóir féideartha a thugann siad faoi deara san ionad oibre a nochtadh.

Ar phríomhfhorálacha an Achta um Nochtadh Cosanta 2014 tá:

- Toirmeasc ar oibrithe a phionósú as nochtadh cosanta a dhéanamh, agus sainmhíniú leathan déanta ar 'oibri'.
- Raon leathan 'éagóracha ábhartha' is féidir a thuairisciú lena n-áirítear cionta coiriúla, sáruithe ar oibleagáidí dlí i gcás inar cuireadh sláinte agus sábháilteacht duine i mbaol nó ina bhféadfaí iad a chur i mbaol, iomrall

ceartais, úsáid neamhdhleathach nó neamhchuí cistí poiblí nó aon iarracht chun faisnéis maidir le héagóirí dá leithéid a cheilt.

- 'Córas nochta de réir a chéile' a spreagann oibrithe chun tuairisciú d'fhostóirí ar an gcéad dul síos.

Ceanglaítear ar gach scoil socruithe cuí a bheith i bhfeidhm chun nochtuithe dá leithéid a ghlacadh óna hoibrithe. Moltar do na fostóirí uile i.e. Boird Bhainistíochta Beartas um Nochtadh Cosanta a chur i ngníomh le cois na nósanna imeachta riachtanacha a bhunú.

29. Clárú gach scoile leis an Údarás Rialála Carthanas

Faoi Acht Carthanas, 2009 ceanglaítear ar gach Bord a scoil a chlárú leis an [Údarás Rialála Carthanas](#) agus an fhaisnéis seo a fhíorú uair sa bhliain. Oibríonn an Roinn agus an tÚdarás Rialála Carthanas go dlúth chun an próiseas clárúcháin a dhéanamh chomh simplí agus is féidir. Ní mór liosta do chomhaltaí an Bhoird (de réir [Aguisín G](#) den lámhleabhar rialachais seo) a sholáthar don Údarás Rialála Carthanas le foilsiú ar a chlár. Maidir leis sin, beidh sé de cheanglas cóip [d'Aguisín G](#) a chur ar aghaidh chuig an Údarás. Roimhe sin rachaidh an tÚdarás Rialála Carthanas i dteagmháil le gach scoil ar leith chun na socruithe clárúcháin deiridh a mhíniú. Is féidir ceisteanna a chur go díreach ar an Údarás Rialála Carthanas le ríomhphost: info@charitiesregulatoryauthority.ie

30. Bainistíocht Fuinnimh sna Scoileanna

Ach úsáid fuinnimh sna scoileanna a bhainistiú, is féidir le scoileanna buntáiste a bhaint as méadú ar leibhéil chompoird, laghduithe ar chostais agus feidhmíocht chomhshaoil níos fearr.

Tá sé léirithe gur féidir le scoileanna suas le 10% a choigilt go héasca ar chostais fuinnimh sa bhliain ach athruithe a dhéanamh ar iompar sa scoil. Leis an gclár Fuinneamh san Oideachas tairgtear raon tacaíochtaí atá forbartha ag [Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann](#) i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scoileanna chun cabhrú le scoileanna chun cleachtais bhainistíochta fuinnimh a fheabhsú agus airgead a choigilt. Gheofar ar an suíomh gréasáin gearrthóga físeáin, leathanaigh fíricí agus cás-staidéir ar réimsí ar leith ar féidir díriú orthu, maraon le cur chuige céim ar chéim ar an tslí le tús a chur leis. Gheofar treoir ar bhainistíocht fuinnimh agus sonraí faoi raon na dtacaíochtaí atá ar fáil ag www.energyineducation.ie

Dualgas Reachtúil chun Monatóireacht a dhéanamh ar Úsáid Fuinnimh agus é a Thuairisciú Gach Bliain

Tá oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí uile na hearnála poiblí, agus scoileanna san áireamh, tuairisciú gach bliain ar a n-úsáid fuinnimh chuig Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. Chuir an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádurtha an ceanglas sin in iúl do na scoileanna uile i scríbhinn i Nollaig 2014.

Tá córas monatóireachta agus tuairiscithe fuinnimh ar líne forbartha ag an Údarás agus an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádurtha chun cabhrú le scoileanna a n-úsáid fuinnimh a thuairisciú. Chomh maith le cabhrú le scoileanna sonraí fuinnimh a thuairisciú agus a rianú gach bliain, cuireann an córas ar líne na nithe seo a leanas ar fáil:

- Scórchárta a léiríonn dul chun cinn na scoile go dtí sin i roghbhlúire cumhachtach.

- Rochtain ar líne ar shonraí bliantúla ídithe leictreachais agus gáis nádúrtha.
- An rogha chun sonraí ábhartha a chomhroinnt le creat soláthair fuinnimh Sholáthar an Rialtais.

Gheofar faisnéis bhreise ar an bpróiseas tuairiscithe ag:
www.seai.ie/your_business/public_sector/reporting

Aguisín A - Nós imeachta maidir le duine a ainmniú/a thoghadh a ainmneofar don Phátrún lena cheapadh mar ainmnitheach na múinteoirí

1. Ba chóir cruinniú foirne a thionól chun múinteoir a roghnú a ainmneofar don Phátrún lena c(h)eadadh mar ainmnitheach na múinteoirí ar an mBord Bainistíochta. I scoileanna ina bhfuil socrú comhrialachais á chur i bhfeidhm de réir alt 3(c) den lámhleabhar seo, tionólfaidh ionadaí an Phátrúin comhchruinniú d'fhoireann an dá scoil chun na críche seo. Tabharfar fógra deich lá, ar a laghad, faoin gcruinniú sin do gach duine a bheidh i dteideal vóta a chaitheamh ag an gcruinniú sin.
2. Ag an gcruinniú iarrfar ainmniúcháin ó mhúinteoirí ar seirbhís, an Príomhoide san áireamh, a mbeidh vóta aici/aige freisin. Chun na críche seo, ciallóidh múinteoirí ar seirbhís múinteoirí atá ag fónamh i scoil i gcáil bhuan nó i gcáil téarma seasta i gcás inar sé mhí nó níos faide téarma an cheapacháin.
3. Níl na múinteoirí seo a leanas incháilithe le bheith ainmnithe, le vóta a chaitheamh nó le múinteoir eile a ainmniú:

- (i) múinteoirí (lena n-áirítear múinteoirí ionaid) ar lú ná sé mhí a dtéarma ceapacháin*;
- (ii) múinteoirí ar sos gairme;
- (iii) múinteoirí ar iasacht;
- (iv) múinteoirí ar seirbhís thar lear.

*Is féidir a mheas gur múinteoir ar seirbhís é múinteoir den sórt sin, áfach, i gcásanna nuair nach féidir aon mhúinteoir ar seirbhís (seachas an Príomhoide/Príomhoide Gníomhach) a ainmniú/a thoghadh ar an mBord.

4. Ní mór gach ainmniúchán a bheith cuidithe.
5. Más rud é nach bhfuil ach aon ainmniúchán amháin, measfar an duine a ainmníodh a bheith tofa.
6. Más rud é go bhfuil níos mó ná aon ainmniúchán amháin ann, tionólfar rúnballóid ag an gcruinniú agus sa chás sin ceapfar beirt áiritheoirí.
7. Déanfar an vóta a chomhaireamh go poiblí ag an gcruinniú agus cuirfear toradh na ballóide in iúl don fhoireann agus d'ionadaí an Phátrúin.
8. I gcás comhionannas vótaí idir na hainmnithigh, cuirfear ar crann é chun ainmnitheach na múinteoirí a thoghadh.
9. I gcás scoil dhá oide, is é an Múinteoir Ranga sa ghnáthchúrsa a bheidh mar ainmnitheach don Phátrún mar ainmnitheach na múinteoirí, mura bhfuil an scoil ina scoil bhunáite ag múinteoir acmhainne nó múinteoir tacaíochta foghlama agus sa chás sin beidh feidhm ag an nós imeachta atá leagtha amach ag 1 – 8 den aguisín seo. Ní bheidh feidhm ag an bhforáil seo d'Aguisín A i gcás ina bhfuil socrú comhrialachais de réir alt 3(c) den lámhleabhar seo á chur i ngníomh.
10. Maidir leis an mbeirt mhúinteoirí ar Bhoird Bhainistíochta Scoileanna Clochair agus Mainistreach, is é a bheidh i gceist ná, más rud é gur Cléireach é/í an Príomhoide, is tuata a bheidh i gcomhalta tofa na múinteoirí agus, más tuata é/í an Príomhoide, moltar gur Cléireach a bheidh i gcomhalta tofa na múinteoirí.
11. Úsáidfear an nós imeachta atá leagtha amach ag 1 – 9 den aguisín seo chun folúntas ainmnitheach múinteora ar bith a líonadh, lena n-áirítear ainmnitheach ionaid múinteora chun folúntas a líonadh tar éis don chéad ainmnitheach múinteora dul i mbun oifige mar Phríomhoide Gníomhach.

Aguisín B - Nósanna imeachta maidir le tuismitheoir(i) a ainmniú/a thoghadh lena gceapadh ag an bPátrún mar ainmnitheach/ainmnithigh na dtuismitheoirí ar an mBord.

Ba chóir an nós imeachta seo a úsáid chun ainmnitheach/ainmnithigh tuismitheoirí a roghnú den chéad uair agus i gcás fothoghcháin ar bith a thionólfar tar éis dul i gcomhairle leis an gCumann Tuismitheoirí.

Cinnfear modh toghcháin d'ainmnithigh tuismitheoirí i gcomhairle le hainmnithigh na dtuismitheoirí ar an mBord atá ag imeacht as oifig agus aon Chumann Tuismitheoirí sa scoil.

Tá rogha de dhá nós imeachta atá i bhfeidhm*. Leagtar amach iad i roghanna 1 agus 2 den aguisín seo. Ní féidir ach ceann amháin de na roghanna a chur i bhfeidhm. Ní mór an rogha a roghnaítear a leanúint ina hiomláine. Ag deireadh an phróisis cuirfidh ionadaí an Phátrúin in iúl don Phátrún an rogha a d'úsáideadh agus deimhneoidh gur cloíodh go hiomlán leis na nósanna imeachta faoin rogha a roghnaíodh.

"I gcás ina bhfuil socrú comhrialachais á chur i ngníomh de réir alt 3(c) den lámhleabhar seo, ní féidir ach rogha 1 a chur i ngníomh.

D'fhonn a áirithiú go mbeidh an ionadaíocht is leithne agus is féidir ann, ba chóir nuair is indéanta sin,

- go mbeadh an bheirt tuismitheoirí ó theaghlaigh ar leithligh agus gan gaol ar bith a bheith acu le comhalta ar bith eile den Bhord nó ball foirne agus a bheith tofa ag an gcomhlacht ginearálta de tuismitheoirí na leanaí atá cláraithe sa scoil agus a bhfuil tús curtha acu lena bhfreastal ar an scoil.
- níor chóir do tuismitheoirí leanaí atá cláraithe agus a bhfuil tús curtha acu lena bhfreastal ar an scoil a ainmniú ná a thoghadh ar an mBord ach amháin de réir alt 3(a)(ii) nó 3(b)(ii) nó 3(c)(ii) den lámhleabhar seo.

Folúntais i measc ainmnithigh na dtuismitheoirí

I gcás folúntais a tharlaíonn i measc ainmnithigh na dtuismitheoirí, féadfaidh an Bord Bainistíochta, tar éis dul i gcomhairle leis an gCumann Tuismitheoirí, a mholadh don Phátrún

- (a) an chéad duine eile, as na daoine nár toghadh chun an Bhoird i dtús báire, ag a bhfuil an líon is airde vótaí, a chomhthoghadh chun an folúntas a líonadh, é sin nó
- (b) fothoghchán a reáchtáil chun áit ainmnitheach na dtuismitheoirí a líonadh. Moltar gan aon fhothoghchán le haghaidh ainmnitheach na dtuismitheoirí a reáchtáil le linn shos an tsamhraidh agus i gcás ar bith ní féidir a bheith bainteach leis ach tuismitheoirí na leanaí sin atá cláraithe sa scoil agus a bhfuil tús curtha acu lena bhfreastal ar an scoil tráth an fhothoghcháin sin.

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí

Agus mionsonraí á scaipeadh maidir leis na hainmnithigh a mholtar lena gceapadh mar ainmnithigh tuismitheoirí ar an mBord, ba chóir d'ainmnitheach an Phátrúin agus don Chumann Tuismitheoirí a bheith aireach maidir lena gcuid dualgas ag éirí as na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 agus an gá atá ann na hAchtanna a chomhlíonadh go hiomlán i ndáil le bailiúchán, úsáid agus nochtadh sonraí pearsanta arna bpróiseáil. Toisc go bhfanann an fhreagracht as na hAchtanna a léirmhíniú agus a chomhlíonadh le gach scoil, institiúid nó comhlacht oideachais ar leith, ba chóir do na comhlachtaí seo iad féin a chur ar an eolas go hiomlán faoi fhorálacha na hAchtanna. Ba chóir a mheabharrú freisin nach ceadmhach ainmneacha na dtuismitheoirí a scaipeadh gan toiliú a fháil roimh

Aguisín B (ar leanúint)

ré - Féach Rogha 2 (1) den aguisín seo.

Rinneadh na hAchtanna a cheapadh chun príobháideachtas daoine aonair a chosaint maidir le sonraí pearsanta agus d'fhonn éifeacht a thabhairt sa tír seo do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Daoine Aonair a Chosaint maidir le Sonraí Pearsanta a Phróiseáil go hUathoibríoch (1981).

Rogha 1

1. Déanfaidh ionadaí an Phátrúin socrú le haghaidh cruinnithe tuismitheoirí leanaí atá cláraithe sa scoil agus a bhfuil tús curtha acu lena bhfreastal ar an scoil. I gcás ina bhfuil socrú comhrialachais de réir alt 3(c) den lámhleabhar seo á chur i ngníomh, comhchruinniú de thuismitheoirí na leanaí atá cláraithe i gceachtar den dá scoil, agus a bhfuil tús curtha acu lena bhfreastal ar cheachtar den dá scoil, a bheidh sa chruinniú. Tabharfar fógra deich lá, ar a laghad, faoin gcruinniú sin do gach duine a bheidh i dteideal vóta a chaitheamh ag an gcruinniú sin. Déanfaidh an fógra seo:
 - (a) a chur in iúl go lorgófar ainmniúcháin ó thuismitheoirí le haghaidh daoine a sheasfaidh i dtoghchán d'ainmnithigh tuismitheoirí ar an mBord,
 - (b) a shoiléiriú cibé acu a mbeidh ballóid ag an gcruinniú leis na hainmnithigh a thoghadh nó an reáchtálfar an bhallóid ina dhiaidh sin mar bhallóid phoist,
 - (c) i gcás ina mbeartaítear ballóid phoist a bheith ann, tabharfar an dáta is déanaí le páipéir bhallóide a bheith ar ais agus an dáta, an t-am agus an áit a gcomhairfear na vótaí go poiblí.
2. Ag an gcruinniú ba chóir ainmniúcháin a lorg do phainéal máithreacha agus painéal aithreacha araon. Ní mór do dhuine amháin atá ag freastal ar an gcruinniú tacú le gach ceann de na hainmniúcháin.
3. Mura bhfuil ach aon ainmnitheach amháin do cheachtar painéal, measfar an t-ainmnitheach/na hainmnithigh a bheith tofa. Mura bhfuil ach triúr ainmnitheach ann i gcás socrú comhrialachais, measfar an triúr ainmnitheach a bheith tofa.
4. Má fhaightear níos mó ná ainmniúchán amháin do cheachtar painéal, tionólfar rúnbhallóid ag an gcruinniú nó ina dhiaidh sin. Ceapfar beirt áiritheoirí agus is féidir le duine acu gníomhú mar Cheann Comhairimh i gcás ballóide poist.
5. I gcás ballóide poist, ní foláir an vótáil a bheith dúnta agus na vótaí a bheith caite laistigh de dheich lá den chruinniú.
6. Beidh vóta neamh-inaistrithe amháin do gach painéal ag gach duine a bheidh ag vótáil.
7. Déanfar na vótaí a chomhaireamh go poiblí.

Aguisín B (ar leanúint)

8. Déanfar an toghchán a chinneadh ar iolrach vótaí (i.e. córas an chéad duine abhaile). I gcás socrú comhrialachais -
 - is iad na hainmnithigh a fhaigheann an líon is airde vótaí ó gach painéal (painéal na máithreacha agus painéal na n-aithreacha, faoi seach) is tuisce a thoghfar, agus
 - measfar an t-ainmnitheach a fhaigheann an líon is airde vótaí taobh amuigh de sin a bheith tofa mar an tríú ainmnitheach, ach amháin i gcás go gciallódh sé, i gcás ceachtar den dá scoil, nach mbeadh tuismitheoir amháin de leanbh atá cláraithe agus ag freastal ar an scoil sin ina c(h)omhalta den Bhord. I gcás mar sin, measfar an t-ainmnitheach ag a bhfuil an líon is mó vótaí agus ag a bhfuil leanbh atá cláraithe agus tús curtha acu le freastal ar an scoil sin a bheith tofa.
9. I gcás comhionannas vótaí idir ainmnithigh, cuirfear ar crann é chun toghadh an ainmnithigh/na n-ainmnitheach a chinneadh. Mar sin féin, i gcás ina ndearnadh an bhallóid ag cruinniú agus inar aontaigh tromlach na vótálaithe a bhí i láthair agus a chaith vóta, é, toghfar an t-ainmnitheach/na hainmnithigh trí vótáil arís ag an gcruinniú sin. Beidh vóta dá leithéid teoranta do na hainmnithigh chomhionanna.
10. Cuirfear toradh na ballóide in iúl do na tuismitheoirí agus d'ionadaí an Phátrúin.
11. Féadfar na tuairisceáin vótála ón mballóid a choinneáil chun folúntais, a tharlódh i saolré an Bhoird, a líonadh trí chomhthoghadh sa chás go ndéanfaí cinneadh, tar éis dul i gcomhairle leis an gCumann Tuismitheoirí, gan fothoghchán nó fothoghchán breise a reáchtáil, de réir mar is cuí.
12. I ndiaidh dheireadh an phróisis thuas cuirfidh ionadaí an Phátrúin in iúl don Phátrún gur roghnaíodh ainmnithigh na dtuismitheoirí de réir Rogha 1 agus deimhneoidh sé/sí gur cloíodh go hiomlán leis na nósanna imeachta faoi Rogha 1.

Rogha 2

1. Déanfaidh ionadaí an Phátrúin socrú chun liosta d'ainmneacha tuismitheoirí uile na leanaí atá cláraithe agus a bhfuil tús curtha acu lena bhfreastal ar an scoil a scaipeadh ar gach teaghlach, ag iarraidh ar na tuismitheoirí sin iarratasóirí a ainmniú le toghadh ar an mBord Bainistíochta. Ba chóir go mbeadh ainmneacha na dtuismitheoirí ar an liosta ceangailte leis na ranganna ar a bhfuil a gcuid leanaí ag freastal. Éilíonn ceanglais an Achta um Chosaint Sonraí, 1988, áfach, nach mór d'ionadaí an Phátrúin cead a fháil chun a leithéid d'fhaisnéis phearsanta a scaipeadh.
2. Agus cuireadh á thabhairt do tuismitheoirí ainmniúcháin a chur isteach, iarrfar ar tuismitheoirí a chinntiú go bhfuil an duine/na daoine atá ainmnithe sásta seasamh sa toghchán.
3. Féadfaidh gach tuismitheoir ainmniúchán amháin a dhéanamh do phainéal na n-aithreacha agus ceann do phainéal na máithreacha agus cuirfear ar aghaidh iad chuig ionadaí an Phátrúin ionas go bhféadfar liosta a chur le chéile den deichniúr a fuair an líon is airde ainmniúchán do gach painéal. I gcás go mbíonn comhionannas ann don deichiú háit, féadfar an líon seo a mhéadú faoin méid iomchuí le freastal a dhéanamh orthu siúd atá ar chomhscór sa deichiú háit.
4. Mura bhfuil ach aon ainmnitheach amháin do cheachtar painéal, measfar an t-ainmnitheach/na hainmnithigh a bheith tofa.
5. Má fhaightear níos mó ná aon ainmniúchán amháin do cheachtar de na painéil, tionólfar rúnbhallóid agus féadfaidh tuismitheoirí de leanaí atá cláraithe agus a bhfuil tús curtha acu lena bhfreastal ar an scoil vóta a chaitheamh do na hainmnithigh sin a dheimhnigh go bhfuil siad sásta (fíoraithe ag ionadaí an Phátrúin) a bheith ina gcomhaltaí den Bhord.
6. Ba chóir iad siúd a ghlacann le hainmniúchán a spreagadh chun cuntas gearr pearsanta a chur ar fáil le cur ar an bpáipéar ballóide, agus féadfaidh ainm agus uimhir theileafóin a bheith san áireamh ar an bpáipéar. Éilíonn ceanglais an Achta um Chosaint Sonraí, 1988 áfach, nach mór d'ionadaí an Phátrúin cead a fháil chun a leithéid d'fhaisnéis phearsanta a scaipeadh uathu siúd atá ag glacadh le hainmniúchán.
7. Ba chóir páipéir bhallóide ar leith a úsáid chun máthair amháin agus athair amháin a thoghadh. Beidh vóta neamh-inaistrithe amháin do gach painéal ag gach duine a bheidh ag vótáil. Ba chóir socruithe a dhéanamh le páipéir bhallóide a scaipeadh orthu sin atá i dteideal vótála agus iad a bhailiú uathu agus le duine creidiúnach a ainmniú mar Cheann Comhairimh. Ba chóir go gcuirfeadh an fógra ballóide dáta, am agus áit do chomhaireamh na ballóide in iúl, freisin.
8. Déanfar na vótaí a chomhaireamh go poiblí.
 - (a) Déanfar an toghchán a chinneadh ar iolrach vótaí (i.e. córas an chéad duine abhaile) agus cuirfear toradh na ballóide in iúl do na tuismitheoirí agus d'ionadaí an Phátrúin. I gcás comhionannas vótaí idir na hainmnithigh, cuirfear ar crann é chun toghadh an ainmnithigh/na n-ainmnitheach a chinneadh.
 - (b) Féadfar na tuairisceáin vótála ón mballóid a choinneáil chun folúntais, a tharlódh i saolré an Bhoird, a líonadh trí chomhthoghadh sa chás go ndéanfaí cinneadh, tar éis dul i gcomhairle leis an gCumann Tuismitheoirí, gan fothoghchán nó fothoghchán breise a réachtáil, de réir mar is cuí.

Aguisín B (ar leanúint)

- 9.** I ndiaidh dheireadh an phróisis thuas, cuirfidh ionadaí an Phátrúin in iúl don Phátrún gur roghnaíodh ainmnithigh na dtuismitheoirí de réir Rogha 2 agus deimhneoidh sé/sí gur cloíodh go hiomlán leis na nósanna imeachta faoi Rogha 2.

Aguisín C - Nós imeachta maidir le beirt as an bpobal a roghnú lena gceapadh chun an Bhoird.

(Beidh feidhm leis an bpróiseas seo, *mutatis mutandis*, chun comhalta amháin sa bhreis a roghnú i gcás Bord scoileanna nach bhfuil aon múinteoir amháin iontu, nó chun triúr comhaltaí breise a roghnú i gcás ina bhfuil socrú comhrialachais de réir alt 3(c) den lámhleabhar seo á chur i ngníomh.)

1. Tionólfaidh ionadaí an Phátrúin cruinniú den bheirt ainmnitheach atá ag an bPátrún, an bheirt ainmnitheach tuismitheoirí tofa, ionadaí tofa na múinteoirí agus an Príomhoide.
2. Tionólfar an cruinniú sin den 6 ainmnitheach laistigh de sheacht lá de na próisis toghcháin atá leagtha síos in **Aguisíní A agus B** a bheith críochnaithe.
3. Ag an gcruinniú sin, tar éis dóibh riachtanais scile an Bhoird do bhainistíocht éifeachtach na scoile a phlé, de réir na gcritéar atá leagtha síos ag 4 thíos, molfaidh an 6 ainmnitheach/comhaltaí beirt chomhaltaí sa bhreis ón bpobal trí chéile, a bheidh comhaontaithe eatarthu, le ceapadh ag an bPátrún. D'fhonn a chinntiú go mbeidh an ionadaíocht is leithne agus is féidir ann, ba chóir don bheirt chomhaltaí a roghnófar as an bpobal, nuair is indéanta, a bheith neamhspleách ar na catagóirí eile de dhaoine ar an mBord [Féach cuid 3(a) nó 3(b) nó 3(c) den lámhleabhar seo].

Déanfar gach iarracht teacht ar chomhaontú d'aon ghuth. Má bhíonn deacrachtaí ag na comhaltaí, áfach, maidir leis seo, is féidir tuilleadh cruinnithe a thionól chun an próiseas a éascú. Moltar go mbeadh trí cinn, ar a mhéad, de na cruinnithe sin ann.

Sa chás nach féidir teacht ar chomhaontú d'aon ghuth tar éis trí cinn de chruinnithe, déanfaidh tromlach 5 le 1 (8 le 1 i gcás socrú comhrialachais) de na comhaltaí beirt chomhaltaí sa bhreis ón bpobal i gcoitinne a mholadh don Phátrún lena gceapadh. Cuirfear deireadh leis an bplé sin, lena n-áirítear na trí chruinniú molta, laistigh de dheich lá. Bheadh sé fóirsteanach ag na comhaltaí na daoine eile sin a shainaithint a bhféadfaí ceist a chur orthu sa chás go ndiúltaíonn na daoine ar cuireadh ceist orthu ar dtús don chuireadh. Ba chóir do na comhaltaí cinneadh a dhéanamh faoin ord ina rachfar i dteagmháil leis na daoine a roghnaíodh.

Féadfar an tréimhse chun aontú ar roghnú beirt chomhaltaí sa bhreis a shíneadh thar deich lá go huasteorainn ghlan de sheacht lá dhéag ach é sin amháin más rud é go ndiúltaíonn an bheirt a roghnaíodh i dtús báire.

Má theipeann ar thromlach na gcomhaltaí beirt chomhaltaí sa bhreis a ainmniú, mar atá léirithe thuas, ceapfaidh an Pátrún beirt chomhaltaí ó na daoine a bhí á mbreithniú ag an mBord ar dtús le haghaidh ainmniúcháin.

4. Is iad seo a leanas na critéir a bheidh i bhfeidhm agus daoine ón bpobal á roghnú le gníomhú mar chomhaltaí an Bhoird ná:
 - (a) Beidh scileanna ag daoine a ainmnítear a chuireann le riachtanais scile an Bhoird.
 - (b) Ainmneofar daoine ar mhaithe le cothromaíocht inscne a bheith ag an mBord.
 - (c) Beidh spéis ag na daoine a ainmneofar san oideachas agus ina chur chun cinn ach de ghnáth ní tuismitheoirí ar dhaltaí atá ag freastal ar an scoil a bheidh i gceist.
 - (d) Le cois (a), (b) agus (c), cuirfear na critéir seo a leanas i bhfeidhm de réir mar is cuí:

I gcás bunscoileanna Caitliceacha Rómhánacha

- (i) Beidh tiomantas ag na daoine a ainmneofar d'éiteas na scoile agus don phobal/pharóiste ar a bhfuil an scoil ag freastal agus beidh tuiscint acu agus tiomantas acu d'oideachas Caitliceach mar a bhfuil cur síos air sa Ghníomhas Iontaobhais do Scoileanna Caitliceacha.
- (ii) I gcás Gaelscoileanna/scoileanna Gaeltachta Caitliceacha Rómhánacha, beidh tuiscint ag daoine a ainmneofar agus tiomantas acu d'éiteas na scoile. Beifear ag súil, freisin, go mbeidh eolas maith ar an nGaeilge acu sin a ainmneofar.

I gcás bunscoileanna Eaglais na hÉireann

- (i) Beidh tiomantas ag na daoine a ainmneofar d'éiteas na scoile agus don phobal/pharóiste ar a bhfuil an scoil ag freastal agus beidh siad ina mbaill d'Eaglais na hÉireann, mar atá cinntithe ag Eaglais na hÉireann, cé go bhfuil sé faoi lánrogha an Phátrúin a mhalairt a chinneadh.

I gcás bunscoileanna Preispitéireacha

- (i) Beidh tiomantas ag na daoine a ainmneofar d'éiteas na scoile agus don phobal/pharóiste ar a bhfuil an scoil ag freastal agus beidh siad ina mbaill den Eaglais Phreispitéireach in Éirinn, cé go bhfuil sé faoi lánrogha an Phátrúin a mhalairt a chinneadh.

I gcás bunscoileanna Meitidisteacha

- (i) Beidh tiomantas ag na daoine a ainmneofar d'éiteas na scoile agus don phobal/pharóiste ar a bhfuil an scoil ag freastal agus beidh siad ina mbaill den Eaglais Mheitidisteach, cé go bhfuil sé faoi lánrogha an Phátrúin a mhalairt a chinneadh.

I gcás Scoileanna Ag Foghlaim le Chéile

- (i) Beidh tiomantas ag na daoine a ainmneofar ón bpobal a ndéanann an scoil freastal air d'éiteas na scoile.

I gcás Gaelscoileanna faoi Phátrúnacht Fhoras Pátrúnachta na Scoileanna Lán Ghaeilge

- (i) Beidh tuiscint ag na daoine a ainmneofar ón bpobal a ndéanann an scoil freastal air ar éiteas na scoile agus tiomantas dó.
Beifear ag súil freisin go mbeidh cumas maith Gaeilge acu sin a ainmneofar.

I gcás bunscoileanna Moslamacha

- (i) Beidh tiomantas ag na daoine a ainmneofar d'éiteas na scoile agus don phobal/pharóiste ar a bhfuil an scoil ag freastal agus beidh tuiscint acu agus tiomantas acu d'oideachas Ioslamach mar a bhfuil cur síos air sa Ghníomhas Iontaobhais do Scoileanna Moslamacha. Beidh siad ina mbaill den phobal Moslamach in Éirinn de réir mar atá cinntithe ag Fondúireacht Ioslamach na hÉireann atá mar chomhlacht oifigiúil ionadaíoch tofa go

daonlathach ag, agus do, na Moslamaigh in Éirinn, cé go bhfuil sé faoi lánrogha an Phátrúin a mhalairt a chinneadh.

I gcás na scoileanna uile eile

- (i) Beidh tiomantas ag na daoine a ainmneofar ón bpobal a ndéanann an scoil freastal air d'éiteas na scoile.
5. Gheobhaidh ionadaí an Phátrúin amach láithreach faoi thoil na n-ainmnitheach chun gníomhú.
 6. Nuair a bheidh na hainmnithigh roghnaithe agus é deimhnithe go bhfuil siad sásta gníomhú mar chomhaltaí, cuirfidh ionadaí an Phátrúin ainmneacha na n-ainmnitheach atá aontaithe chuig an bPátrún le ceapadh in éineacht le hainmneacha na ndaoine eile a ainmníodh le bheith ar an mBord. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach faide ná deich lá an tréimhse iomlán atá curtha ar fáil le comhdhéanamh an Bhoird a chur in iúl don Phátrún, glacadh an Phátrúin leis agus a chur in iúl don Aire.
 7. I gcás folúntais, ba chóir do na comhaltaí Boird atá fágtha ainm a mholadh don Phátrún le ceapadh ag baint feidhme as na critéir ag cuid 4 [d'Aguisín C](#) laistigh de mhí amháin ón uair a tharlaíonn an folúntas.

Aguisín D - Nósanna Imeachta maidir le Múinteoirí i mBunscoileanna Aitheanta a Earcú agus a Cheapadh

Cumadh na nósanna imeachta a léirítear san aguisín seo chun nósanna imeachta córa agus cothroma a sholáthar le haghaidh iarratasóirí a cheapadh i bpoist i scoileanna aitheanta a mhaoiníonn an tOireachtas. Beidh sé de dhualgas ar an mBord Bainistíochta cloí leo.

Moltar do Bhoird Bhainistíochta suíomh gréasáin na Roinne a cheadú chun an fhaisnéis agus na rialacháin is déanaí a fháil.

SAINMHÍNITHE

Chun críocha an aguisín seo beidh ag na téarmaí seo a leanas na bríonna a shanntar dóibh anseo ach amháin má léiríonn an comhthéacs a mhalairt:

Acht – an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003;

Cuícháilithe – múinteoir a bhfuil na cáilíochtaí a oireann don phost aici/aige agus atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta maidir leis an earnáil ina bhfuil sí/sé le fostú;

Bord – Bord Bainistíochta a bunaíodh faoi alt 14 den Acht Oideachais, 1998;

CFÉ – Conradh d'fhad éiginnte;

Laethanta – laethanta féilire;

an Roinn – an Roinn Oideachais agus Scileanna;

Fostóir – Bord Bainistíochta/Bainisteoir,

Conradh Téarma Seasta – conradh fostaíochta a mhaoiníonn an tOireachtas, cibé lánaimseartha nó páirtaimseartha, ina gcinneann foras oibiachtúil éigin ar nós dáta áirithe a shroicheadh, tasc áirithe a dhéanamh nó imeacht ar leith a bheith ann, deireadh an chonartha fostaíochta i dtrácht. San Imlitir seo, glactar leis go n-áirítear ar an nath 'conradh téarma seasta' conarthaí cuspóirí socraithe agus/nó sainchuspóra;

Múinteoir Téarma Seasta – múinteoir atá fostaithe ar conradh téarma seasta;

Painéal Inmheánach – liosta a thiomsaíonn Bord Roghnúcháin d'iarratasóirí a mheasann sé atá oiriúnach lena gceapadh, rangaithe in ord fiúntais tar éis feachtas earcaíochta a d'fhéadfaí a úsáid chun folúntais amach anseo a líonadh, má shonraítear sin san fhógrán poist;

Aire – an tAire Oideachais agus Scileanna;

Pámháistir – an té/an eagraíocht atá i gceannas ar thuarastail a íoc, is é sin an Roinn Oideachais agus Scileanna i gcás bunmhúinteoirí;

Post – post múinteoireachta, cibé lánaimseartha nó páirtaimseartha, a mhaoinítear as airgead a sholáthraíonn an tOireachtas;

Múinteoir Cláraithe – múinteoir a bhfuil a hainm/ainm curtha le clár na Comhairle Múinteoireachta;

Múinteoir ar Scor – múinteoir cláraithe atá ag fáil pinsin i dtaca le seirbhís a thug sí/sé faoi mar mhúinteoir faoi scéim pinsin seirbhíse poiblí;

Scoil Aitheanta – scoil a aithníonn an tAire faoi réir alt 10 den Acht Oideachais, 1998;

1. RÓL AN BHOIRD BAINISTÍOCHTA/AN BHAINISTEORA/AN FHOSTÓRA

- 1.1. Tá sé de fhreagracht ar gach fostóir nósanna imeachta éifeachtacha a choimeád chun a chinntiú
- a) Go mbíonn oscailteacht agus trédhearcacht sa phróiseas trína gceaptar daoine i bpoist a mhaoinítear le hairgead poiblí.
 - b) Go gcomhlíontar :
 - i. An reachtaíocht ábhartha atá i bhfeidhm an uair a dhéantar an ceapachán, agus
 - ii. Rialacha agus imlitreacha ábhartha na Roinne mar a eisíonn an Roinn ó am go chéile.
- 1.2. De réir Alt 15 den Acht Oideachais 1998, bainistíonn an Bord Bainistíochta an scoil thar ceann an Phátrúin. Déanfaidh an Bord Bainistíochta na múinteoirí uile sa scoil a cheapadh de réir na reachtaíochta reatha, na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta agus Imlitreacha reatha na Roinne agus beidh na ceapacháin faoi réir údarú roimh ré ón bPátrún.

2. NA HÍOSRIACHTANAIS D'FHOSTÚ MAR MHÚINTEOIR

- 2.1. Cinnteoidh gach fostóir go mbeidh gach duine a mholtar le ceapadh i bpost múinteoireachta a íoctar as cistí Oireachtais:-
- a) Cláráithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta don earnáil (féach paragraf 2.2)
agus
 - b) cuícháilithe
agus
 - c) ag cloí le riachtanais neamhrechtúla ábhartha grinnfhiosrúcháin (atá leagtha amach in Imlitir 0063/2010 na Roinne faoi láthair) agus leis na riachtanais reachtúla grinnfhiosrúcháin nuair a chuirfear tús leo.

2.2. RIACHTANAIS CHLÁRÚCHÁIN I GCÁS SUÍOMHANNA BUNSCOILE:-

Suíomhanna Bunscoile	Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárú) 2009
Bunscoileanna Príomhshrutha	Rialachán 2 (Bunscoile)
Ranganna Speisialta i mBunscoileanna príomhshrutha	Rialachán 2 (Bunscoile) Rialachán 3 (Montessori & Catagóirí Eile) <i>Seachas Rialachán 3 (4) Iar-Bhunscoile</i>
Scoileanna Speisialta	Rialachán 2 (Bunscoile) Rialachán 3 (Montessori & Catagóirí Eile) <i>Seachas Rialachán 3 (4) Iar-Bhunscoile</i>
Scoileanna Speisialta ina bhfuil formhór na ndaltaí atá ag freastal orthu in aois iar-bhunscoile agus ina gcuirtear clár dara leibhéal ar fáil, m.sh. Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh, Clár Foghlama na Sraithe Sóisearaí Leibhéal 2	Rialachán 2 (Bunscoile) Rialachán 3 (Montessori & Catagóirí Eile) Rialachán 4 (Iar-bhunscoile)

2.3. Riachtanas na Gaeilge:

- a) Ní mór do mhúinteoirí i mbunscoileanna a bheith cáilithe chun raon na n-ábhar bunscoile a mhúineadh do leanaí idir 4 bliana agus 12 bhliain. Dá réir sin, ní mór d'iarratasóirí a léiriú, chun sástachta na Comhairle Múinteoireachta, go bhfuil siad inniúil chun Gaeilge a mhúineadh agus chun raon na n-ábhar curaclaim bunscoile a mhúineadh trí mheán na Gaeilge sula dtugtar lánaitheantas dóibh chun dul i mbun teagaisc i ranganna príomhshrutha i scoileanna náisiúnta.
 - b) I gcás ina bhfuil clár oideachais múinteora déanta ag iarratasóir lasmuigh d'Éirinn, is gnách coinníoll maidir le Riachtanas na Gaeilge a bheith ag gabháil lena c(h)lárú. Féadfaidh an t-iarratasóir Triail Chumais (SCG -- An Scrúdú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge) a dhéanamh, sin nó Tréimhse Oiriúnaithe (OCG -- Oiriúnú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge), trína ndeimhnítear cumas an iarratasóra chun Gaeilge a mhúineadh maraon le raon na n-ábhar curaclaim bunscoile a mhúineadh trí mheán na Gaeilge. Féadfar clárú coinníollach a dheonú dóibh siúd atá i mbun an riachtanais seo a chomhlíonadh.
 - c) I gcás ina bhfostaíonn fostóir múinteoir a bhfuil easnamh ina gcumas sa Ghaeilge, tá sé de fhreagracht ar an bhfostóir a chinntiú go ndéantar socrúithe cuí chun an curaclaim Gaeilge a mhúineadh don rang dá leithdháiltear an múinteoir seo. Níor chóir riamh rang a fhágáil gan teagasc inniúil Gaeilge. Iarrfar ar Bhoird Bhainistíochta na socrúithe atá i bhfeidhm a thaispeáint do chigirí na Roinne nuair a thugann siad cuairt ar na scoileanna.
- 2.4. I gcás poist na Samhla Leithdháilte Ginearálta agus Tacaíochta Foghlama i mbunscoileanna, ceanglaítear ar Bhoird Bhainistíochta bunmhúinteoirí cuícháilithe promhaithe a earcú agus a fhostú.
- 2.5. Ní mór d'fhostóirí a chinntiú gur féidir le daoine a mholtar lena bhfostú fianaise ar chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta a thaispeáint sula gcuirtear tús leis an bhfostaíocht. Féadfaidh fostóirí féachaint ar admháil an mhúinteora ar íocaíocht athnuachana leis an gComhairle Mhúinteoireachta nó stádas clárúcháin an mhúinteora a dheimhniú ar líne tríd an fheidhm *Cuardaigh an Clár*, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta ag www.teachingcouncil.ie
- 2.6. Íocfar múinteoir cuícháilithe atá cláraithe go coinníollach ar an gComhairle Mhúinteoireachta ar scála tuarastail incriminteach na múinteoirí. Tá sé seo bunaithe ar chomhlíonadh leanúnach na dtéarmaí clárúcháin laistigh den tréimhse a fhorordaíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta agus ba chóir é sin a bheith cuimsithe sa chonradh fostaíochta.
- 2.7. Tá dualgas leanúnach ar fhostóirí múinteoirí cuícháilithe a fhostú. I gcás ina bhfostaíonn fostóir múinteoir nach bhfuil cláraithe maidir leis an earnáil ní mór dóibh leanúint de gach iarracht réasúnta a dhéanamh chun múinteoir cuícháilithe a fhostú.

3. FOSTAÍOCHT GHEARRTHÉARMACH (NÍOS LÚ NÁ 24 SEACHTAIN FÉILIRE)

3.1. SEICHEAMH FOSTAÍOCHTA

- a) I gcás ina dtagann folúntas chun cinn ní mór don fhostóir múinteoir cuícháilithe nach bhfuil ar scor a lorg, ar an gcéad dul síos.
- b) I gcás ina dteipeann ar gach iarracht chun múinteoir cuícháilithe nach bhfuil ar scor a fhostú, féadfaidh an fostóir múinteoir cuícháilithe atá ar scor a fhostú.
- c) Mura féidir múinteoir faoi (a) nó (b) thuas a earcú, féadfaidh an fostóir múinteoir cláraithe nach múinteoir cuíchláraithe é/í a fhostú ar bhonn gearrthéarmach, ag tabhairt tús áite do mhúinteoir nach bhfuil ar scor. Ba chóir coinníoll a bheith sa chonradh fostaíochta go mbeidh deireadh leis an gconradh nuair a earcófar múinteoir cuícháilithe nó an 31 Lúnasa dá éis, cibé acu is túisce. I gcásanna mar sin, ní mór don scoil a dheimhniú don Phámháistir go ndearna siad gach iarracht réasúnta chun múinteoir cuícháilithe a fhostú agus nach raibh múinteoir

cuícháilithe ar fáil. Ní mór an dearbhú seo a dhéanamh ar líne leis an bPámháistir tríd an gCóras Éileamh ar Líne sular féidir le duine nach bhfuil cáilithe go cuí a íoc as cistí an Oireachtais tríd an gCóras Éileamh ar Líne. Íoctar múinteoir nach múinteoirí cuícháilithe iad ar ráta pá na múinteoirí neamhcháilithe.

Ar deireadh, mura féidir múinteoir cláraithe a aimsiú, féadfaidh an fostóir duine neamhchláraithe a fhostú i gcáil ghearrthéarmach, de réir na n-eisceachtaí teoranta a bhforáiltear dóibh sna Rialacháin faoin Acht Oideachais 1998 (Daoine Neamhchláraithe) 2014. Ní féidir duine neamhchláraithe a íoc as níos mó ná fostaíocht cúig lá scoile as a chéile ag uair ar bith agus ba chóir coinníoll a bheith sa chonradh fostaíochta go mbeidh deireadh leis an gconradh:

- láithreach, más féidir leis an bhfostóir i dtrácht múinteoir cláraithe a fhostú sa phost ina bhfuil an duine á fhostú, nó
- ar éag na tréimhse ama lena mbaineann faoi Rialachán 7 de na Rialacháin faoin Acht Oideachais, 1998 (Daoine Neamhchláraithe) 2014.

Má fhostaítear duine neamhchláraithe, déanfaidh an Príomhoide a thaifead i scríbhinn -

- i. go ndearna sé/sí gach iarracht réasúnta, mar fhostóir, chun múinteoir cláraithe a cheapadh, nach bhfuil múinteoir cláraithe ar fáil le fhostú sa phost ina bhfuil an duine á fhostú, agus na cúiseanna leis sin, agus
- ii. go bhfuil an duine a mholtar le fhostú inniúil agus in ann gníomhú i gcáil mhúinteora sa scoil.

Leanfaidh an fostóir de gach iarracht réasúnta a dhéanamh chun múinteoir cláraithe a fhostú sa phost.

3.2. CEAPACHÁN IONAIID (FOSTAÍOCHT GHEARRTHÉARMACH)

a) I gcás ina bhfuil gá le hionadaí ní mór don fhostóir múinteoir cuícháilithe nach bhfuil ar scor a lorg, ar an gcéad dul síos. Féadfar é sin a dhéanamh mar seo a leanas:

- i. dul i dteagmháil le duine ar liosta na múinteoirí ionaid atá bunaithe ag an bhfostóir, nó
- ii. seirbhís náisiúnta múinteoirí ionaid a úsáid, nó
- iii. fógrán a fhoilsiú, féach paragraf 5.5.

3.3. Coimeádfaidh gach fostóir liosta de mhúinteoirí ionaid cuícháilithe a bhfuil fógra tugtha acu don fhostóir go bhfuil siad ar fáil le haghaidh obair mar mhúinteoir ionaid. Coimeádfar liosta eile de mhúinteoirí cláraithe ar scor chun cásanna a chlúdach nuair nach féidir múinteoir cuícháilithe nach bhfuil ar scor a aimsiú le haghaidh obair ionaid.

Féadfaidh dhá scoil nó níos mó comhliosta múinteoirí ionaid a bhunú agus a choimeád, agus ba chóir cóip de a choimeád i ngach aon scoil díobh sin.

I gcás ina bhfaigheann scoil fógra ó mhúinteoir cuícháilithe go bhfuil sí/sé ar fáil, nó go mbeidh sí/sé ar fáil laistigh de mhí amháin d'obair mar mhúinteoir ionaid, ní mór don scoil an liosta a nuashonrú laistigh de 7 lá agus litir admhála a eisiúint don mhúinteoir i dtrácht.

3.4. Féadfaidh fostóirí úsáid a bhaint as na nósanna imeachta seo chun folúntas a líonadh ar bhonn sealadach ar feitheamh ar an bpróiseas earcaíochta a chríochnú chun folúntas fadtéarmach a líonadh, is é sin, folúntas de 24 seachtaine féilire nó níos mó.

4. TUAIRISCIÚ AGUS FÍORÚ

4.1. Tuairisceoidh gach Príomhoide ag gach cruinniú den Bhord Bainistíochta:

- a) go bhfuil liosta de mhúinteoirí cuícháilithe á choimeád,

- b) na cásanna ina raibh air/uirthi múinteoir ar scor a fhostú (má bhaineann) agus
- c) na cásanna ina raibh air/uirthi duine neamhchláraithe a fhostú (má bhaineann).

5. FOSTAÍOCHT FHADTÉARMACH (24 SEACHTAINE FÉILIRE NÓ NÍOS MÓ)

5.1. Níor chóir d'fhostóirí post múinteoireachta a líonadh gach a chinntiú ar an gcéad dul síos:

- a) go gcomhlíonann siad rialacha na Roinne maidir le leithdháileadh an tsoláthair foirne agus socruithe athlonnaithe,
- b) nach bhfuil an post de dhíth chun oibleagáidí a chomhlíonadh i dtaca le múinteoirí atá anois ann maidir le cáilitheacht do chonradh téarma seasta,
- c) go bhfuil painéal ar bith a bhunaigh an fhostóir i ndiaidh agallamh do phost ("painéal inmheánach") imithe in éag / ídithe.

5.2. Fógrófar gach folúntas a mheastar a mhairfidh 24 seachtaine nó níos mó in iúl ar cheann de na suíomhanna gréasáin arna bhfaomhadh ag na Comhlachtaí Bainistíochta agus fógrófar é don fhoireann mhúinteoireachta ar théarma seasta ar fad sa scoil, lena n-áirítear iad siúd atá ar shaoire neamhláithreachta. Ní dhéanfar aon mhoill neamhréasúnach idir fógairt an fholúntais, foilsíú an fhógraí agus líonadh an phoist.

5.3. Ní mór rúndacht a choimeád ó cheann ceann an phróisis.

5.4. CONARTHAÍ AR THÉARMA SEASTA A FHOIRCEANNADH

Ní mór conarthaí téarma seasta tosaigh a fhoirceannadh ag deireadh na scoilbhliana agus má tá an fhostaíocht ag leanúint ar aghaidh sa bhliain dár gcionn, ní mór don fhostóir í a athfhógairt agus tabhairt faoi phróiseas nua earcaíochta chun an post a líonadh don dara bliain. Mar sin, ní mór don fhostóir an conradh a fhoirceannadh agus ní féidir conradh téarma seasta nua a thabhairt d'aon mhúinteoir ach amháin tar éis an post a fhógairt agus agallamh a réachtáil ar dtús.

5.5. RIALACHA FÓGRAÍOCHTA

a) San fhógrán iarrfar ar mhúinteoirí cáilithe iarratais a chur faoi bhráid Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta roimh dháta sonraithe agus chuig seoladh ar leith.

b) Luafar san fhógra:

1	Ainm, seoladh, uimhir rolla agus pátrúnacht na scoile.	
2	Líon na bpost múinteoireachta (Príomhoide san áireamh)	
3	Nádúr an fholúntais (i.e. post múinteoireachta).	
4	Stádas an fholúntais (i.e. cibé buan nó uaireanta conartha téarma seasta, lánaimseartha nó páirtaimseartha).	
5	An dáta a mheastar a thosóidh an post.	
6	An seoladh ar cheart iarratais a sheoladh chuige. Is féidir seoladh poist nó ríomhphoist a thabhairt. Déan tagairt do pharagraf 5.6 d'iarratais leictreonacha.	
7	An dáta agus an t-am is déanaí ar a nglacfar le hiarratais chomhlánaithe, dáta nach luaithe ná 14 lá tar éis chéad dáta foilseacháin an fhógraí.	

8	Cibé an gá curriculum vitae nó foirm iarratais chaighdeánach a chur isteach. (Níor chóir iarraidh ar iarratasóirí curriculum vitae agus foirm iarratais araon a chur isteach.)	
9	Nádúr na ndualgas a d'fhéadfaí a chur ag gabháil leis an bpost ar dtús (m.sh. GAM/EAL, múinteoir acmhainne, srl.) Ba chóir a rá gur féidir na dualgais atá luaite san fhógrán a athrú.	
10	Liosta den fhaisnéis dhoiciméadach is gá chun tacú leis an iarratas (m.sh. Fianaise ar cháilíochtaí, deimhniú ar chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta).	
11	Aon doiciméad ábhartha eile (m.sh. teastas chun oideachas reiligiúnach Caitliceach a múineadh i scoileanna faoi phátrúnacht Chaitliceach).	

c) Is féidir na nithe seo a leanas a lua san fhógrán, leis:

1	Cibé an bhféadfar painéal a bhunú d'iarratasóirí oiriúnacha óna bhféadfaí folúntais amach anseo a líonadh. Má tá painéal inmheánach dá leithéid á chruthú, ní mór é sin a lua san fhógrán. • Ní féidir folúntais bhuana a líonadh ó phainéal a bunaíodh tar éis agallamh le haghaidh poist ar théarma seasta. • I gcás ina bhfuil agallaimh déanta le haghaidh post buan nó post ar théarma seasta ansin is féidir painéal inmheánach den sórt sin a úsáid chun folúntais ar théarma seasta agus folúntais ionaid a líonadh más ionann nó más lú a bhfad ná an post a bhí i gceist san agallamh. • I gcás ina gcruthaítear painéal inmheánach dá leithéid beidh feidhm aige maidir le haon fholúntas a líontar laistigh de cheithre mhí ón dáta ar ar cheadaigh an Bord an t-iarratasóir rathúil agus ord fiúntais na n-iarratasóirí cáilitheacha, faoi réir teistiméireachtaí oiriúnacha agus ceadú an Phátrúin a bheith faighte roimh ré. • Ba chóir poist a thairiscint d'iarratasóirí cáilitheacha in ord fiúntais mar a chinntear faoi 6.3 (d) agus (e).	
2	Cibé an gá íoslíon iarratas chun go rachaidh an comórtas ar aghaidh.	
3	Cibé an gá clúdach litreach agus stampa agus seoladh air a chur isteach chun doiciméid a fháil ar ais.	
4	Gur chóir don iarratasóir 'iarratas' a mharcáil ar an gclúdach litreach.	

d) Níor chóir go dtabharfadh fógráin le fios, ná go mbeadh sé le tuiscint go réasúnta ó fhógráin, go bhfuil sé ar intinn idirdhealú a dhéanamh ar na forais atá leagtha amach in Alt 6(2) de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 - 2008, i.e. inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, treoshuíomh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht sa Lucht Taistil. Ba chóir a bheith cúramach agus fógráin á ndruchtú, go háirithe agus catagóir inscne na scoile á léiriú, go mbeidh sé le tuiscint uaidh go nglacfar le hiarratais ó fhir agus ó mhná araon, agus go mbreithneofar go cothrom iad.

e) Ba chóir poist atá ceadaithe ar bhonn buan a líonadh le ceapachán buan ach amháin má tá cúinsí speisialta i bhfeidhm.

5.6. IARRATAIS LEICTREONACHA

Má roghnaíonn an Bord Bainistíochta glacadh le hiarratais leictreonacha (ríomhphoist), ba chóir na nósanna imeachta seo a leanas a leanúint:

a) Ba chóir cuntas ríomhphoist ar leith a bhunú don phróiseas iarratais. Mura bhfuil rochtain ag an scoil ar sheoladh ríomhphoist ar leithligh, is féidir seirbhís ar nós gmail a úsáid m.sh. Ainm_scoileiarratais@gmail.com. Níor chóir ach seoladh ríomhphost amháin a bheith le feiceáil ar an bhfógrán.

- b) Níor chóir go mbeadh rochtain ach ag comhaltaí an Bhoird Roghnúcháin ar an gcuntas sin
- c) Ba chóir cloí go daingean leis an spriocdháta agus an spriocam chun iarratais a chur isteach. Is ionann an dáta agus an t-am atá cláraithe ar an ríomhphost agus an dáta agus an t-am ar a fhaightear iarratais.
- d) Déanfar iarratais a oscailt agus a íoslódáil ag cruinniú gearrliosta an Bhoird Roghnúcháin.
- e) Measúnófar na hiarratais de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach san aguisín seo.
- f) Is féidir fógra de chuireadh chun agallaimh agus na doiciméid ábhartha atá liostaithe a sheoladh chuig seoladh ríomhphoist an iarratasóra. D'fhéadfaí go n-iarrfaí ar iarratasóirí a dhearbhu tríd an ríomhphost go mbeidh siad ag freastal ar an agallamh.
- g) I gcás ina seoltar ríomhphost chuig roinnt iarratasóirí ag an am céanna, ba chóir a bheith cúramach rúndacht gach iarratasóra a choinneáil. Ba chóir d'fhostóirí úsáid a bhaint as an rogha :bcc, nó ríomhphoist a sheoladh chuig iarratasóirí ar bhonn aonair.
- h) Féadfaidh scoileanna cinneadh a dhéanamh freagra a chur i scríbhinn (ríomhphost san áireamh) do na hiarratasóirí mírathúla sin a d'fhreastail ar agallaimh. Is féidir é sin a dhéanamh i gcás an iarratasóra rathúil freisin. Mar sin féin, má tá ríomhphost a n-úsáid, moltar cóip den litir chuig an iarratasóir rathúil a shábháil nó a phriontáil le haghaidh thaifid na scoile.
- i) B'fhéidir go mbeidh an seoladh ríomhphoist ag teastáil le haghaidh feachtas earcaíochta nua ó Bhord Roghnúcháin nua. Mar sin ní mór don scoil gach iarratas leictreonach a phriontáil amach, a choimeád agus ansin a scrios den chóras ríomhphoist.
- j) Úsáid leanúnach a bhaint as seoltaí ríomhphoist. I gcás ina mbaintear leas as an seoladh ríomhphoist céanna le haghaidh comórtas ina dhiaidh sin, ba chóir na pasfhocail a athrú chun a áirithiú nach mbeidh rochtain ach ag an mBord Roghnúcháin nua ar na hiarratais. Ní fhéadfaidh an Bord Roghnúcháin a mheas ach na hiarratais a fhaightear idir dáta an fhógraín agus dáta deiridh an chomórtais.

6. NÓSANN IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN MAIDIR LE FOLÚNTAIS 24 SEACHTAINE NÓ NÍOS MÓ

6.1. COMHDHÉANAMH AN BHOIRD ROGHNÚCHÁIN -

Bunscoileanna	• Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta I gcásanna eisceachtúla agus ar chúiseanna bailí, féadfaidh Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta iarraidh ar an bPátrún a bheith eisiata ón bpróiseas. I gcás ina gcinneann an Pátrún an t-eisiamh seo a cheadú, déanfaidh an Pátrún socrú chun ionadaí a cheapadh ar an mBord Roghnúcháin. • Príomhoide Scoile • Measúnóir neamhspleách, le ceapadh ag an bPátrún tar éis dul i gcomhairle le Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta. I gcás ina roghnaítear múinteoir i dtréimhse tar éis Príomhoide a cheapadh ach roimh don Phríomhoide sin dul i mbun oifige, líonfaidh an Príomhoide nuacheaptha post an Phríomhoide ar an mBord Roghnúcháin.
----------------------	--

- a) Beidh comhalta amháin ar a laghad den Bhord Roghnúcháin ina bean agus duine eile ina fhear.

6.2. CRITÉIR MHEASÚNACHTA

- a) Roimh post a fhógairt féadfaidh an fostóir líon íosta iarratas a shocrú nach mór a fháil le go rachaidh an comórtas ar aghaidh.

- b) I gcás ina bhfuil líon íosta iarratas sonraithe san fhógrán agus nár sroicheadh é, déanfar an post a fhógairt arís agus beidh foráil ann nach gá do na daoine a bhfuarthas a gcuid iarratas laistigh den am a sonraíodh san fhógrán tosaigh iarratas a dhéanamh arís agus go gcoinneofar a gcuid iarratas go dtí an chéad spriocdháta eile.
- c) Beidh cruinniú ag an mBord Roghnúcháin a luaite is féidir, ag a mbunófar critéir chomhaontaithe chun measúnú a dhéanamh ar na hiarratais agus d'agallaimh sula n-oscлаítear na hiarratais a fuarthas. Agus na critéir á socrú, cuirfear na tosca seo a leanas san áireamh, ag féachaint do riachtanais an phoist ar leith agus do na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta, ach níl an t-ord seo a leanas eisiatach nó riachtanach:
- Cálíochtaí Gairmiúla
 - Clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta
 - Taithí mhúinteoireachta
 - Taithí ábhartha eile, m.sh. taithí ar Riachtanais Speisialta; múineadh ilranga, srl.

Ba chóir a bheith cúramach nach mbeidh na critéir ina gcúis le hidirdhealú ar na forais atá leagtha amach in Alt 6(2) de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 - 2008, i.e. inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, treoshuíomh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht sa Lucht Taistil.

- d) Ní foláir nó go léireoidh na critéir a roghnaítear riachtanais na scoile.
- e) Ní osclofar iarratais ach amháin i láthair an Bhoird Roghnúcháin.
- f) **Nochtadh leasa/iomláine nósanna imeachta an Bhoird Roghnúcháin:**
- Cuirfidh an Bord Bainistíochta in iúl do Chathaoirleach an Bhoird Roghnúcháin go bhfuil sé de fhreagracht ar an mBord Roghnúcháin díriú ar nochtáil leasa/iomláine de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach san aghuisín seo.
 - Aon chomhalta den Bhord Roghnúcháin, lena n-áirítear an Cathaoirleach, a bhfuil gaol aige/aici le duine is iarratasóir ar phost, cuirfidh sé/sí an gaol sin, agus nádúr an ghaoil sin, in iúl don Bhord Bainistíochta láithreach. Ní gá gurb ionann gaol gairmiúil ann féin agus coinbhleacht leasa a bheith ann m.sh. bheith tar éis múineadh leo nó obair leo roimhe sin. Sa chomhthéacs sin, ní foláir do chomhaltaí an Bhoird Roghnúcháin nochtadh a dhéanamh, ní amháin i gcás gaol teaghlaigh, ach maidir le gaol ar bith a d'fhéadfaí a mheas mar ghaol a bheadh dochrach do neamhchlaontacht iomlán sa phróiseas roghnúcháin.
 - Tar éis an nochtá seo, cinntfidh an Bord Roghnúcháin cibé an mbeidh aon pháirt eile ag an gcomhalta sin sa phlé nó sa chinneadh ar an gceapachán as sin go dtí go ndaingnítear é ar leibhéal an Bhoird Bainistíochta. I gcás ina mheasann an Bord Roghnúcháin go bhfuil údar imní ann maidir le comhalta den Bhord Roghnúcháin, cuirfidh Cathaoirleach an Bhoird Roghnúcháin é sin in iúl do Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta a chuirfidh in iúl don Phátrún é, ach amháin más ionann Cathaoirleach an Bhoird Roghnúcháin agus Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta - sa chás sin níor mhór teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an bPátrún. Ainmneoidh an Pátrún comhalta eile ina (h)ionad, i gcomhairle le Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta.
 - Déanfar ann nochtadh dá leithéid, nádúr an nochtá sin agus an cinneadh a thaifeadh i miontuairiscí Chathaoirleach an Bhoird Roghnúcháin chuig an mBord Bainistíochta ar chríoch an phróisis.
 - Is féidir go gcuirfí an próiseas ó mhaith mura nochtar aon ghaol.
- g) Roghnófar na hiarratasóirí le haghaidh agallaimh bunaithe ar mheasúnú tosaigh ar na hiarratais i gcomparáid leis na critéir bhunaithe.
- h) Má tá triúr iarratasóirí incháilithe nó níos lú ná sin ann, tabharfaidh an Bord Roghnúcháin cuireadh do na hiarratasóirí incháilithe ar fad teacht chuig agallamh, nó i gcás nach bhfuarthas an líon íosta iarratas a shocraigh an fostóir faoi 6.2(a), le go rachaidh an comórtas

ar aghaidh, déanfar an post a athfhógairt. Seachas sin, tabharfar cuireadh do thriúr iarratasóirí incháilithe ar a laghad teacht chuig agallamh.

- i) Mura bhfaightear aon iarratas ó iarratasóir cáilithe déanfar an post a athfhógairt.

6.3. AGALLAIMH

- a) De ghnáth, ba chóir cuirí chun freastal ar agallamh a eisiúint i scríbhinn nó tríd an ríomhphost laistigh de thrí seachtaine féilire ón dáta deiridh chun iarratais a fháil agus ba chóir an méid seo a leanas a áireamh iontu:

i. Fógra seacht lá de dháta, d'am (lasmuigh d'uaireanta scoile) agus de shuíomh agallaimh ar leith.

ii. Sonraí na gcritéar atá socraithe maidir leis an bpost.

iii. Iarratas ar an iarratasóir a chur in iúl don Bhord Roghnúcháin má tá aon chabhair bhreise ag teastáil uaidh/uaithi i leith riachtanais speisialta.

- b) Ní mór rochtain iomlán a bheith ar shuíomh an agallaimh agus go gcomhlíontar an reachtaíocht uile maidir le Míchumas agus Sláinte agus Sábháilteacht ann.

- c) Beidh baint ag gach ceist sna hagallaimh le riachtanais an phoist féin. Ní chuirfear aon cheist ná ní iarrfar ar aon iarratasóir faisnéis a thabhairt a bhféadfaí a fhorléiriú gur ceisteanna nó iarratais idirdhealaitheacha iad.

Agus baill foirne á roghnú le haghaidh scoileanna ina bhfuil buachaillí amháin nó ina bhfuil cailíní amháin ní mór cúram speisialta a ghlacadh lena chinntiú go dtabharfar comhdheis d'iarratasóirí fir is mná araon, chun iad féin a chur i láthair mar iarratasóirí oiriúnacha, agus nach dtabharfar le tuiscint ó na ceisteanna a chuirfear go bhfuil dearcadh réamhcheaptha ag an mBord Roghnúcháin maidir le hoiriúnacht fir nó mná do phost ar leith.

- d) Éilítear ar gach comhalta den Bhord Roghnúcháin a b(h)ileog mharcála aonair féin a chomhlánú maidir le gach iarratasóir agus í a thabhairt do Chathaoirleach an Bhoird Roghnúcháin nuair atá na hagallaimh críochnaithe.

- e) Déanfar na marcanna aonair a shuimiú agus bainfear úsáid as an marc deiridh do gach iarratasóir chun rangú a chruthú de na hiarratasóirí a mheastar a bheith feiliúnach lena gceapadh.

- f) Agus an próiseas agallaimh curtha i gcrích, déanfaidh Cathaoirleach an Bhoird Roghnúcháin, thar ceann an Bhoird Bhainistíochta, seiceálacha ar theistiméirí an iarratasóra a fhaigheann na marcanna is airde. San áireamh anseo bheadh teistiméireachtaí a lorg agus a sheiceáil agus a chinntiú gur féidir aon bhearna gan mhíniú sa taifead fostaíochta/curriculum vitae a mhíniú go sásúil.

Is faoi lánrogha an Bhoird Roghnúcháin a bheidh sé oiriúnacht aon teistiméireachta a chinneadh. Forchoimeádann an Bord Roghnúcháin freisin an ceart ainmneacha teistiméirí eile a iarraidh ó iarratasóir. Ba chóir taifid chuí de na seiceálacha seo a choimeád ar chomhad pearsanra an té atá le ceapadh.

- g) Ba chóir bileoga marcála an iarratasóra féin a chur ar fáil ar iarratas ar chríoch an phróisis earcaíochta.

7. AN TIARRATASÓIR RATHÚIL A CHEAPADH

- 7.1 Ar chríoch an phróisis agallaimh, cuirfidh Cathaoirleach an Bhoird Roghnúcháin tuairisc scríofa faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta, ina leagfar amach:

i. Gur comhlíonadh na nósanna imeachta roghnúcháin.

- ii. Cibé an ndearnadh nochtadh leasa/iomláine leis an mBord Roghnúcháin agus toradh an nohta sin.
 - iii. Ainm an iarratasóra is airde rangú a mheastar is oiriúnaí a cheapadh, agus
 - iv. Deimhniú go bhfuarthas teistiméireachtaí oiriúnacha maidir leis an iarratasóir is airde rangú atá ainmnithe lena cheapadh.
- 7.2** Coimeádfaidh Cathaoirleach an Bhoird Roghnúcháin:
- i. Taifead de na marcanna deiridh agus rangú na n-iarratasóirí. Tabharfar an fhaisnéis seo don Bhord Bainistíochta mar fhostóir, má iarrtar í.
 - ii. Ord fiúntais is féidir a úsáid má dhiúltaíonn an t-iarratasóir is airde rangú a ainmnítear lena cheapadh don phost.
- 7.3** Déanfar teistiméireachtaí na n-iarratasóirí rathúla a sheiceáil sula ndéanfar aon tairiscint ceapacháin.
- 7.4** I gcás ina sonraítear san fhógrán go bhféadfaí painéal inmheánach a chruthú, coimeádfaidh Cathaoirleach an Bhoird Roghnúcháin painéal inmheánach iarratasóirí a mheastar a bheadh oiriúnach le ceapadh in aon phost eile a thiocfadh chun cinn sa scoil laistigh de cheithre mhí ón dáta ar a bhfaomhann an Bord ceapachán an iarratasóra rathúil, faoi réir teistiméireachta(i) oiriúnacha agus ceadú roimh ré ón bPátrún.
- 7.5** Déanfaidh an Bord Bainistíochta an post a thairiscint don iarratasóir is airde rangú a ainmníodh lena cheapadh ach amháin má bhíonn cúis mhaith leordhóthanach aige gan é sin a dhéanamh agus más amhlaidh nárbh eol an chúis sin don Bhord Roghnúcháin - i gcás mar sin déanfar an gnó a chur faoi bhráid an Phátrúin, agus glacfaidh an Bord Bainistíochta lena c(h)inneadh siúd sa ghnó seo.
- 7.6** Níor chóir post a thairiscint don fhostaí ionchasach, go dtí go mbeidh ceadú roimh ré an Phátrúin faighte ag Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta.
- 7.7** Cloífidh fostóirí leis an gcleachtas is fearr maidir leis na nithe seo a leanas:
- i. Fíorú doiciméad: Clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta, cáilíochtaí.
 - ii. Oiriúnacht míochaine: Beidh an t-iarratasóir rathúil atá á c(h)earpadh faoi réir scagthástáil mhíochaine réamhfhostaíochta a dhéanfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde. Ní mór oiriúnacht mhíochaine an iarratasóra rathúil a dheimhniú sula dtéann an fostaí isteach i bpost an mhúinteora.
- 7.8** Déantar gach ceapachán faoi réir chomhlíonadh na riachtanas neamhreachtúla grinnfhiosrúcháin (atá leagtha amach faoi láthair in Imlitir 0063/2010 de chuid na Roinne) agus na riachtanais reachtúla grinnfhiosrúcháin nuair a chuirfear tús leo.
- 7.9** Ba chóir go luafaí sa litir thairisceana chuig an iarratasóir rathúil go bhfuil an tairiscint faoi réir na nithe seo a leanas: ceadú an Aire, deimhniú cáilíochtaí, deimhniú de chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta, comhlíonadh ar riachtanais ghrinnfhiosrúcháin an Gharda (féach 7.8 thuas), agus scagthástáil míochaine réamhfhostaíochta sula dtosaítear san fhostaíocht. Mura nglactar leis an bhfolúntas tairgthe sa tréimhse shonraithe, aistarraingeofar an tairiscint.
- 7.10** Chomh luath is a fhaigheann an fostóir fógra i scríbhinn go bhfuil an t-iarratasóir rathúil ag glacadh leis an bpost, cuirfear na hagallaithe mírathúla go léir ar an eolas.
- 7.11** Ní mór conradh dúblach a ullmhú, a shíneoidh an dá pháirtí i.e. an fostóir agus an t-iarratasóir rathúil roimh an dáta ar a dtosóidh an fhostaíocht.
- 7.12** Ba chóir don iarratasóir rathúil agus an fostóir araon an fhoirm (na foirmeacha) Ceapacháin/Athcheapacháin don scoilbhliain ábhartha a chomhlánú agus a chur ar aghaidh chuig an bPámháistir a luaithe is féidir le cinntiú go gcuirtear ainm an mhúinteora nuacheaptha leis an bPárolla a luaithe is féidir.

8. MÚINTEOIR A CHEAPADH I SCOILEANNA CLOCHAIR AGUS I SCOILEANNA MAINISTREACH

- 8.1.** Más mian le húdaráis an Oird Rialta lena mbaineann, comhalta den Ord a cheapadh, déanfaidh an Bord Bainistíochta, faoi réir faomhadh a fháil roimh ré ón bPátrún agus ón Aire, an duine arna mholadh ag na húdaráis sin a cheapadh ar an gcoinníoll go bhfuil an duine cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus go bhfuil sé/sí cáilithe don phost atá i gceist, go bhfuil teistiméireachtaí faighte ó Phríomhoide nó ó Chathaoirleach Bhord Bainistíochta na scoile ina bhfuil an comhalta sin faoi láthair nó na scoile deireanaí ina raibh sé/sí agus go gcomhlíonann sé/sí riachtanais ghrinnfhiosrúcháin an Gharda.
- 8.2.** I gcás inar tugadh ráthaíocht d'Ord Rialta go bhfaighidís líon áirithe post i scoil atheagraithe nach bhfuil ina scoil chlochair ná ina scoil mhainistreach, déanfaidh an Bord Bainistíochta, faoi réir faomhadh a fháil roimh ré ón Aire, comhaltaí an oird arna n-ainmniú ag údaráis an Oird Rialta lena mbaineann a cheapadh chuig na poist sin ar an gcoinníoll go bhfuil na daoine ainmnithe cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus go bhfuil siad cáilithe don phost (do na poist) atá i gceist, go bhfuil teistiméireachtaí faighte ó Phríomhoide nó ó Chathaoirleach Bhord Bainistíochta na scoile deireanaí ina raibh na comhaltaí sin agus go gcomhlíonann siad riachtanais ghrinnfhiosrúcháin an Gharda.
- 8.3.** I gcás ina ndéantar múinteoir a cheapadh faoi (8.1) nó (8.2) thuas, féadfaidh an tOrd Rialta, ar a lánrogha féin amháin, comhalta den ord a bhaint ó phost i gcás inar ceapadh an comhalta sin chun an phoist de réir na forála seo. Is ceart é seo a chur san áireamh i gconradh an mhúinteora.
- 8.4.** Má mheasann údaráis an Oird Rialta gur cheart tuata a cheapadh chuig poist dá leithéid, leanfar an nós imeachta atá leagtha amach san aguisín seo.

9. CONARTHAÍ – TÉARMAÍ FOSTAÍOCHTA

- a)** Faoin Acht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994, tá ceanglas ar fhostóirí ráiteas scríofa ar théarmaí fostaíochta a thabhairt d'fhostaí, tráth nach déanaí ná dhá mhí ó dháta tosaithe na fostaíochta.
- b)** Ní mór ainmneacha an fhostaí agus an fhostóra a bheith sa chonradh. Ní mór don dá pháirtí é a shíniú agus a dhátú. Ní mór ráiteas scríofa de shonraí théarmaí fostaíochta an fhostaí a bheith san áireamh ann m.sh. láthair oibre agus uaireanta oibre, dualgais/freagrachtaí, nósanna imeachta smachta/gearáin, beartais fostóra (m.sh. sláinte agus sábháilteacht, ciapadh, gnéaschiapadh, srl), a bhfuil roinnt díobh ina gceanglais reachtacha faoi na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 agus 2001.
- c)** Ní mór d'fhostóirí a chinntiú go mbíonn an choinníoll maidir le clárú a choimeád leis an gComhairle Mhúinteoireachta curtha isteach mar choinníoll i ngach conradh.
- d)** Ba chóir don scoil ceann amháin de na conarthaí dúblacha comhlánaithe a choinneáil i gcomhad pearsanra an mhúinteora agus an conradh dúblach comhlánaithe eile a thabhairt don fhostaí.
- e)** Ba chóir d'fhostóirí a chinntiú go gcomhlíontar gach reachtaíocht fostaíochta ábhartha m.sh. na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach srl. agus iad ag déileáil le nithe a bhaineann le ceapacháin agus le conarthaí fostaíochta.

9.1. MÚINTEOIRÍ AR THÉARMA SEASTA

- a)** Meabhraítear d'fhostóirí go bhfuil feidhm ag forálacha an Achta um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocráithe) 2003 maidir le gach fostaíocht ar théarma seasta.

- b) Ní mór conarthaí scríofa ar théarma seasta a thabhairt go gach múinteoir den sórt sin.
- c) De réir alt 2 den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003, ní fostaí chun críocha an Achta é duine atá ar socrúchán oibre mar chuid dá c(h)úrsa gairmoiliúna.
- d) Ní chaithfidh fostóir le múinteoir ar théarma seasta ar shlí is lú fabhar ná mar a chaitear le buanmhúinteoir maidir lena t(h)éarmaí fostaíochta, mura bhfuil forais oibiachtúla ann chun a leithéid a dhéanamh.

9.2. TÉARMAÍ BREISE LE HAGHAIDH CONARTHAÍ AR THÉARMA SEASTA

- a) Go ginearálta, cuireann dáta éaga conartha agus, dá bhrí sin, foirceannadh an chaidrimh fostaíochta, deireadh le haon oibleagáid atá ar an bhfostóir ó thaobh coinníollacha fostaíochta de.
- b) Faoi Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003 (Alt 8) beidh sna téarmaí agus sna coinníollacha d'fhostaí ar théarma seasta na coinníollacha oibiachtúla lena gcinntear comhthéacs na fostaíochta, cibé críochnú ar dháta áirithe, tasc sonracha a chomhlíonadh nó tarlú imeachta áirithe.
- c) Mura bhfuil an múinteoir cuícháilithe, ní mór coinníoll a bheith sa chonradh fostaíochta go mbeidh deireadh leis an gconradh an uair a earcófar múinteoir cuícháilithe nó an 31 Lúnasa dá éis, cibé acu is túisce.
- d) Beidh rochtain ag múinteoir ar théarma seasta ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (lena n-áirítear oiliúint inseirbhíse) ar an mbonn céanna le buanmhúinteoir inchomparáide. Ní bheidh an rochtain sin teoranta do na laethanta ar a mbeadh an múinteoir ar théarma seasta fostaithe de ghnáth.

9.3. ATHNUACHAN CONARTHAÍ AR THÉARMA SEASTA

I gcás ina mbeartaíonn fostóir conradh ar théarma seasta a athnuachan, tar éis dul tríd an próiseas earcaíochta thuas, cuirfidh an fostóir an fostaí ar théarma seasta ar an eolas i scríbhinn faoi na cúiseanna oibiachtúla is cúis leis an gconradh ar théarma seasta a athnuachan agus a fhágann nach ndéanfar conradh ar thréimhse éiginnte a thairiscint roimh dháta na hathnuachana. Ba chóir d'fhostóirí an imlitir dar teideal "Feidhmiú Mholtaí an Ghrúpa Saineolaithe ar Fhostaíocht Téarma Seasta agus Pháirtaimseartha san Oideachas Bunscoile agus san Oideachas Dara Leibhéal in Éirinn" atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne, www.education.ie a cheadú.

10. ORD SINSEARACHTA

- 10.1. Socróidh an fostóir an t-ord sinsearachta bunaithe ar na téarmaí aontaithe a gheofar sna himlitreacha ábhartha atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne, www.education.ie.

11. COMHLÍONADH

- a) Ní mór do gach fostóir agus múinteoir cloí leis na rialacháin agus na nósanna imeachta atá leagtha amach san aguisín seo. Ní bheidh an Roinn faoi dhliteanas maidir le haon chostais, oibleagáidí nó maoiniú conarthaí, CFÉ san áireamh, a eascraíonn as loiceadh cloí le téarmaí an aguisín seo.
- b) Coinneoidh gach fostóir nósanna imeachta éifeachtacha i bhfeidhm le cinntiú go gceaptar múinteoirí de réir na nósanna imeachta atá sonraithe san aguisín seo agus de réir imlitreacha ábhartha eile na Roinne.

- c) Féadfaidh an Roinn scrúdú a dhéanamh ar thaifid cheapacháin múinteoirí. Ní mór don fhostóir gach doiciméad a bhaineann le ceapadh múinteoirí, a liostaítear i bparagraf 11.1 thíos, a choimeád i dteannta na dtaifead pearsanra ábhartha. Lena chois sin, ní mór don fhostóir fianaise dheimhnithe ar chomhlíonadh na riachtanas a choimeád ar comhad chun críocha cuntasáíochta agus iniúchta. Cuirfidh an fostóir cóip den fhaisnéis seo ar fáil don Roinn, má iarrtar í.

11.1. TAIFEAD NA NDOICIMÉAD ATÁ LE COIMEÁD AG ÚDARÁIS SCOILE

- a) Ní mór na doiciméid seo a leanas a choimeád go sábháilte sa scoil:

i. Doiciméid atá le coimeád maidir leis na ceapachán múinteora uile

1	Cóip de Dheimhniú Clárúcháin / deimhniú de chlárú reatha an mhúinteora leis an gComhairle Mhúinteoireachta.	
2	Cóip den deimhniú maidir le hoiriúnacht mhíochaine a fuarthas ón tSeirbhís Sláinte Cheirde.	
3	Cuid amháin den chonradh fostaíochta comhlánaithe i.e. sínithe ag an bhfostóir agus ag an múinteoir.	
4	Deimhniú ar chomhlíonadh na riachtanas neamhrechtúla grinnfhiosrúcháin (atá leagtha amach faoi láthair in Imlitir 0063/2010 de chuid na Roinne) agus na riachtanais reachtúla grinnfhiosrúcháin nuair a chuirfear tús leo.	
5	Cóip de cháilíochtaí oideachais an mhúinteora, m.sh. cáilíochtaí oiliúna tosaigh an mhúinteora, cúrsaí larchéime nó Céimeanna Máistreachta.	
6	Taifead d'fhaomhadh an cheapacháin ón bPátrún.	
7	Aon doiciméad eile a bhaineann le ceapacháin múinteoirí aonair.	

ii. Na doiciméid is gá a choimeád tar éis próiseas earcaíochta Bhord Roghnúcháin.

1	Cóip den fhógrán.	
2	Iarratas an mhúinteora ar an bpost.	
3	Na critéir do mheasúnú na n-iarratasóirí.	
4	Tuairisc an Bhoird Roghnúcháin - lena n-áirítear dearbhú ar fhíorú na dteistiméireachtaí ó fhostóirí roimhe.	
5	Aon doiciméad agus/nó nótaí a chum an Bord Roghnúcháin.	

- b) Cóip den fhoirm cheapacháin comhlánaithe ag an dá pháirtí, a cuireadh ar aghaidh chuig an bpámháistir.
- c) Coimeádfaidh an scoil gach taifead a bhaineann leis an iarratasóir rathúil go ceann tréimhse na fostaíochta móide 7 mbliana.
- d) Ba chóir doiciméid a choimeád go ceann tréimhse 18 mí i gcás iarratasóir(i) neamhrathúla, lena n-áirítear iarratasóirí nár cuireadh ar ghearrliosta le haghaidh agallaimh, faoi réir na nósanna imeachta um Chosaint Sonraí.
- e) Ba chóir gach doiciméad maidir le fostú múinteoirí cláraithe atá ag fáil pinsean múinteora agus daoine neamhchláraithe a choimeád go ceann tréimhse 18 mí agus ba chóir iad a bheith ar fáil lena n-iniúchadh.

Aguisín E – Nósanna imeachta maidir le Príomhoidí i mBunscoileanna Aitheanta a Earcú agus a Cheapadh

Dearadh na nósanna imeachta atá leagtha amach san aguisín seo chun nósanna imeachta cothroma neamhchlaonta a sholáthar chun Príomhoidí a cheapadh i bpoist a mhaoiníonn an tOireachtas i mbunscoileanna aitheanta. Tá sé de dhualgas ar Bhord Bainistíochta cloí leo.

Moltar do Bhoird Bhainistíochta suíomh gréasáin na Roinne a cheadú chun an fhaisnéis agus na rialacháin is déanaí a fháil.

SAINMHÍNITHE

Chun críocha an aguisín seo ciallóidh na téarmaí seo a leanas na bríonna a shanntar dóibh anseo ach amháin má léiríonn an comhthéacs a mhalairt:

Laethanta – laethanta féilire;

an Roinn – an Roinn Oideachais agus Scileanna;

Fostóir – Bord Bainistíochta/Bainisteoir,

Aire – an tAire Oideachais agus Scileanna;

Pámháistir – an té/an eagraíocht atá i gceannas ar thuarastail a íoc, is é sin an Roinn Oideachais agus Scileanna i gcás bunmhúinteoirí;

Post – post múinteoireachta, cibé lánaimseartha nó páirtaimseartha, a mhaoinítear as airgead a sholáthraíonn an tOireachtas;

Scoil Aitheanta – scoil a aithníonn an tAire faoi réir alt 10 den Acht Oideachais, 1998;

Seirbhís aitheanta múinteoireachta – seirbhís mhúinteoireachta atá aitheanta ag an Roinn/Bord Oideachais agus Oiliúna chun críocha creidmheasa incrimintí.

1. RÓL AN BHOIRD BHAINISTÍOCHTA/AN BHAINISTEORA/AN FHOSTÓRA

- 1.1. Tá sé de fhreagracht ar gach fostóir nósanna imeachta éifeachtacha a choimeád chun
 - a) Oscailteacht agus trédhearcacht sa phróiseas trína gceaptar daoine i bpoist a mhaoinítear le hairgead poiblí a chinntiú.
 - b) Comhlíonadh ar:
 - i An reachtaíocht ábhartha atá i bhfeidhm an uair a dhéantar an ceapachán, agus
 - ii Rialacha agus imlitreacha ábhartha na Roinne a eisíonn an Roinn ó am go chéile.
- 1.2. De réir Alt 15 den Acht Oideachais 1998, bainistíonn an Bord Bainistíochta an scoil thar ceann an Phátrúin. Déanfaidh an Bord Bainistíochta ceapacháin uile na múinteoirí sa scoil de réir na reachtaíochta ábhartha, na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta agus Imlitreacha reatha na Roinne agus tá siad faoi réir údarú roimh ré ón bPátrún.

2. CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA LE CEAPADH MAR PHRÍOMHOIDE

- 2.1. Agus iarratas á dhéanamh ar phost mar Phríomhoide ní mór d'iarratasóir na critéir cháilitheachta a bhaineann leis an suíomh ina bhfuil an folúntas a shásamh. Féach tábla 2.1.1

Tábla 2.1.1.

Suíomh	Rialacháin na Comhairle Mhúinteoireachta (Clárú) 2009 agus Riachtanais Seirbhíse
Bunscoileanna ina bhfuil níos lú ná 80 dalta	Lánchláraithe faoi Rialachán 2 (Bunscoile) leis an gComhairle Mhúinteoireachta.
Bunscoileanna ina bhfuil 80 dalta nó níos mó	Lánchláraithe faoi Rialachán 2 (Bunscoile) leis an gComhairle Mhúinteoireachta. <u>agus</u> 5 bliana de sheirbhís aitheanta mhúinteoireachta, a gcaithfidh dhá bhliain díobh a bheith i mbunscoil aitheanta i bPoblacht na hÉireann.
Scoileanna Speisialta	Lánchláraithe faoi Rialachán 2 (Bunscoile) nó 3 (Montessori & Catagóirí Eile) leis an gComhairle Mhúinteoireachta. <u>agus</u> 5 bliana de sheirbhís aitheanta mhúinteoireachta, a gcaithfidh dhá bhliain díobh a bheith i mbunscoil aitheanta i bPoblacht na hÉireann.
Scoil Speisialta ina gcláraítear leanaí suas go 18 mbliana d'aois ¹	Lánchláraithe faoi Rialachán 2 (Bunscoile) nó 3 (Montessori & Catagóirí Eile) nó 4 (Iar-bhunscoile) leis an gComhairle Mhúinteoireachta. <u>agus</u> 5 bliana de sheirbhís aitheanta mhúinteoireachta, a gcaithfidh dhá bhliain díobh a bheith i mbunscoil nó iar-bhunscoil aitheanta i bPoblacht na hÉireann.

- 2.2. Ní mór cáilíochtaí a bhaineann leis an earnáil ina bhfuil siad ag múineadh a bheith ag múinteoirí atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Alt 31(2) & (3) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001, agus gach easnamh cáilíochta a bheith réitithe.
- 2.3. Féadfar seirbhís in iar-bhunscoil aitheanta i bPoblacht na hÉireann nó i mbunscoil nó in iar-bhunscoil lasmuigh de Phoblacht na hÉireann a áireamh i leith seirbhíse ar an gcoinníoll go raibh an tseirbhís sin inríofa le haghaidh creidmheas breisiúch.
- 2.4. Ba chóir do Bhord Bainistíochta cruthúnas ar dhámhachtain chreidmheasa breisigh a lorg ón iarratasóir, más cuí.

3. PRÓISEAS AN CHOMÓRTAIS

- 3.1. Ceapfar Príomhoidí mar thoradh ar chomórtas oscailte.
- 3.2. Ní mór rúndacht a choimeád ó cheann ceann an phróisis.

4. RIALACHA FÓGRAÍOCHTA

- a) Ní mór folúntais a fhógairt ar cheann amháin ar a laghad de na suíomhanna gréasáin atá faofa ag na Comhlachtaí Bainistíochta agus ba chóir iad a fhógairt d'fhoireann mhúinteoireachta uile na scoile, lena n-áirítear baill foirne atá ar saoire cheadaithe.
- b) Ní dhéanfar aon mhoill neamhréasúnach idir fógairt an fholúntais, foilsíú an fhógráin agus líonadh an phoist.
- c) San fhógrán iarrfar ar mhúinteoirí cáilithe iarratais a chur chuig Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta roimh dháta sonraithe agus chuig seoladh ar leith.
- d) Luafar san fhógrán:

¹ Lena n-áirítear Aonaid Ardtacaíochta, Scoileanna Coinneála Leanaí, Tionscadail Teagmhála Óige agus Aonaid Cúraim Speisialta agus sna scoileanna sin tá céatadán de na daltaí a fhreastalaíonn ar an scoil speisialta in aois iar-bhunscoile agus cuirtear clár dara leibhéal ar fáil, amhail Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh agus Clár Foghlama Leibhéal 2 na Sraithe Sóisearaí.

1	Ainm, seoladh, uimhir rolla agus pátrúnacht na scoile.	
2	Líon na bpost múinteoireachta (Príomhoide san áireamh)	
3	Nádúr an fholúntais (i.e. post Phríomhoide).	
4	Stádas an fholúntais (i.e. buan).	
5	An dáta a mheastar a thosóidh an post.	
6	An seoladh ar cheart iarratais a sheoladh chuige. Is féidir seoladh poist nó ríomhphoist a thabhairt. Féach paragraf 4.1 maidir le hiarratais leictreonacha.	
7	An dáta agus an t-am is déanaí ar a nglacfar le hiarratais chomhlánaithe, dáta nach luaithe ná 14 lá tar éis chéad dáta foilseacháin an fhógráin.	
8	Cibé an gá curriculum vitae nó foirm iarratais chaighdeánach a chur isteach. (Níor chóir iarraidh ar iarratasóirí curriculum vitae agus foirm iarratais araon a chur isteach.)	
9	Liosta den fhaisnéis dhoiciméadach is gá chun tacú leis an iarratas (m.sh. fianaise ar cháilíochtaí, deimhniú ar chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta).	
10	Aon doiciméad ábhartha eile (m.sh. teastas chun oideachas reiligiúnach Caitliceach a múineadh i scoileanna faoi phátrúnacht Chaitliceach).	

e) Is féidir na nithe seo a leanas a lua san fhógra, leis:

1	Cibé an gá líon íosta iarratas chun go rachaidh an comórtas ar aghaidh.	
2	Cibé an gá clúdach litreach agus stampa agus seoladh air a chur isteach chun doiciméid a fháil ar ais.	
3	Gur chóir don iarratasóir 'iarratas' a mharcáil ar an gclúdach litreach.	

- f) Níor chóir go luafaí ná go dtabharfaí le fios ar fhógrán go ndéanfar idirdhealú ar na forais atá leagtha amach in Alt 6(2) de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 - 2008, i.e. inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, treoshuíomh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht sa Lucht Taistil. Ba chóir a bheith cúramach agus an fógrán á dhréachtú, go háirithe agus catagóir inscne na scoile á léiriú, go mbeidh sé le tuiscint uaidh go nglacfar le hiarratais ó fhir agus ó mhná araon, agus go mbreithneofar go cothrom iad.
- g) Níor chóir folúntais do Phríomhoidí a fhógairt i míonna Iúil ná Lúnasa ach amháin i gcásanna eisceachtúla agus le ceadú roimh ré ón bPátrún.

4.1. IARRATAIS LEICTREONACHA

Má roghnaíonn an Bord Bainistíochta glacadh le hiarratais leictreonacha (ríomhphoist), ba chóir na nósanna imeachta seo a leanas a leanúint:

- a) Ba chóir cuntas ríomhphoist ar leith a bhunú don phróiseas iarratais. Mura bhfuil rochtain ag an scoil ar sheoladh ríomhphoist ar leithligh, is féidir seirbhís ar nós gmail a úsáid m.sh. Ainm_scoileiarratais@gmail.com. Níor chóir ach seoladh ríomhphost amháin a bheith le feiceáil ar an bhfógrán.
- b) Níor chóir go mbeadh rochtain ach ag comhaltaí an Bhoird Roghnúcháin ar an gcuntas sin.
- c) Ba chóir cloí go daingean leis an spriocdháta agus an spriocam chun iarratais a chur isteach. Is ionann an dáta agus an t-am atá cláraithe ar an ríomhphost agus an dáta agus an t-am ar a fhaightear iarratais.

- d) Déanfar iarratais a oscailt agus a íoslódáil ag cruinniú gearrliosta an Bhoird Roghnúcháin.
- e) Measúnófar na hiarratais de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach san aguisín seo.
- f) Is féidir fógra de chuireadh chun agallaimh agus na doiciméid ábhartha atá liostaithe a sheoladh chuig seoladh ríomhphoist an iarratasóra. D'fhéadfaí go n-iarrfaí ar iarratasóirí a dhearbhu tríd an ríomhphost go mbeidh siad ag freastal ar an agallamh.
- g) I gcás ina seoltar ríomhphost chuig roinnt iarratasóirí ag an am céanna, ba chóir a bheith cúramach rúndacht gach iarratasóra a choinneáil. Ba chóir d'fhostóirí úsáid a bhaint as an rogha :bcc nó ríomhphost a sheoladh chuig iarratasóirí ar bhonn aonair.
- h) Féadfaidh scoileanna cinneadh a dhéanamh freagra a chur i scríbhinn (ríomhphost san áireamh) do na hiarratasóirí mírathúla sin a d'fhreastail ar agallaimh. Is féidir é sin a dhéanamh i gcás an iarratasóra rathúil freisin. Mar sin féin, má tá ríomhphost a n-úsáid, moltar cóip den litir chuig an iarratasóir rathúil a shábháil nó a phriontáil le haghaidh thaifid na scoile.
- i) B'fhéidir go mbeidh an seoladh ríomhphoist ag teastáil le haghaidh feachtas earcaíochta nua ó Bhord Roghnúcháin nua. Mar sin ní mór don scoil gach iarratas leictreonach a phriontáil amach, a choimeád agus ansin a scrios den chóras ríomhphoist.
- j) Úsáid leanúnach a bhaint as seoltaí ríomhphoist. I gcás ina mbaintear leas as an seoladh ríomhphoist céanna le haghaidh comórtas ina dhiaidh sin, ba chóir na pasfhocail a athrú chun a áirithiú nach mbeidh rochtain ach ag an mBord Roghnúcháin nua ar na hiarratais. Ní fhéadfaidh an Bord Roghnúcháin a mheas ach na hiarratais a fhaightear idir dáta an fhógráin agus dáta deiridh an chomórtais.

4.2. COMHDHÉANAMH AN BHOIRD ROGHNÚCHÁIN -

Bord Roghnúcháin don Phríomhoide Bunscoile	• Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta I gcásanna eisceachtúla agus ar chúiseanna bailí, féadfaidh Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta iarraidh ar an bPátrún a bheith eisiata ón bpróiseas. I gcás ina gcinneann an Pátrún an t-eisiamh a cheadú, déanfaidh an Pátrún socrú chun ionadaí a cheapadh ar an mBord Roghnúcháin. • Beirt mheasúnóirí ar a laghad atá neamhspleách ar an mBord Bainistíochta, a cheapfaidh an Pátrún tar éis dul i gcomhairle leis an gCathaoirleach. Ní bheidh aon bhaint ag an té atá ag scor de phost Phríomhoide scoile leis an nós imeachta earcaíochta agus ceapacháin don Phríomhoide a ghabhfaidh a áit/a háit.
---	---

- a) Beidh comhalta amháin ar a laghad den Bhord Roghnúcháin ina bean agus duine eile ina fhear.

4.3. CRITÉIR MHEASÚNACHTA

- a) Roimh post a fhógairt féadfaidh an fostóir líon íosta iarratas a shocrú a chaithefear a fháil le go rachaidh an comórtas ar aghaidh.
- b) I gcás inar sonraíodh líon íosta iarratas agus nár comhlíonadh é, déanfar an post a fhógairt arís agus beidh foráil ann nach gá do na daoine a bhfuarthas a gcuid iarratas laistigh den am a sonraíodh san fhógrán tosaigh iarratas a dhéanamh arís agus go gcoinneofar a gcuid iarratas go dtí an chéad spriocdháta eile.

- c) Beidh cruinniú ag an mBord Roghnúcháin a luaite is féidir, ag a mbunófar critéir chomhaontaithe chun measúnú a dhéanamh ar na hiarratais agus d'agallaimh sula n-osclaítear na hiarratais a fuarthas. Agus na critéir á socrú, cuirfear na tosca seo a leanas san áireamh, ag féachaint do riachtanais an phoist ar leith agus do na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta, ach níl an t-ord seo a leanas eisiatach nó riachtanach:

- Cáilíochtaí gairmiúla
- Clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta
- Taithí mhúinteoireachta
- Cumas Ceannaireachta
- Taithí ábhartha eile

Ba chóir a bheith cúramach nach mbeidh na critéir ina gcúis le hidirdhealú ar na forais atá leagtha amach in Alt 6(2) de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 - 2008, i.e. inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, treoshuíomh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht sa Lucht Taistil,

- d) Ní foláir nó go léireoidh na critéir a roghnaítear riachtanais na scoile.

- e) Ní osclófar iarratais ach amháin i láthair an Bhoird Roghnúcháin.

f) Nochtadh leasa/iomláine nósanna imeachta an Bhoird Roghnúcháin:

- i. Cuirfidh an Bord Bainistíochta in iúl do Chathaoirleach an Bhoird Roghnúcháin go bhfuil sé de fhreagracht ar an mBord Roghnúcháin díriú ar nochtaí leasa/iomláine de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach san aguisín.

- ii. Aon chomhalta den Bhord Roghnúcháin, lena n-áirítear an Cathaoirleach, a bhfuil gaol aige/aici le duine is iarratasóir ar phost, cuirfidh sé/sí an gaol sin, agus nádúr an ghaoil sin, in iúl don Bhord Bainistíochta láithreach. Ní gá gurb ionann gaol gairmiúil ann féin agus coinbheacht leasa a bheith ann m.sh. bheith tar éis múineadh leo nó obair leo roimhe sin. Sa chomhthéacs sin, ní foláir do chomhaltaí an Bhoird Roghnúcháin nochtadh a dhéanamh, ní amháin i gcás gaol teaghlaigh, ach maidir le gaol ar bith a d'fhéadfaí a mheas mar ghaol a bheadh dochrach do neamhchlaontacht iomlán sa phróiseas roghnúcháin.

- iii. Tar éis an nochta seo, cinntífidh an Bord Roghnúcháin cibé an mbeidh aon pháirt eile ag an gcomhalta sin sa phlé nó sa chinneadh ar an gceapachán as sin go dtí go ndaingnítear é ar leibhéal an Bhoird Bainistíochta. I gcás ina mheasann an Bord Roghnúcháin go bhfuil údar imní ann maidir le comhalta den Bhord Roghnúcháin, cuirfidh Cathaoirleach an Bhoird Roghnúcháin é sin in iúl do Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta a chuirfidh in iúl don Phátrún é, ach amháin más ionann Cathaoirleach an Bhoird Roghnúcháin agus Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta - sa chás sin níor mhór teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an bPátrún. Ainmneoidh an Pátrún comhalta eile ina (h)ionad, i gcomhairle le Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta.

- iv. Déanfar aon nochtadh dá leithéid, nádúr an nochta sin agus an cinneadh a thaifeadadh i miontuairiscí Chathaoirleach an Bhoird Roghnúcháin chuig an mBord Bainistíochta ar chríoch an phróisis.

- v. Is féidir go gcuirfí an próiseas ó mhaith mura nochtar aon ghaol.

- g) Roghnófar na hiarratasóirí le haghaidh agallaimh bunaithe ar mheasúnú tosaigh ar na hiarratais i gcomparáid leis na critéir bhunaithe.

- h) Má tá triúr iarratasóirí incháilithe nó níos lú ná sin ann, tabharfaidh an Bord Roghnúcháin cuireadh do na hiarratasóirí incháilithe ar fad teacht chuig agallamh, nó i gcás nach bhfuarthas an líon íosta iarratas a shocraigh an fostóir faoi 4.3(a), le go rachaidh an comórtas ar aghaidh, déanfar an post a athfhógairt. Seachas sin, tabharfar cuireadh do thriúr iarratasóirí incháilithe ar a laghad teacht chuig agallamh.

- i) Mura bhfaightear aon iarratas ó iarratasóir cáilithe déanfar an post a athfhógairt.

4.4. AGALLAIMH

- a) De ghnáth, ba chóir cuirí chun freastal ar agallamh a eisiúint i scríbhinn nó tríd an ríomhphost laistigh de thrí seachtaine féilire ón dáta deiridh chun iarratais a fháil agus ba chóir an méid seo a leanas a áireamh iontu:
- Fógra seacht lá de dháta, d'am (lasmuigh d'uaireanta scoile) agus de shuíomh agallaimh ar leith.
 - Sonraí na gcritéar atá socraithe maidir leis an bpost.
 - Iarratas ar an iarratasóir a chur in iúl don Bhord Roghnúcháin má tá aon chabhair bhreise ag teastáil uaidh/uaithi i leith riachtanais speisialta.
- b) Ní mór rochtain iomlán a bheith ar ionad na n-agallamh agus go gcomhlíontar an reachtaíocht uile maidir le Míchumas agus Sláinte agus Sábháilteacht ann.
- c) Beidh baint ag gach ceist sna hagallaimh le riachtanais an phoist féin. Ní chuirfear aon cheist ná ní iarrfar ar aon iarratasóir faisnéis a thabhairt a bhféadfaí a fhorléiriú gur ceisteanna nó iarratais idirdhealaitheacha iad.
- Agus baill foirne á roghnú le haghaidh scoileanna ina bhfuil buachaillí amháin nó ina bhfuil cailíní amháin ní mór cúram speisialta a ghlacadh lena chinntiú go dtabharfar comhdheis d'iarratasóirí fir is mná araon, chun iad féin a chur i láthair mar iarratasóirí oiriúnacha, agus nach dtabharfar le tuiscint ó na ceisteanna a chuirfear go bhfuil dearcadh réamhcheaptha ag an mBord Roghnúcháin ar oiriúnacht fir nó mná do phost ar leith.
- d) Éilítear ar gach comhalta den Bhord Roghnúcháin a b(h)ileog mharcála aonair féin a chomhlánú maidir le gach iarratasóir agus í a thabhairt do Chathaoirleach an Bhoird Roghnúcháin nuair atá na hagallaimh críochnaithe.
- e) Déanfar na marcanna aonair a shuimiú agus bainfear úsáid as an marc deiridh do gach iarratasóir chun na hiarratasóirí a mheastar a bheith feiliúnach lena cheapadh a rangú.
- f) Agus an próiseas agallaimh curtha i gcrích, déanfaidh Cathaoirleach an Bhoird Roghnúcháin, thar ceann an Bhoird Bhainistíochta, seiceálacha ar theistiméirí an iarratasóra a fhaigheann na marcanna is airde. San áireamh anseo bheadh teistiméireachtaí a lorg agus a sheiceáil agus a chinntiú gur féidir aon bhearna gan mhíniú sa taifead fostaíochta/curriculum vitae a mhíniú go sásúil.
- Is faoi lánrogha an Bhoird Roghnúcháin a bheidh sé oiriúnacht aon teistiméireachta a chinneadh. Forchoimeádann an Bord Roghnúcháin freisin an ceart ainmneacha teistiméirí eile a iarraidh ó iarratasóir. Ba chóir taifid chuí de na seiceálacha seo a choimeád ar chomhad pearsanra an té atá le ceapadh.
- g) Ba chóir bileoga marcála an iarratasóra féin a chur ar fáil ar iarratas ar chríoch an phróisis earcaíochta.

5. AN T-IARRATASÓIR RATHÚIL A CHEAPADH

- 5.1. Ar chríoch an phróisis agallóireachta, cuirfidh Cathaoirleach an Bhoird Roghnúcháin tuairisc scríofa faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta, ina leagfar amach:
- Gur comhlíonadh na nósanna imeachta roghnúcháin.
 - Cibé an ndearnadh nochtadh leasa/iomláine leis an mBord Roghnúcháin agus toradh an nocht sin.
 - Ainm an iarratasóra is airde rangú a mheastar is oiriúnaí a cheapadh, agus
 - Deimhniú go bhfuarthas teistiméireachtaí oiriúnacha maidir leis an iarratasóir is airde rangú atá ainmnithe lena cheapadh.

5.2. Coimeádfaidh Cathaoirleach an Bhoird Roghnúcháin:

- i Taifead de na marcanna deiridh agus de rangú na n-iarratasóirí. Tabharfar an fhaisnéis seo don Bhord Bainistíochta mar fhostóir, má iarrtar í.
- ii Ord fiúntais is féidir a úsáid má dhiúltaíonn an t-iarratasóir is airde rangú a ainmnítear lena cheapadh don phost .

5.3. Déanfar teistiméireachtaí na n-iarratasóirí rathúla a sheiceáil sula ndéanfar aon tairiscint ceapacháin.

5.4. Déanfaidh an Bord Bainistíochta an post a thairiscint don iarratasóir is airde rangú a ainmníodh lena cheapadh ach amháin má bhíonn cúis mhaith leordhóthanach aige gan é sin a dhéanamh agus más amhlaidh nárbh eol an chúis sin don Bhord Roghnúcháin - i gcás mar sin déanfar an gnó a chur faoi bhráid an Phátrúin, agus glacfaidh an Bord Bainistíochta lena c(h)inneadh siúd sa ghnó seo.

5.5. Níor chóir post a thairiscint don fhostaí ionchasach, go dtí go mbeidh ceadú roimh ré an Phátrúin faighte ag Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta.

5.6. Cloífidh fostóirí leis an gcleachtas is fearr maidir leis na nithe seo a leanas:

- i. Fíorú doiciméad: Clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta, cáilíochtaí.
- ii. Oiriúnacht mhíochaine: Beidh an t-iarratasóir rathúil atá á c(h)cheapadh faoi réir scagthástáil mhíochaine réamhfhostaíochta a dhéanfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde. Ní mór oiriúnacht mhíochaine an iarratasóra rathúil a dheimhniú sula dtéann an fostaí i mbun oifige mar Phríomhoide.

5.7. Déantar gach ceapachán faoi réir chomhlíonadh na riachtanas neamhreachtúla grinnfhiosrúcháin (atá leagtha amach faoi láthair in Imlitir 0063/2010) agus na riachtanais reachtúla grinnfhiosrúcháin nuair a chuirfear tús leo.

5.8. Ba chóir go luafaí sa litir thairisceana chuig an iarratasóir rathúil go bhfuil an tairiscint faoi réir na nithe seo a leanas: ceadú an Aire, deimhniú cáilíochtaí, deimhniú de chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta, comhlíonadh ar riachtanais ghrinnfhiosrúcháin an Gharda (féach 5.7), agus scagthástáil míochaine réamhfhostaíochta sula dtosaítear sa phost. Mura nglactar leis an bhfolúntas tairgthe sa tréimhse shonraithe, aistarraingeofar an tairiscint.

5.9. Chomh luath is a fhaigheann an Bord Bainistíochta fógra i scríbhinn go bhfuil an t-iarratasóir rathúil ag glacadh an phoist, cuirfear na hagallaithe mírathúla go léir ar an eolas.

5.10. Ní mór conradh dúblach a ullmhú, a shíneoidh an dá pháirtí i.e. an fostóir agus an t-iarratasóir rathúil roimh an dáta ar a dtosóidh an fhostaíocht.

5.11. Ba chóir don iarratasóir rathúil agus an fostóir araon an fhoirm (na foirmeacha) Ceapacháin/Athcheapacháin don scoilbhliain ábhartha a chomhlánú agus a chur ar aghaidh chuig an bPámháistir a luaithe is féidir le cinntiú go gcuirtear ainm an Phríomhoide nuacheaptha leis an bPárolla a luaithe is féidir..

6. PRÍOMHOIDE A CHEAPADH I SCOILEANNA CLOCHAIR AGUS I SCOILEANNA MAINISTREACH

6.1. Más mian le húdaráis an Oird Rialta lena mbaineann, comhalta den Ord a cheapadh, déanfaidh an Bord Bainistíochta, faoi réir faomhadh a fháil roimh ré ón bPátrún agus ón Aire, an duine arna mholadh ag na húdaráis sin a cheapadh ar an gcoinníoll go bhfuil an duine cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus go bhfuil sé/sí cáilithe don phost atá i gceist, go bhfuil teistiméireachtaí faighte ó Phríomhoide nó ó Chathaoirleach Bhord Bainistíochta na scoile ina bhfuil an comhalta sin faoi láthair nó na scoile deireanaí ina raibh sé/sí agus go gcomhlíonann sé/sí riachtanais ghrinnfhiosrúcháin an Gharda.

- 6.2. I gcás inar tugadh ráthaíocht d'Ord Rialta go bhfaighidís líon áirithe post i scoil atheagraithe nach bhfuil ina scoil chlochair ná ina scoil mhainistreach, déanfaidh an Bord Bainistíochta, faoi réir faomhadh a fháil roimh ré ón Aire, comhaltaí an oird arna n-ainmniú ag údaráis an Oird Rialta lena mbaineann a cheapadh chuig na poist sin ar an gcoinníoll go bhfuil na daoine ainmnithe cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus go bhfuil siad cáilithe don phost (do na poist) atá i gceist, go bhfuil teistiméireachtaí faighte ó Phríomhoide nó ó Chathaoirleach Bhord Bainistíochta na scoile deireanaí ina raibh na comhaltaí sin agus go gcomhlíonann siad riachtanais ghrinnfhiosrúcháin an Gharda.
- 6.3. I gcás ina ndéantar múinteoir a cheapadh faoi (6.1) nó (6.2) thuas, féadfaidh an tOrd Rialta, ar a lánrogha féin amháin, comhalta den ord a bhaint ó phost i gcás inar ceapadh an comhalta sin chun an phoist de réir na forála seo. Is ceart é seo a chur san áireamh i gconradh an mhúinteora.
- 6.4. Má mheasann údaráis an Oird Rialta gur cheart tuata a cheapadh, leanfar an nós imeachta atá leagtha amach san aguisín seo.

7. CONARTHAÍ – TÉARMAÍ FOSTAÍOCHTA

- 7.1. Faoi Acht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994, tá ceanglas ar fhostóirí ráiteas scríofa ar théarmaí fostaíochta a thabhairt d'fhostaí, tráth nach déanaí ná dhá mhí ó dháta tosaithe na fostaíochta.
- 7.2. Ní mór ainmneacha an fhostaí agus an fhostóra a bheith sa chonradh. Ní mór don dá pháirtí é a shíniú agus a dhátú. Ní mór ráiteas scríofa de shonraí théarmaí fostaíochta an fhostaí a bheith san áireamh ann m.sh. láthair oibre agus uaireanta oibre, dualgais/freagrachtaí, nósanna imeachta smachta/gearáin, beartais fostóra (m.sh. sláinte agus sábháilteacht, ciapadh, gnéaschiapadh, srl), a bhfuil roinnt díobh ina gceanglais reachtacha faoi na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 agus 2001.
- 7.3. Ní mór d'fhostóirí a chinntiú go mbíonn an choinníoll maidir le clárú a choimeád leis an gComhairle Mhúinteoireachta curtha isteach mar choinníoll i ngach conradh.
- 7.4. Ba chóir don scoil ceann amháin de na conarthaí dúblacha comhlánaithe a choinneáil i gcomhad pearsanra an mhúinteora agus an conradh dúblach comhlánaithe eile a thabhairt don fhostaí.
- 7.5. Ba chóir d'fhostóirí a chinntiú go gcomhlíontar gach reachtaíocht fostaíochta ábhartha m.sh. na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach srl. agus iad ag déileáil le nithe a bhaineann le ceapacháin agus le conarthaí fostaíochta.

8. COMHLÍONADH

- a) Ní mór do gach fostóir agus múinteoir cloí leis na rialacháin agus na nósanna imeachta atá leagtha amach san aguisín seo. Ní bheidh an Roinn faoi dhliteanas maidir le haon chostais, oibleagáidí nó maoiniú conarthaí, a eascraíonn as loiceadh cloí le téarmaí an aguisín seo.
- b) Beidh nósanna imeachta éifeachtacha i bhfeidhm ag gach fostóir le cinntiú go gceaptar Príomhoidí de réir na nósanna imeachta atá sonraithe san aguisín seo agus de réir imlitreacha ábhartha eile na Roinne.
- c) Féadfaidh an Roinn scrúdú a dhéanamh ar thaifid cheapacháin Príomhoidí. Ní mór don fostóir gach doiciméad a bhaineann le ceapadh Príomhoide, a liostaítear i bparagraf 8.1 thíos, a choimeád i dteannta na dtaifead pearsanra ábhartha. Lena chois sin, ní mór don fostóir fianaise dheimhnithe ar chomhlíonadh na riachtanas a choimeád ar comhad chun críocha cuntasaithe agus iniúchta. Cuirfidh an fostóir cóip den fhaisnéis seo ar fáil don Roinn, má iarrtar í.

8.1. TAIFEAD NA NDOICIMÉAD ATÁ LE COIMEÁD AG ÚDARÁIS SCOILE

- a) Ní mór na doiciméid seo a leanas a choimeád go sábháilte sa scoil maidir le gach ceapachán Príomhoide:

1	Cóip den fhógrán.	
2	Iarratas an Phríomhoide ar an bpost.	
3	Na critéir do mheasúnú na n-iarratasóirí.	
4	Aon doiciméad agus/nó nótaí a chum an Bord Roghnúcháin.	
5	Tuairisc an Bhoird Roghnúcháin - lena n-áirítear deimhniú ar fhíorú teistiméireachtaí ó fhostóirí roimhe seo.	
6	Cóip de cháilíochtaí oideachais an Phríomhoide, m.sh. cáilíochtaí oiliúna tosaigh múinteora, cúrsaí larchéime nó Céimeanna Máistreachta.	
7	Cóip de Dheimhniú Clárúcháin / deimhniú de chlárú reatha an Phríomhoide leis an gComhairle Mhúinteoireachta.	
8	Deimhniú ar chomhlíonadh na riachtanas neamhreachtúla grinnfhiosrúcháin (atá leagtha amach faoi láthair in Imlitir 0063/2010) agus na riachtanais reachtúla grinnfhiosrúcháin nuair a chuirfear tús leo.	
9	Cóip den deimhniú maidir le hoiúinacht mhíochaine a fuarthas ón tSeirbhís Sláinte Cheirde.	
10	Aon doiciméad eile a bhaineann le ceapacháin Príomhoidí aonair.	
11	Taifead d'fhaomhadh an cheapacháin ón bPátrún.	
12	Cuid amháin den chonradh fostaíochta comhlánaithe i.e. sínithe ag an bhfostóir agus ag an bPríomhoide.	
13	Cóip den fhoirm cheapacháin comhlánaithe ag an dá pháirtí, a cuireadh ar aghaidh chuig an bpámháistir.	

- b) Coimeádfaidh an scoil gach taifead a bhaineann leis an iarratasóir rathúil go ceann tréimhse na fostaíochta móide 7 mbliana.
- c) Ba chóir doiciméid a choimeád go ceann tréimhse 18 mí i gcás iarratasóir(i) neamhrathúla, lena n-áirítear iarratasóirí nár cuireadh ar ghearrliosta le haghaidh agallaimh, faoi réir na nósanna imeachta um Chosaint Sonraí.

Aguisín F - Dearbhú an Phátrúin

Ní mór gach cuid ábhartha den dearbhú seo a líonadh amach ina hiomláine. (Cuirfear dearbhuithe neamhiomlána ar ais.)

Cuid A. [Bloclitreacha, le do thoil]

Contae: _____ Uimhir Rolla: _____

Ainm na Scoile: _____ Uimhir Fóin na Scoile: _____

Ainm an Phátrúin: _____ Uimhir Fóin An Phátrúin: _____

Cuid B. [Bloclitreacha, le do thoil]

Deimhním gur cheap mé

Teideal _____ Céadainm _____ Sloinne _____

mar Chathaoirleach ar Bhord Bainistíochta na scoile thuas le héifeacht ón ____/____/____

An raibh an duine seo ina Chathaoirleach ar an mBord deiridh? Bhí ☐ Ní raibh ☐

Seoladh pearsanta an Chathaoirligh* _____

_____ Eircode:

Uimhir fóin phearsanta an Chathaoirligh*: _____

* Lorgaítear an fhaisnéis seo le húsáid ag oifigigh na Roinne agus iad sin amháin agus ní thabharfar í do thríú páirtithe.

Cuid C.

Dearbhaím go ndearnadh ainmníthigh na dtuismitheoirí a thoghadh chuig an mBord Bainistíochta de réir **Aguisín B** de *Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2015 - 2019* ag úsáid (cuir tic sa bhosca cuí le do thoil

Rogha 1 d'Aguisín B ☐ Rogha 2 d'Aguisín B ☐

Cuid D. [Bloclitreacha, le do thoil]

Ar ceapadh an Bord seo faoi shocrú comhrialachais de réir alt 3(c) de *Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2015 - 2019*? Ceapadh ☐ Níor ceapadh ☐

Má ceapadh, tabhair sonraí na scoile eile atá páirteach sa socrú comhrialachais.

Contae: _____ Uimh. Rolla: _____

Ainm na Scoile: _____

Nóta: Ceangail foirm chomhlánaithe Aguisín F maidir leis an scoil eile leis an bhfoirm seo.

Cuid E.

Dearbhaím gur ceapadh gach comhalta Boird agus gur bunaíodh an Bord Bainistíochta de réir na riachtanas atá leagtha amach i *Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2015 - 2019* agus san Acht Oideachais, 1998.

Sínithe: _____ (Síniú an Phátrúin) Dáta: _____

NÓTA: Is féidir an fhoirm seo a íoslódáil ó shuíomh gréasáin na Roinne. Ba chóir í a chomhlánú go hiomlán agus a sheoladh ar ais chuig an Rannóg Rialachais Scoileanna, An Roinn Oideachais & Scileanna, Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí. Eircode: N37X659. I gcás ina mbíonn athrú Cathaoirligh ann le linn théarma oifige an Bhoird, seolfaidh an Pátrún dearbhú nuashonraithe de **Aguisín F** chuig an Rannóg Rialachais Scoileanna a luaithe a dhéantar an ceapachán.

Aguisín G - Dearbhú Glactha Comhaltais ar Bhord Bainistíochta Scoile

Scoil _____

Uimh. Rolla _____

Seoladh _____

Eircode: _____

Dearbhaím leis seo go nglacaim comhaltas ar Bhord Bainistíochta na scoile thuasluaite dá téarma oifige reatha, agus geallaim cloí leis na rialacha a bhaineann le mo dhualgais de réir *Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2015 - 2019* agus de réir na rialacha, na rialachán, na reachtaíochta (lena n-áirítear an tAcht Carthanas 2009) agus na n-imlitreacha Roinne ábhartha eile ar fad a bhaineann le comhaltas agus le feidhmiú na mBord.

Ainm an Chomhalta
(Blocclitreacha amháin)

Síniú an Chomhalta

Dáta

_____/_____/____

_____/_____/____

_____/_____/____

_____/_____/____

_____/_____/____

_____/_____/____

_____/_____/____

_____/_____/____

Ba chóir do gach duine de na comhaltaí an dearbhú seo a shíniú ag an gcéad chruinniú den Bhord a fhreastalaíonn sé/sí air, nó roimhe sin. Ba chóir an fhoirm seo a choimeád mar chuid de Leabhar na Miontuairiscí.

NÓTA: Cuirfear cóip den fhoirm seo ar aghaidh chuig an Údarás Rialála Carthanas agus is féidir go bhfoilseodh an Rialálaí í.

Aguisín H - Nósanna Imeachta maidir le Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRSanna) i mBunscoileanna Aitheanta a Earcú agus a Cheapadh

Dearadh na nósanna imeachta atá leagtha amach san aguisín seo chun nósanna imeachta cothroma neamhchlaonta a sholáthar chun Cúntóirí Riachtanas Speisialta a cheapadh i bpoist a mhaoiníonn an tOireachtas i mbunscoileanna aitheanta. Tá sé de dhualgas ar an mBord Bainistíochta cloí leo.

Comhlánaíonn na nósanna imeachta seo forálacha Imlitir 0041/2015 ina sonraítear na nósanna imeachta earcaíochta agus na socrúithe forlíontacha sannta maidir le CRSanna don scoilbhliain 2015/2016. Gheofar Imlitir 0041/2015 nó aon nuashonrú air ar shuíomh gréasáin na Roinne www.education.ie.

SAINMHÍNITHE

Chun críocha an aguisín seo beidh ag na téarmaí seo a leanas na bríonna a shanntar dóibh anseo ach amháin má léiríonn an comhthéacs a mhalairt:

Folúntas ionaid CRS – folúntas ionaid i.e. Saoire Mháithreachais, Saoire Bhreuiteachta, Sosanna Gairme, ionadú jabroinnte, ionadú saoire neamhioctha srl.

Laethanta – laethanta féilire mura ndeirtear a mhalairt;

an Roinn – an Roinn Oideachais agus Scileanna;

Fostóir – Bord Bainistíochta/Bainisteoir,

Aire – an tAire Oideachais agus Scileanna;

Post – post mar Chúntóir Riachtanas Speisialta, cibé lánaimseartha nó páirtaimseartha, a mhaoinítear as airgead a sholáthraíonn an tOireachtas;

Scoil Aitheanta – scoil a aithníonn an tAire faoi réir alt 10 den Acht Oideachais, 1998;

Folúntas Caighdeánach CRS – folúntas seachas folúntas ionaid CRS.

1. RÓL AN BHOIRD BAINISTÍOCHTA/AN BHAINISTEORA/AN FHOSTÓRA

- 1.1. Tá sé de fhreagracht ar gach fostóir nósanna imeachta éifeachtacha a choimeád chun
 - a) Oscailteacht agus trédhearcacht sa phróiseas trína gceaptar daoine i bpoist a mhaoinítear le hairgead poiblí a chinntiú.
 - b) Comhlíonadh ar:
 - i An reachtaíocht ábhartha atá i bhfeidhm an uair a dhéantar an ceapachán, agus
 - ii Rialacha agus imlitreacha ábhartha na Roinne mar a eisiúnn an Roinn iad ó am go chéile, go háirithe Imlitir 0041/2015, nó aon athcheartú uirthi atá infheidhme ag an am sin.
- 1.2. Bord Bhainistíochta, de réir na nósanna imeachta thíos, atá freagrach as CRSanna a cheapadh i mbunscoileanna. Ní mór faomhadh Phátrún na scoile a bheith faighte sula ndéantar aon ceapachán den sórt sin.
- 1.3. Ní cheapfar CRS ach amháin i bpost atá le líonadh laistigh de leithdháileadh na bpost atá ceadaithe ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.

2. ÍOSCHAIGHDEÁIN OIDEACHAIS LE HAGHAIDH FOSTÚ MAR CRS

2.1. Seo a leanas an t-íoschaighdeán oideachais is gá chun duine a cheapadh i bpost mar Chúntóir Riachtanas Speisialta:

1. Mórcháilíocht FETAC leibhéal 3 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí, NÓ
2. Trí ghrád D ar a laghad sa Teastas Sóisearach, NÓ
3. A choibhéis.

3. FÓGRÁIN

3.1. Ní ceadmhach do Bhord Bainistíochta post caighdeánach CRS a fhógairt gan an méid seo a leanas a áirithiú roimh ré:

- a) Ar an gcéad dul síos, gur tairgeadh post lánaimseartha do gach CRS páirtaimseartha atá ann de réir Imlitir 0041/2015 nó aon athcheartú uirthi sin atá infheidhme ag an am sin.
- b) Ar an dara dul síos, go bhfuil aon phainéal a bhunaigh an scoil tar éis agallaimh le haghaidh post caighdeánach mar CRS ("painéal inmheánach") folamh.

3.2 Ní mór gach folúntas caighdeánach agus ionaid le haghaidh CRS a mhairfidh 24 seachtaine nó níos mó a fhógairt ar cheann de na suíomhanna gréasáin seo a leanas a luaithé is féidir. Féadfar folúntais le haghaidh CRS a fhógairt go háitiúil, leis.

Liosta Suíomhanna Gréasáin:

www.educationposts.ie

www.staffroom.ie

www.educationcareers.ie

www.educatetogether.ie

www.jobsireland.ie

Aon suíomh gréasáin de chuid Bord Oideachais agus Oiliúna

3.3 Faoi réir eisceachtaí ar bith atá ceadaithe faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2008, ní féidir le fógrán a chur in iúl go bhfuil idirdhealú beartaithe ná ní bheidh faisnéis ann i bhfoirm ar bith a dtuigfí uaithi le réasún go bhfuil a leithéid beartaithe.

3.4 Iarrfar san fhógrán iarratais maraon le curriculum vitae nó iarratais ar fhoirm iarratais chaighdeánach, ó dhaoine incháilithe, le cur faoi bhráid Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta faoi spriocdháta sonraithe ag an seoladh sonraithe. I gcás folúntas caighdeánach, ba chóir iarraidh ar iarratasóirí incháilithe ón bpainéal sannta forlíontach CRS mar atá sonraithe in Imlitir 0041/2015 cóip dheimhnithe d'Fhoirm Painéil 1 (PF1) a chur isteach, faoi mar a shonraítear san Imlitir sin.

3.5 Luafar san fhógrán:

1	Ainm, seoladh, uimhir rolla agus Pátrúnacht na scoile.	
2	An dáta a mheastar a thosóidh an post.	
3	Cibé an post páirtaimseartha nó lánaimseartha é agus líon na n-uaireanta páirtaimseartha.	
4	Cibé an post caighdeánach CRS nó post ionaid CRS é.	
5	Cur síos ginearálta ar dhualgais an phoist.	

6	An seoladh ar cheart iarratais a sheoladh chuige. Is féidir seoladh poist nó ríomhphoist a thabhairt (féach (4) le maidir le hiarratais leictreonacha/nósanna imeachta ríomhphoist).	
7	An dáta is déanaí ar a nglacfar le hiarratais, dáta nach luaithe ná 14 lá tar éis chéad dáta foilseacháin an fhógraí.	
8	Sonrófar nach mór curriculum vitae nó foirm iarratais chaighdeánach a chur isteach leis an iarratas (Níor chóir go mbeadh ar iarratasóirí curriculum vitae agus foirm iarratais araon a chur isteach).	
9	Sonrófar go bhféadfaí painéal inmheánach d'iarratasóirí oiriúnacha a bhunú óna bhféadfaí folúntais amach anseo (lena n-áirítear folúntais ionaid CRS) a líonadh (baili ar feadh na scoilbhliana). Ní féidir folúntais chaighdeánacha CRS a líonadh ó phainéal a bunaíodh tar éis agallamh le haghaidh post ionaid CRS.	
10	I gcás folúntas caighdeánach CRS, ba chóir iarraidh ar iarratasóirí cóip dheimhnithe d'Fhoirm Painéil 1 (PF1) a chur isteach, faoi mar a shonraítear in Imlitir 0041/2015.	
11	Liosta d'aon inniúlachtaí nó riachtanais ar leith chun freastal ar riachtanais speisialta oideachais an dalta/na ndaltaí.	

4. IARRATAIS LEICTREONACHA

4.1 Má roghnaíonn an Bord Bainistíochta glacadh le hiarratais leictreonacha (ríomhphoist), ba chóir na nósanna imeachta seo a leanas a leanúint:

- Ba chóir cuntas ríomhphoist ar leith a bhunú don phróiseas iarratais. Mura bhfuil rochtain ag an scoil ar sheoladh ríomhphoist ar leithligh, is féidir seirbhís ar nós gmail a úsáid, m.sh. Ainmscoileiarratais@gmail.com. Níor chóir ach seoladh ríomhphost amháin a bheith le feiceáil ar an bhfógrán.
- Níor chóir go mbeadh rochtain ach ag comhaltaí an Bhoird roghnúcháin ar an gcuntas sin
- Ba chóir cloí go daingean leis an spriocdháta agus an spriocam chun iarratais a chur isteach. Is ionann an dáta agus an t-am atá cláraithe ar an ríomhphost agus an dáta agus an t-am ar a fhaightear iarratais.
- Measúnófar na hiarratais de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach san aguisín seo.
- Is féidir fógrán de chuireadh chun agallaimh agus na doiciméid ábhartha atá liostaithe a sheoladh chuig seoladh ríomhphoist an iarratasóra. D'fhéadfaí go n-iarrafaí ar iarratasóirí a dhearbhu tríd an ríomhphost go mbeidh siad ag freastal ar an agallamh.
- I gcás ina seoltar ríomhphost chuig roinnt iarratasóirí ag an am céanna, ba chóir a bheith cúramach rúndacht gach iarratasóra a choinneáil. Ba chóir d'fhostóirí úsáid a bhaint as an rogha :bcc, nó ríomhphoist a sheoladh chuig iarratasóirí ar bhonn aonair.
- Féadfaidh scoileanna cinneadh a dhéanamh freagra a chur i scríbhinn (ríomhphost san áireamh) do na hiarratasóirí mírathúla sin a d'fhreastail ar agallaimh. Is féidir é sin a dhéanamh i gcás an iarratasóra rathúil freisin. Mar sin féin, má tá ríomhphost a n-úsáid, moltar cóip den litir chuig an iarratasóir rathúil a shábháil nó a phriontáil le haghaidh thaifid na scoile.
- B'fhéidir go mbeidh an seoladh ríomhphoist ag teastáil le haghaidh feachtas earcaíochta nua ó Bhord Roghnúcháin nua. Mar sin ní mór don scoil gach iarratas leictreonach a phriontáil amach, a choimeád agus ansin a scrios den chóras ríomhphoist.

- i) Úsáid leanúnach a bhaint as seoltaí ríomhphoist. I gcás ina mbaintear leas as an seoladh ríomhphoist céanna le haghaidh comórtas ina dhiaidh sin, ba chóir na pasfhocail a athrú chun a áirithiú nach mbeidh rochtain ach ag an mBord Roghnúcháin nua ar na hiarratais. Ní fhéadfaidh an Bord Roghnúcháin a mheas ach na hiarratais a fhaightear idir dáta an fhógraín agus dáta deiridh an chomórtais.

5 COMHDHÉANAMH AN BHOIRD ROGHNÚCHÁIN -

Bord Roghnúcháin do Chúntóir Riachtanas Speisialta	• Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta I gcásanna eisceachtúla agus ar chúiseanna bailí, féadfaidh Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta iarraidh ar an bPátrún a bheith eisiata ón bpróiseas. I gcás ina gcinneann an Pátrún an t-eisiamh a cheadú, déanfaidh an Pátrún socrú chun ionadaí a cheapadh ar an mBord Roghnúcháin. • Príomhoide Scoile • Duine amháin eile a ainmneoidh an Pátrún
---	---

- 5.1 Ní mór ar a laghad fear amháin agus bean amháin a bheith ar an mBord Roghnúcháin.
- 5.2 I gcás ina roghnaítear Cúntóir Riachtanas Speisialta i dtréimhse tar éis Príomhoide a cheapadh ach roimh don Phríomhoide sin dul i mbun oifige, líonfaidh an Príomhoide nuacheaptha post an Phríomhoide ar an mBord Roghnúcháin.
- 5.3 Ní mór rúndacht a choimeád ó cheann ceann an phróisis.

6 DLITEANAS MAIDIR LE PAINÉIL FHORLÍONTACHA

- 6.1 Má fhaigheann fostóir iarratas ar fholúntas caighdeánach CRS ó CRS amháin nó níos mó atá le cur as a bpost agus a thugann don fhostóir cóip dheimhnithe d'Fhoirm Painéil 1 (PF1), ansin tá dualgas ar an bhfostóir an folúntas a thairiscint do dhuine de na CRSanna sin. Déantar é sin faoi réir cumas an CRS chun aon inniúlachtaí agus/nó riachtanais sonracha a shásamh is gá chun freastal ar riachtanais speisialta oideachais an dalta/na ndaltaí. Beidh próiseas agallóireachta de dhíth chun é sin a dhéanamh amach. Tá sé seo faoi réir freisin ag seiceáil agus fíorú na dteistiméireachtaí, aon riachtanais Sláinte agus Sábháilteacht Cheirde a bheith comhlíonta agus cloí leis na riachtanais neamhreachtúla grinnfhiosrúcháin (atá léirithe faoi láthair in Imlitir 0063/2010) agus leis na riachtanais reachtúla grinnfhiosrúcháin nuair a chuirfear tús leo. Ní mór don CRS aontú meas a léiriú ar éiteas an fhostóra i dtrácht.
- 6.2 Gearrliostú iarratasóirí mar sin chun agallaimh:
Ní ceadmhach d'fhostóirí agallamh a chur ach ar CRSanna a bhfuil cóip dheimhnithe d'Fhoirm Painéil 1 (PF1) acu ar an gcéad dul síos. Má tá cúigear iarratasóir dá leithéid nó níos lú ann, tabharfaidh an Bord Roghnúcháin cuireadh dóibh ar fad teacht chun agallaimh. Seachas sin, tabharfar cuireadh chun agallaimh do chúigear iarratasóirí ar a laghad.
- 6.3 Mura bhfaigheann fostóir iarratas ar fholúntas caighdeánach CRS ó CRS atá le cur as a bpost agus a sholáthraíonn cóip dheimhnithe d'Fhoirm Painéil 1 (PF1) don fhostóir laistigh den tréimhse ama a shonraítear san fhógrán **nó** más rud é, tar éis cúigear iarratasóirí den sórt sin a chur faoi agallamh, go bhfuil sé deimhnithe nach gcomhlíonann aon duine de na hiarratasóirí sin inniúlachtaí agus/nó riachtanais sonracha an phoist chun freastal a dhéanamh ar riachtanais speisialta oideachais an dalta/na ndaltaí, ansin agus ní go dtí sin féadfaidh an fostóir iarratasóirí eile a ghlaoch chun agallaimh d'fhonn an folúntas a líonadh ó na hiarratasóirí eile (a bhféadfadh iarratasóirí painéil breise a bheith san áireamh air) ar an bhfolúntas. Ní mór an dara próiseas agallóireachta seo, más gá, a sheoladh ar lá ar leithligh.

7 CRITÉIR MHEASÚNACHTA

- 7.1 Faoi réir paragraf 6.1 agus 6.2 thuas beidh sé de lánrogha ag an mBord Roghnúcháin i gcónaí an post a athfhógairt i gcás nach bhfuil sé sásta le líon na n-iarratas a fuarthas, ar an gcoinníoll nach gá do na daoine a bhfuarthas a gcuid iarratas laistigh den am a sonraíodh san fhógrán tosaigh iarratas a dhéanamh arís agus go gcoinneofar a gcuid iarratas go dtí an chéad spriodhata eile.
- 7.2 I gcás inar sonraíodh líon íosta iarratas agus nár sroicheadh é, déanfar an post a fhógairt arís agus beidh foráil ann nach gá do na daoine a bhfuarthas a gcuid iarratas laistigh den am a sonraíodh san fhógrán tosaigh iarratas a dhéanamh arís agus go gcoinneofar a gcuid iarratas go dtí an chéad spriodhata eile. Seachas sin, tabharfar cuireadh do thriúr iarratasóirí incháilithe ar a laghad teacht chuig agallamh.
- 7.3 Beidh cruinniú ag an mBord Roghnúcháin a luaithe is féidir, ag a mbunófar critéir chomhaontaithe chun measúnú a dhéanamh ar na hiarratais agus d'agallaimh sula n-osclaítear na hiarratais a fuarthas. Agus na critéir á socrú, cuirfear na tosca seo a leanas san áireamh, ag féachaint do riachtanais an phoist faoin Imlitir 0041/2015 agus an reachtaíocht chuí, ach níl an t-ord seo a leanas eisiatach nó riachtanach:
- Cearta na bPainéal Forlíontach
 - Cáilíochtaí
 - Aon inniúlachtaí nó riachtanais sonracha is gá chun freastal ar riachtanais speisialta oideachais an dalta/na ndaltaí.

Ba chóir a bheith cúramach nach mbeidh na critéir ina gcúis le hidirdhealú ar na forais atá leagtha amach in Alt 6(2) de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 - 2008, i.e. inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, treoshuíomh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht sa Lucht Taistil.

- 7.4 Ní foláir nó go léireoidh na critéir a roghnaítear riachtanais na scoile.
- 7.5 Ní osclófar iarratais ach amháin i láthair an Bhoird Roghnúcháin. Ní mór rúndacht a choimeád ó cheann ceann an phróisis.

7.6 Nochtadh leasa/iomláine nósanna imeachta an Bhoird Roghnúcháin:

- Cuirfidh an Bord Bainistíochta in iúl do Chathaoirleach an Bhoird Roghnúcháin go bhfuil sé de fhreagracht ar an mBord Roghnúcháin díriú ar nochtaí leasa/iomláine de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach san aghuisín seo.
- Aon chomhalta den Bhord Roghnúcháin, lena n-áirítear an Cathaoirleach, a bhfuil gaol aige/aici le duine is iarrthóir ar phost, cuirfidh sé/sí an gaol sin, agus nádúr an ghaoil sin, in iúl don Bhord Bainistíochta láithreach. Ní gá gurb ionann gaol gairmiúil ann féin agus coinbhleacht leasa a bheith ann m.sh. bheith tar éis múineadh leo nó obair leo roimhe sin. Sa chomhthéacs sin, ní foláir do chomhaltaí an Bhoird Roghnúcháin nochtheadh a dhéanamh, ní amháin i gcás gaol teaghlaigh, ach maidir le gaol ar bith a d'fhéadfaí a mheas mar ghaol a bheadh dochrach do neamhchlaontacht iomlán sa phróiseas roghnúcháin.
- Tar éis an nochta seo, cinntfidh an Bord Roghnúcháin cibé an mbeidh aon pháirt eile ag an gcomhalta sin sa phlé nó sa chinneadh ar an gceapachán as sin go dtí go ndaingnítear é ar leibhéal an Bhoird Bainistíochta. I gcás ina mheasann an Bord Roghnúcháin go bhfuil údar imní ann maidir le comhalta den Bhord Roghnúcháin, cuirfidh Cathaoirleach an Bhoird Roghnúcháin é sin in iúl do Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta a chuirfidh in iúl don Phátrún é, ach amháin más ionann Cathaoirleach an Bhoird Roghnúcháin agus Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta - sa chás sin níor mhór teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an bPátrún. Ainmneoidh an Pátrún comhalta eile ina (h)ionad, i gcomhairle le Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta.
- Déanfar ann nochtheadh dá leithéid, nádúr an nochta sin agus an cinneadh a thaifeadadh i miontuairiscí Chathaoirleach an Bhoird Roghnúcháin chuig an mBord Bainistíochta ar chríoch an phróisis.

- v. Is féidir go gcuirfí an próiseas ó mhaith mura nochtar aon ghaol.
- 7.7 Roghnófar na hiarratasóirí le haghaidh agallaimh bunaithe ar mheasúnú tosaigh ar na hiarratais i gcomparáid leis na critéir bhunaithe.

8 AGALLAIMH

- 8.1 De ghnáth, ba chóir cuirí chun freastal ar agallamh a eisiúint i scríbhinn nó tríd an ríomhphost laistigh de thrí seachtaine féilire ón dáta deiridh chun iarratais a fháil agus ba chóir an méid seo a leanas a áireamh iontu:
- Fógra seacht lá de dháta, d'am (lasmuigh d'uaireanta scoile) agus de shuíomh agallaimh ar leith.
 - Sonraí na gcritéar atá socraithe maidir leis an bpost.
 - Iarratas ar an iarratasóir a chur in iúl don Bhord Roghnúcháin má tá aon chabhair bhreise ag teastáil uaidh/uaithi i leith riachtanais speisialta.
- 8.2 Ní mór rochtain iomlán a bheith ar ionad na n-agallamh agus go gcomhlíontar an reachtaíocht uile maidir le Míchumas agus Sláinte agus Sábháilteacht ann.
- 8.3 Beidh baint ag gach ceist sna hagallaimh le riachtanais an phoist féin. Ní chuirfear aon cheist ná ní iarrfar ar aon iarratasóir faisnéis a thabhairt a bhféadfaí a fhorléiriú gur ceisteanna idirdhealaitheacha iad.
- Agus baill foirne á roghnú le haghaidh scoileanna ina bhfuil buachaillí amháin nó ina bhfuil cailíní amháin ní mór cúram speisialta a ghlacadh lena chinntiú go dtabharfar comhdheis d'iarratasóirí fir is mná araon, chun iad féin a chur i láthair mar iarratasóirí oiriúnacha, agus nach dtabharfar le tuiscint ó na ceisteanna a chuirfear go bhfuil dearcadh réamhcheaptha ag an mBord Roghnúcháin maidir le hoiriúnacht fir nó mná do phost ar leith.
- 8.4 Éilítear ar gach comhalta den Bhord Roghnúcháin a b(h)ileog mharcála aonair féin a chomhlánú agus í a thabhairt do Chathaoirleach an Bhoird Roghnúcháin nuair atá na hagallaimh críochnaithe.
- 8.5 Déanfar na marcanna aonair a shuimiú agus bainfear úsáid as an marc deiridh do gach iarratasóir chun na hiarratasóirí a mheastar a bheith feiliúnach lena cheapadh a rangú.
- 8.6 Más amhlaidh, tar éis agallaimh, go bhfaigheann níos mó ná iarratasóir amháin na marcanna céanna, ansin ba chóir na hiarratasóirí a rangú ar bhonn sinsearachta mar CRS. Is féidir sinsearachta na CRSanna a dhéanamh amach ón bhfoirm PF1.
- 8.7 Agus an próiseas agallaimh curtha i gcrích, déanfaidh Cathaoirleach an Bhoird Roghnúcháin, thar ceann an Bhoird Bhainistíochta, seiceálacha ar theistiméirí an iarratasóra a fhaigheann na marcanna is airde. San áireamh anseo bheadh teistiméireachtaí a lorg agus a sheiceáil agus a chinntiú gur féidir aon bhearna gan mhíniú sa taifead fostaíochta/curriculum vitae a mhíniú go sásúil.
- Is faoi lánrogha an Bhoird Roghnúcháin a bheidh sé oiriúnacht aon teistiméireachta a chinneadh. Forchoimeádann an Bord Roghnúcháin freisin an ceart ainmneacha teistiméirí eile a iarraidh ó iarratasóir. Ba chóir taifid chuí de na seiceálacha seo a choimeád ar chomhad pearsanra an té atá le ceapadh.
- 8.8 Ba chóir bileoga marcála an iarratasóra féin a chur ar fáil ar iarratas ar chríoch an phróisis earcaíochta.

9 AN TIARRATASÓIR RATHÚIL A CHEAPADH

- 9.1** Ar chríoch an phróisis agallaimh, cuirfidh Cathaoirleach an Bhoird Roghnúcháin tuairisc scríofa faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta, ina leagfar amach:
- i. Gur comhlíonadh na nósanna imeachta roghnúcháin.
 - ii. Cibé ar rinneadh nochtadh leasa/iomláine leis an mBord Roghnúcháin agus toradh an nochta sin.
 - iii. Ainm an iarratasóra is airde rangú a mheastar is oiriúnaí a cheapadh, agus
 - iv. Deimhniú go bhfuarthas teistiméireachtaí oiriúnacha maidir leis an iarratasóir is airde rangú atá ainmnithe lena cheapadh.
- 9.2** Coimeádfaidh Cathaoirleach an Bhoird Roghnúcháin:
- i. Taifead de na marcanna deiridh agus de rangú na n-iarratasóirí. Tabharfar an fhaisnéis seo don Bhord Bainistíochta mar fhostóir, má iarrtar í.
 - ii. Ord fiúntais is féidir a úsáid má dhiúltaíonn an t-iarratasóir is airde rangú a ainmnítear lena cheapadh don phost.
- 9.3** Déanfar teistiméireachtaí na n-iarratasóirí rathúla a sheiceáil sula ndéanfar aon tairiscint ceapacháin.
- 9.4** I gcás ina sonraítear san fhógrán go bhféadfaí painéal inmheánach a chruthú, coimeádfaidh Cathaoirleach an Bhoird Roghnúcháin painéal inmheánach iarratasóirí a mheastar a bheadh oiriúnach le ceapadh in aon phost eile a thiocfadh chun cinn sa scoil laistigh de cheithre mhí ón dáta ar a bhfaomhann an Bord ceapachán an iarrthóra rathúil, faoi réir teistiméireachta(i) oiriúnacha agus ceadú roimh ré ón bPátrún.
- 9.5** Déanfaidh an Bord Bainistíochta an post a thairiscint don iarratasóir is airde rangú a ainmníodh lena cheapadh ach amháin má bhíonn cúis mhaith leordhóthanach aige gan é sin a dhéanamh agus más amhlaidh nárbh eol an chúis sin don Bhord Roghnúcháin - i gcás mar sin déanfar an gnó a chur faoi bhráid an Phátrúin, agus glacfaidh an Bord Bainistíochta lena c(h)ineadh siúd sa ghnó seo.
- 9.6** Níor chóir post a thairiscint don fhostaí ionchasach, go dtí go mbeidh ceadú roimh ré an Phátrúin faighte ag Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta.
- 9.7** Cloífidh fostóirí leis an gcleachtas is fearr maidir leis na nithe seo:
- i. Fíorú doiciméad: Ní mór cáilíochtaí a fhíorú i gcás an iarratasóra is airde rangú a ainmnítear lena cheapadh.
 - ii. Oiriúnacht míochaine: Ceapfar an t-iarratasóir rathúil sa phost faoi réir scagthástáil mhíochaine réamhfhostaíochta a dhéanfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde. Ní mór oiriúnacht mhíochaine an iarratasóra rathúil a dheimhniú sula dtéann an fostaí isteach sa phost.
- 9.8** Déantar gach ceapachán faoi réir chomhlíonadh na riachtanas neamhreachtúla grinnfhiosrúcháin (atá leagtha amach faoi láthair in Imlitir 0063/2010) agus na riachtanais reachtúla grinnfhiosrúcháin nuair a chuirfear tús leo.
- 9.9** Ba chóir go luafaí sa litir thairisceana chuig an iarratasóir rathúil go bhfuil an tairiscint faoi réir na nithe seo a leanas: ceadú an Aire, deimhniú cáilíochtaí agus comhlíonadh ar riachtanais ghrinnfhiosrúcháin an Gharda (féach 9.8), agus scagthástáil míochaine réamhfhostaíochta sula dtosaítear sa phost.
- 9.10** Chomh luath is a fhaigheann an Bord Bainistíochta fógra i scríbhinn go bhfuil an t-iarratasóir rathúil ag glacadh an phoist, cuirfear na hagallaithe mírathúla go léir ar an eolas.
- 9.11** Ní mór conradh dúblach a ullmhú, a shíneoidh an dá pháirtí i.e. an fostóir agus an t-iarratasóir rathúil roimh an dáta ar a dtosóidh an fhostaíocht.

- 9.12** Ba chóir don iarratasóir rathúil agus an fostóir araon an Fhoirm Cheapacháin do Chúntóirí Riachtanas Speisialta don scoilbhliain ábhartha a chomhlánú agus í a chur ar aghaidh chuig an bPámháistir a luaithe is féidir le cinntiú go gcuirtear ainm an CRS nuacheaptha leis an bPárolla a luaithe is féidir.

10. ORD SINSEARACHTA

- 10.1** Socróidh an fostóir an t-ord sinsearachta bunaithe ar na téarmaí aontaithe a gheofar sna himlitreacha ábhartha atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne.

11. CONARTHAÍ FOSTAÍOCHTA

Ní mór Conradh fostaíochta a sholáthar do na daoine a cheapfar.

12. AN CEAPACHÁN A CHUR IN IÚL DON ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA

- 12.1** Nuair a bheidh próiseas na gceapachán comhlánaithe mar atá léirithe thuas, déanfaidh na Boird Bhainistíochta an fhoirm “Fógra Ceapacháin – Cúntóirí Riachtanas Speisialta” atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne www.education.ie a chomhlánú agus a chur chuig

Párolla na Foirne Neamh-mhúinteoireachta,
An Rannóg Párolla
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Cor na Madadh
Baile Átha Luain
Co. na hIarmhí
N37 X659

13. COMHLÍONADH

- 13.1** Ní mór do gach fostóir agus CRS cloí leis na rialacháin agus na nósanna imeachta atá leagtha amach san aguisín seo. Ní bheidh an Roinn faoi dhliteanas maidir le haon chostais, oibleagáidí nó maoiniú conarthaí, a eascraíonn as loiceadh cloí le téarmaí an aguisín seo.
- 13.2** Coinneoidh gach fostóir nósanna imeachta éifeachtacha i bhfeidhm le cinntiú go ndéantar ceapacháin CRSanna de réir na nósanna imeachta atá sonraithe san aguisín seo agus de réir imlitreacha ábhartha eile na Roinne.
- 13.3** Féadfaidh an Roinn scrúdú a dhéanamh ar thaifid cheapacháin CRSanna. Ní mór don fhostóir gach doiciméad a bhaineann le ceapadh múinteoirí, a liostaítear in bparagraf 14 thíos, a choimeád i dteannta na dtaifead pearsanra ábhartha. Lena chois sin, ní mór don fhostóir fianaise dheimhnithe ar chomhlíonadh na riachtanas a choimeád ar comhad chun críocha cuntasaithe agus iniúchta. Cuirfidh an fostóir cóip den fhaisnéis seo ar fáil don Roinn, má iarrtar í.

14. TAIFEAD NA NDOICIMÉAD ATÁ LE COIMEÁD AG ÚDARÁIS SCOILE

- a)** Ní mór na doiciméid seo a leanas a choimeád go sábháilte sa scoil, i gcás gach ceapachán CRS:

1	Cóip den fhógrán.	
2	Na hiarratais ar an bpost.	

3	Na critéir do mheasúnú na n-iarratasóirí.	
4	Cóip dheimhnithe d'Fhoirm Painéil 1 (PF1) (má bhaineann)	
5	Aon doiciméad agus/nó nótaí a chum an Bord Roghnúcháin.	
6	Tuairisc an Bhoird Roghnúcháin - lena n-áirítear deimhniú ar fhíorú teistiméireachtaí ó fhostóirí roimhe seo.	
7	Cóip de cháilíochtaí oideachais an iarratasóra.	
8	Déantar gach ceapachán faoi réir chomhlíonadh na riachtanas neamhreachtúla grinnfhiosrúcháin (atá leagtha amach faoi láthair in Imlitir 0063/2010) agus na riachtanais reachtúla grinnfhiosrúcháin nuair a chuirfear tús leo.	
9	Cóip den deimhniú maidir le hoiriúnacht mhíochaine a fuarthas ón tSeirbhís Sláinte Cheirde.	
10	Aon doiciméad eile a bhaineann le ceapacháin CRSanna aonair.	
11	Taifead d'fhaomhadh an cheapacháin ón bPátrún.	
12	Cuid amháin den chonradh fostaíochta comhlánaithe i.e. sínithe ag an bhfostóir agus ag an CRS.	
13	Cóip den fhoirm cheapacháin comhlánaithe ag an dá pháirtí, a cuireadh faoi bhráid an phámháistir.	

- b)** Coimeádfaidh an scoil gach taifead a bhaineann leis an iarratasóir rathúil go ceann tréimhse na fostaíochta móide 7 mbliana.
- c)** Ba chóir doiciméid a choimeád go ceann tréimhse 18 mí i gcás iarratasóir(i) neamhrathúla, lena n-áirítear iarratasóirí nár cuireadh ar ghearrliosta le haghaidh agallaimh, faoi réir na nósanna imeachta um Chosaint Sonraí.